

# An Doras a Oscailt d’Oidhreacht na hÉireann:

Bailiúchán de Thionscadail Oifigeach Oidhreachta in Údaráis Áitiúla

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# Contents


Fáilte ón gCathaoirleach 1

Focal ón gCumann Bainistíochta Contaetha agus Cathracha (CBCC) 3

Eolas faoin gComhairle Oidhreachta agus faoi Chlár na nOifigeach Oidhreachta in Údaráis Áitiúla 5

Oifigigh Oidhreachta 7

Scoil Náisiúnta Ráth Ana – Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile
Comhairle Contae Cheatharlach 10

Pobail na Slite Órga – An Áilleacht inár nÁiteanna
Comhairle Contae an Chabháin 14

Teach Feirme Hastings
Comhairle Contae an Chláir 18

Athchóiriú Chlog Uí Mhongáin
Comhairle Cathrach Chorcaí 22

Sraith Foilseachán ar Oidhreacht Chontae Chorcaí
Comhairle Contae Chorcaí 26

Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh
Comhairle Contae Dhún na nGall 30

More than Concrete Blocks
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 34

Seandálaíocht Phobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 38

Droim Meánach a Thochailt
Comhairle Contae Fhine Gall 42

**Tionscadal na dTrí Chaisleán**
Comhairle Cathrach na Gaillimhe 46

**Féile na gCloch**
Comhairle Contae na Gaillimhe 50

**Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Lios Tuathail**
Comhairle Contae Chiarraí 54

**Caomhnú Mhásailéim Phirimide Mhaidilín**
Comhairle Contae Chill Dara 58

**Suirbhé ar Thoibreacha Beannaithe Chill Chainnigh**
Comhairle Contae Chill Chainnigh 62

**Seaneaglais agus Reilig Pheadair**
Comhairle Contae Laoise 66

**An Tionscadal 'Mummers' Join'**
Comhairle Contae Liatroma 70

**Ciste na Séadchomharthaí Pobail**
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 74

**Bunachar Sonraí ar Líne Chontae an Longfoirt de Phearsanra Míleata**
Comhairle Contae an Loingfoirt 76

**Mionlogainmneacha agus Seanbhóithre Leithinis Chuaille a Mhapáil**
Comhairle Contae Lú 80

**Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo**
Comhairle Contae Mhaigh Eo 84

**Wild Teaching**
Comhairle Contae na Mí 88

**Magic Under Monaghan**
Comhairle Contae Mhuineacháin 92

**Cartlann Uíbh Fhailí**
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí 96

**Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan**
Comhairle Contae Ros Comáin 100

**Dún Glas Shligigh a athaimsiú**
Comhairle Contae Shligigh 104

**An Túr a Shnáithiú – Cloigtheach Chluain Dolcáin a Athshamhlú**
Comhairle Contae Átha Cliath Theas 108

**An Mhonarcha Lámhainní**
Comhairle Contae Thiobraid Árann 112

**Tionscadal Innilte Cheann Airde Móire**
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 116

**Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí**
Comhairle Contae na hIarmhí 120

**Oibreacha Caomhnaithe Chaisleán Fhiodh Ard**
Comhairle Contae Loch Garman 124

**Tionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis**
Comhairle Contae Chill Mhantáin 128




# Fáilte ón gCathaoirleach



Tá áthas orm 'An Doras a Oscailt d'Oidhreacht na hÉireann: Bailiúchán de Thionscadail Oifigeach Oidhreachta in Údaráis Áitiúla' a chur i láthair. Is léiriú iontach é an leabhrán seo ar an ról ríthábhachtach atá ag Oifigigh Oidhreachta in Údaráis Áitiúla i dtaobh oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a bhainistiú.

Tá éagsúlacht mhór ina gcuid oibre agus go leor snáitheanna difriúla ag baint léi. Ní hamháin go gcuireann siad comhairle, treoir agus eolas ar fáil ar gach gné den oidhreacht, ach aimsíonn siad maoiniú, tugann faoi thaighde, bailíonn sonraí, agus forbraíonn agus stiúrann neart tionscadail ardspreagúla agus tharraingteacha. Oibríonn Oifigigh Oidhreachta le feasacht a ardú go háitiúil, rud a spreagann pobail le meas a bheith acu ar an oidhreacht atá acu ina gceantar féin agus úinéireacht a ghlacadh ar gach uile fhoirm di.

Is é an rud a bhaintear amach i ndeireadh na dála mar thoradh ar a gcuid oibre ar fad, ámh, ná go n-osclaíonn sé an doras ar ár n-oidhreacht do dhaoine ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin ionas gur féidir leo go léir taitneamh a bhaint aisti agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann léi.

Meabhrú iad na scéalta atá faoi thrácht sa leabhrán seo – amhail an tionscadal 'Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile' i gCeatharlach, Tionscadal na dTrí Chaisleán i gCathair na Gaillimhe, Suirbhé na dTobar Beannaithe i gCill Chainnigh agus Cartlann Uíbh Fhailí – go mbeadh gnéithe dár n-oidhreacht caillte, imithe i léig, nó ligthe i ndearmad in éagmais shaothar na nOifigeach Oidhreachta.

Déanann tionscadail amhail 'An Túr á Snáithiú' i mBaile Átha Cliath Theas agus 'Tionscadal Cheangal na gCleamairí' i Liatroim a gcion féin le scileanna agus traidisiúin oidhreachta a choinneáil beo; agus tá 'Tionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis' i gCill Mhantáin agus an tionscadal innilte ar Cheann Airde Móire i bPort Láirge ina gcuid de shraith tionscadail nuálacha atá faoi stiúir Oifigeach Oidhreachta arb aidhm leo ár n-oidhreacht nádúrtha shaibhir a chosaint.

I dteannta a chéile, tugann na tionscadail sa leabhrán seo léargas iontach ar an tionchar suntasach a bhíonn ag saothar Líonra na nOifigeach Oidhreachta ar ár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha. Tarraingíonn siad aird freisin ar an áilleacht ar leith agus na scéalta spéisiúla atá i limistéar gach údaráis áitiúil.

Tá Líonra na nOifigeach Oidhreachta ag fás agus ag forbairt i gcónaí ó bunaíodh

siar in 1999 é, agus in 2021, den chéad uair riamh, bhí a Oifigeach Oidhreachta féin ag gach uile údarás áitiúil. Tá ag éirí go hiontach leis an gclár agus is cúis bhróid don Chomhairle Oidhreachta é go bhfuil sí ag tacú leis agus á mhaoiniú ón gcéad lá riamh.

Thar ceann na Comhairle Oidhreachta, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil leis na hOifigigh Oidhreachta go léir san am atá caite agus san am i láthair as an obair chrua atá curtha isteach acu, as coinneáil léi, as an teacht aniar atá léirithe acu, agus as an dúthracht atá caite acu le hoidhreacht na hÉireann a chosaint.

Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil freisin leis na húdaráis áitiúla ar fad agus leis an gCumann Bainistíochta Contaetha agus Cathracha (CBCC) as dul i gcomhar linn le Líonra na nOifigeach Oidhreachta a reáchtáil.

Tá súil agam go mbainfidh gach duine taitneamh as na scéalta iontacha atá le léamh sa leabhrán seo.

An Dr. Martina Moloney
*Cathaoirleach na Comhairle Oidhreachta*

# Focal ón gCumann Bainistíochta Contaetha agus Cathracha (CBCC)



Tugann bailiúchán na dtionscadal atá sa leabhrán seo léargas iontach grinn ar an obair dhochreidte a dhéanann Oifigigh Oidhreachta ar fud na tíre ag leibhéal na n-údarás áitiúil.

Léiriú soiléir é an líon mór tionscadal atá ann ar a mhéad gnéithe éagsúla a bhíonn i gceist leis an mbainistíocht oidhreachta. Tá tionscadail ann leis an gcomhshaol a chosaint, tionscadail eile le foirgnimh agus séadchomharthaí a athchóiriú nó a chaomhnú, gan trácht ar thionscadail arb aidhm leo scileanna dúchasacha agus traidisiúin sheanbhunaithe a choinneáil beo.

Mar sin féin, tá níos mó i gceist le saothar na nOifigeach Oidhreachta ná déantáin agus cleachtais an ama atá thart a chosaint agus a chaomhnú amháin. Tá i gceist leis freisin pobail a spreagadh le bheith páirteach agus ról gníomhach a imirt i gcaomhnú agus forbairt a n-oidhreachta áitiúla, deiseanna a thabhairt do mhuintir na háite léamh eile a thabhairt ar a n-oidhreacht, agus struchtúir nó ceantair atá imithe i léig a aithint agus cur le chéile leis an anam a chur ar ais iontu.

Is éard a bhaintear amach mar thoradh ar a leithéid de thionscadail i ndáiríre ná go gcuireann siad le saibhreas ár bpobal agus ár gceantar áitiúil agus go méadaíonn siad na leibhéil idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta, rudaí a chothaíonn braistint bhróid, ómóis áite agus chómhuintearais.

Is é Líonra na nOifigeach Oidhreachta atá i gcroílár an tsaothair sin ar fad. Bunaíodh é tráth a raibh ré nua rialtais áitiúil ar na bacáin, ré a bhí bunaithe ar mheas agus tuiscint ar ár n-oidhreacht áitiúil agus náisiúnta, agus tugtar sa leabhrán seo léargas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus ar an méid atá bainte amach ó shin.

Tá tábhacht ollmhór ag baint le hOifigigh Oidhreachta agus lena gcuid oibre ó thaobh airgid de chomh maith. Agus creatlach stairiúil ár n-áiteanna á caomhnú acu, meallann siad turasóireacht inbhuanaithe chun cathracha, bailte agus sráidbhailte.

Samhlaigh Cathair Chorcaí gan Clog Uí Mhongáin, nó Béal Átha Seanaidh gan an lár stairiúil, nó Port Laoise gan Sean-Eaglais agus Reilig Pheadair. Is é Líonra na nOifigeach Oidhreachta a dhéanann cinnte de nach ligimid do na rudaí ríluachmhara sin imeacht chun raice ná imeacht i léig.

Agus mé ag léamh trí na scéalta anseo, is é an rud ba mhó a sheas amach domsa ná raon agus líon na ndaoine aonair, na ngrúpaí agus na maoinitheoirí a raibh baint

acu le gach aon tionscadal. Tá sé thar a bheith deacair réimse chomh héagsúil sin de pháirtithe leasmhara a choinneáil ar aon intinn le chéile agus an beart a thabhairt chun críche mar sin féin.

Is é sin an obair a dhéanann na hOifigigh Oidhreachta gan stad ná staonadh, agus táimid faoi chomaoin mhór acu. Thar ceann an CCMA, molaim as a ndúthracht iad.

Amhail an Chomhairle Oidhreachta, is údar bróid dúinn a bheith mar chomhpháirtí i gClár na nOifigeach Oidhreachta in Údaráis Áitiúla, agus tá súil agam go mbainfidh gach duine taitneamh as bheith ag léamh faoi na tionscadail seo go léir a ndéanann a gcion féin lenár n-oidhreacht choiteann a choinneáil agus a fheabhsú.

John Mulholland
*Cathaoirleach an Chumainn Bainistíochta Contaetha agus Cathracha (CBCC)*
*An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta*




# An Chomhairle Oidhreachta
# The Heritage Council

**Comhlacht poiblí is ea an Chomhairle Oidhreachta** agus é mar ról aici beartais a mholadh lenár n-oidhreacht náisiúnta a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. Oibrímid i gcomhpháirt le pobail áitiúla, údaráis áitiúla, grúpaí deonacha, ranna rialtais agus institiúidí náisiúnta cultúrtha le tacú le tionscadail a mbeidh tionchar dearfach sóisialta agus eacnamaíoch ag baint leo a mhairfidh i bhfad.

**Is clár é Clár na nOifigeach Oidhreachta in Údaráis Áitiúla** atá á reáchtáil ag an gComhairle Oidhreachta agus ag na húdaráis áitiúla i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contaetha agus Cathracha (CBCC). Fostaíonn gach údarás áitiúil sa tír (31 ceann san iomlán) Oifigeach Oidhreachta ar leith a labhraíonn amach ar son na hoidhreachta ar leibhéal na n-údarás áitiúil.



Sainaithin    Cosain    Caomhnaigh    Feabhsaigh




# Oifigigh Oidhreachta

| Údarás Áitiúil | Oifigeach Oidhreachta | Teileafón | Ríomhphost |
|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Cheatharlach | An Dr. Eoin O'Sullivan | 059 9129705 | esullivan@carlowcoco.ie. |
| Comhairle Contae an Chabháin | Anne-Marie Ward | 049 437 8614 | amcurley@cavancoco.ie |
| Comhairle Contae an Chláir | John Treacy | 065 684 6408 / 682 1616 | jtreacy@clarecoco.ie |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | Niamh Twomey | 021 492 4018 | niamh_twomey@corkcity.ie |
| Comhairle Contae Chorcaí | Conor Nelligan | 021 428 5905 | conor.nelligan@corkcoco.ie |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | An Dr. Joe Gallagher | 074 917 2576 | j.gallagher@donegalcoco.ie |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Charles Duggan | 01 222 2856 | charles.duggan@dublincity.ie |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Deirdre Black | 01 2054700 | dblack@dlrcoco.ie |
| Comhairle Contae Fhine Gall | Christine Baker | 01-890 5691 | christine.baker@fingal.ie |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An Dr. Jim Higgins | 091 526 574 | jim.higgins@galwaycity.ie |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | Marie Mannion | 091 509 198 | mmannion@galwaycoco.ie |

| Údarás Áitiúil | Oifigeach Oidhreachta | Teileafón | Ríomhphost |
| --- | --- | --- | --- |
| Comhairle Contae Chiarraí | Victoria McCarthy | 066 7183793 | vmccarthy@kerrycoco.ie |
| Comhairle Contae Chill Dara | Bridget Loughlin | 045 980 791 | bloughlin@kildarecoco.ie |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | Regina Fitzpatrick | 056 779 4925 | regina.fitzpatrick@kilkennycoco.ie |
| Comhairle Contae Laoise | Thomas Carolan | 057 8674348 | tcarolan@laoiscoco.ie |
| Comhairle Contae Liatroma | Sarah Malone | 071 9620005 | smalone@leitrimcoco.ie |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | Tom O'Neill | 061 557229 | heritage@limerick.ie |
| Comhairle Contae an Longfoirt | Máiréad Ní Chonghaile | 043 3341124 | heritage@longofordcoco.ie |
| Comhairle Contae Lú | Brendan McSherry | 042 9392969 | brendan.mcsherry@louthcoco.ie |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | An Dr. Deirdre Cunningham | 094 906 4092 | dcunningham@mayococo.ie |
| Comhairle Contae na Mí | An Dr. Loreto Guinan | 046 909 7507 / 909 7500 | lguinan@meathcoco.ie |
| Comhairle Contae Mhuineacháin | Earcaíocht ar bun | 047 73722 | heritage@monaghancoco.ie |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | Amanda Pedlow | 057 934 6839 / 934 6800 | heritage@offalycoco.ie |



| Údarás Áitiúil | Oifigeach Oidhreachta | Teileafón | Ríomhphost |
| --- | --- | --- | --- |
| Comhairle Contae Ros Comáin | Nollaig Feeney | 090 663 7100 / 663 7135 | heritage@roscommoncoco.ie |
| Comhairle Contae Shligigh | Siobhán Ryan | 071 911 4482 / 9111 111 | sryan@sligococo.ie |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | An Dr. Rosaleen Dwyer | 01 414 9222 / 414 9000 | rdwyer@sdublincoco.ie |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | Róisín O'Grady | 076 106 6213 | roisin.ogrady@tipperarycoco.ie |
| Comhairle Contae Phort Láirge | Bernadette Guest | 051 849 668 | bguest@waterfordcouncil.ie |
| Comhairle Contae na hIarmhí | Melanie McQuade | 044 9332098 | melanie.mcquade@westmeathcoco.ie |
| Comhairle Contae Loch Garman | Earcaíocht ar bun | 053 9196453 | heritage.biodiversity@wexfordcoco.ie |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | Deirdre Burns | 0404 20100 / 20191 | dburns@wicklowcoco.ie |




# Scoil Náisiúnta Ráth Ana – Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile

COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

Scríobh ar sclátaí le cailc, tinte guail a lasadh sa seomra ranga le coinneáil te sa gheimhreadh, buicéid uisce a tharraingt ó thobar i bpáirc in aice láimhe, caid agus iománaíocht a imirt ar pháirc ar gheall le portach í gar don scoil, agus fáil faoi réir le haghaidh chuairt an chigire scoile, rud a d'fhág idir na daltaí agus na múinteoirí scanraithe – níl iontu sin ach roinnt de na cuimhní cinn atá ag iar-dhaltaí agus iar-mhúinteoirí de chuid Scoil Náisiúnta Ráth Ana i ndeisceart Cheatharlach.

Taifeadadh na cuimhní cinn sin in 2023 mar chuid den tionscadal 'Scoil Náisiúnta Ráth Ana – Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile'. Is í Craobh Ráth Ana de Bhantracht na Tuaithe a dhear an tionscadal staire béil seo. Thacaigh Eoin Sullivan, Oifigeach Oidhreachta Cheatharlach, leis agus fuair sé maoiniú ón gComhairle Oidhreachta faoin Scéim Deontas Oidhreachta Pobail.

D'eascair an tionscadal as imeacht a bhí ar siúl mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta in 2022 ag ar tugadh iar-mhúinteoirí, iar-dhaltaí, a muintir agus baill eile den phobal áitiúil le chéile sa seanteach scoile i Ráth Anna, arb é halla pobail an tsráidbhaile anois é. Dúnadh an scoil sa bhliain 1968, tráth ar aistríodh na daltaí go léir go Scoil Náisiúnta na Buiríse.

Ag an ócáid, chuaigh siad siúd a bhí i láthair siar ar bhóithrín na smaointe chuig a laethanta scoile agus roinn siad na cuimhní cinn a bhí acu. Bhí a lán cur agus cúiteamh ann agus iad ag iarraidh



aghaidheanna a aithint sna seanghri-anghraif a bhí acu.

Spreag an spleodar agus an bheocht a bhí le brath ag an ócáid an smaoineamh don tionscadal 'Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile', rud a raibh baill de Bhantracht na Tuaithe sásta dul ina bhun ach taighde a dhéanamh ar stair na scoile agus sraith agallaimh físe a thaifeadadh. Is éard b'aidhm leis an tionscadal ná scéalta agus cuimhní cinn iar-dhaltaí agus iar-mhúinteoirí a bhailiú ina nguthanna féin, agus taifead digiteach a dhéanamh ar an ngné sin den stair shóisialta áitiúil do na glúnta atá le teacht.

Óir gur dearadh ar an gcéad dul síos é mar thionscadal inbhuanaithe, chuaigh an grúpa de chuid Bhantracht na Tuaithe faoi oiliúint sa stair bhéil, a chuir an Dr. Ida Milne ó Choláiste Cheatharlach ar fáil. Cuireadh na scileanna nua sin i bhfeidhm ansin, agus rinne an grúpa agallaimh físe a eagrú agus a thaifeadadh le 12 iar-dhaltaí agus beirt iar-mhúinteoirí. Bhí na hagallaimh ar siúl sa seanteach scoile agus i dtithe na rannpháirtithe féin.



Páistí scoile i Ráth Ana (1954), le caoinchead ó Chraobh Ráth Ana de Bhantracht na Tuaithe.

Chuir Patrick Bramley ó Ulab Studio na hagallaimh sin in eagar ansin agus cuireadh le chéile in aon fhíseán amháin iad, a áirítear ann píosaí scannánaíochta d'áilleacht cheantar Ráth Ana.

Taispeánadh an físeán den chéad uair in iar-Scoil Náisiúnta Ráth Ana le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, 2023. Bhí idir óg agus aosta ann le breathnú ar an bhfíseán, le cloisteáil faoin obair thaighde a rinne Bantracht na Tuaithe, le doiciméid a bhain leis an scoil a léamh, agus le bualadh le hiar-daltaí agus iar-mhúinteoirí. Bhí beirt iar-dhaltaí atá san fhíseán, Martin Shannon agus Paddy Ryan, ag ceol ag an imeacht.

Tá sé i gceist ag baill Chraobh Ráth Ana de Bhantracht na Tuaithe tuilleadh a chur leis an tionscadal 'Cuimhní Cinn ar ár Laethanta Scoile', agus leas a bhaint as na scileanna agus as an taithí nua atá anois acu le tabhairt faoi thionscadail oidhreachta cultúrtha eile i ndeisceart Cheatharlach.




https://www.youtube.com/watch?v=e9IihQvy6TM



# Pobail na Slite Órga – An Áilleacht inár nÁiteanna

COMHAIRLE CONTAE AN CHABHÁIN



An saothar ealaíne deiridh le haghaidh Shlí Órga Pháirc na bhFianna.

Tá spéis athnuaite á cur in áiteanna áille i ngan fhios ar fud cheantair thuaithe an Chabháin ó seoladh siúlóidí na Slite Órga agus an tionscadal comhoibritheach ealaíne agus cruthaitheachta 'Pobail na Slite Órga – An Áilleacht inár nÁiteanna', tionscadal inar tugadh ealaíontóirí agus pobail le chéile le freagairt chruthaitheach a thabhairt ar an tSlí Órga.

Is tionscnamh pobail tuaithe é tionscadal na Slite Órga, atá á reáchtáil ag Comhairle Contae an Chabháin le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

I measc aidhmeanna an tionscadail bhí cabhrú agus tacú le pobail tuaithe bóthardhreacha agus siúlóidí den scoth a aithint agus a chur chun cinn; aitheantas agus luach saothair a thabhairt do phobail a bhfuil iarracht déanta acu gnéithe oidhreachta na mbóithre agus na siúlóidí sin a chaomhnú; dea-chleachtas a chur chun cinn i dtaobh gnéithe oidhreachta na mbóthardhreach sa chontae a thaifeadadh agus a bhainistiú; agus an pobal tuaithe féin a neartú.

D'eascair an tionscadal as Comórtas an Mhíle Órga, a bhí ar siúl ar feadh roinnt blianta sa Chabhán agus i roinnt contaetha eile, agus ghlac an-chuid pobal agus grúpaí áitiúla páirt sa chomórtas síos trí na blianta. Áiríodh leis sin iarratais ar Ghradaim na Slite Órga a chur i dtoll a chéile agus a chur isteach sa chaoi go bhféadfaí foireann neamhspleách measúnóirí athbhreithniú agus scóráil a dhéanamh orthu.

Is caighdeán barr feabhais é Gradam na Slite Órga a bhronntar ar shiúlóid tuaithe den chéad scoth atá suimiúil agus a gcoinnítear dea-bhail uirthi. Go dtí seo, tá naoi siúlóid sa Chabhán ainmnithe mar shiúlóidí Slí Órga.

Tá na pobail a bhfuil cónaí orthu taobh leis na Slite Órga sin an-bhródúil astú agus as an ngradam atá tuillte acu. Bhí muintir na háite chomh bródúil sin as na Slite Órga agus chomh tógtha sin leo gur smaoinigh an tOifigeach Oidhreachta i gComhairle Contae an Chabháin, Anne-Marie Ward, ar thionscadal forlíontach ealaíne agus cruthaitheachta darb ainm 'Pobail na Slite Órga – An Áilleacht inár nÁiteanna' d'fhonn na siúlóidí a dhéanamh níos taitneamhaí fós dóibh siúd a mbaineann úsáid astú.

Is éard is bun agus barr an tionscadail chomhoibríoch ná a bheith ag obair le pobail agus le healaíontóirí chun freagairt chruthaitheach a thabhairt ar ghnéithe éagsúla den oidhreacht atá le feiceáil ar na Slite Órga. Chuir an Chomhairle Oidhreachta agus Éire Ildánach maoiniú ar fáil leis an tionscadal a chur i gcrích, agus cheap Oifig Oidhreachta an Chabháin beirt daoine cruthaitheacha, an t-amharcealaíontóir Jackie O'Neill agus an file Heather Brett, le dul i gcomhar leis na pobail rannpháirteacha.

Mar chuid den chomhoibriú idir na pobail agus na daoine cruthaitheacha bhí roinnt ceardlanna faoi stiúir na n-ealaíontóirí agus siúlóidí le chéile. Ina dhiaidh sin d'fhorbair Jackie O'Neill agus




An chomharthaíocht le haghaidh Shlí Órga Charraig na Madadh.



Nochtadh na comharthaíochta nua le haghaidh Shlí Órga Jampa Ling.

Heather Brett a bhfreagairt ealaíonta ar gach Slí Órga. Pléadh na freagairtí sin le gach pobal ag cruinnithe comhairliúcháin sular forbraíodh ina gcomharthaí áille iad le haghaidh na Slite Órga éagsúla.

De bharr gur cuireadh tús leis an tionscadal agus Covid-19 fós thart, is iomaí dúshlán a bhí le sárú. Ina ainneoin sin, bhíothas in ann an comhartha nua don chéad cheann de na siúlóidí, Slí Órga Theampall an Phoirt, a sheoladh le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, 2020.

Ó shin tá comharthaí eile curtha in airde ar chúig Shlí Órga eile le haird a tharraingt ar ghné uathúil den oidhreacht a bhaineann leis an tsiúlóid atá i gceist.

Tá na saothair ar fad á gcur chun cinn ag Oifig Oidhreachta an Chabháin chomh maith, dream a raibh sé mar aidhm acu leas a bhaint as an tionscadal d'fhonn ardán a chur ar fáil leis an gcruthaitheacht a éascú i ngach pobal. Dar le Anne-Marie, ceann de na rudaí ba mhó a chuaigh i bhfeidhm uirthi ná nuair a nochtadh freagairt an ealaíontóra agus an fhile ar gach ceann de na Slite Órga do na pobail féin, a bhí an-chorraithe i roinnt mhaith cásanna.

Fuarthas aiseolas dearfach maidir leis an tionscadal ó gach taobh. Ní hamháin gur chabhraigh sé leis na Slite Órga a chur chun cinn agus feasacht orthu a mhéadú, ach bhain baill de na pobail rannpháirteacha taitneamh as gnéithe sóisialta an tionscadail freisin agus chuir siad in iúl go raibh éifeachtaí dearfacha aige ar a sláinte agus ar a bhfolláine ar an iomlán.



An saothar ealaíne deiridh le haghaidh Shlí Órga Jampa Ling.



# Teach Feirme Hastings

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

Radharc ar an gceann tuí ón taobh istigh de Theach Feirme Hastings.

Struchtúr dúchasach de chuid an 19ú haois is ea Teach Feirme Hastings, atá suite i mbaile fearainn Thulaigh Uí Bhearga laistigh den cheantar a dtugtar Sionainn anois air, gar don inbhear ar an mbealach ársa isteach i dTulaigh Uí Bhearga (bóithrín darb ainm Slí na Mara anois). Tá tábhacht stairiúil ar leith ag baint leis mar gheall ar an ról a bhí aige le linn Chogadh na Saoirse, tráth a raibh sé ina theach sábháilte don Ghinearál Lucas, an t-oifigeach Briotanach ab airde céim a gabhadh le linn na coimhlinte.

Is léiriú é an teach feirme ar shaol traidisiúnta tuaithe na hÉireann sa 19ú haois. Teach cinn tuí simplí aon stór a bhí ann, a raibh díon gabhail éadain air agus spásanna maireachtála riachtanacha ann. Sa teach bhí príomhchistin/limistéar maireachtála le teallach, dhá sheomra leapa bheaga, parlús beag agus lochta le haghaidh cóiríocht agus stóráil bhreise.

Bhí cónaí ar mhuintir Hastings sa teach go dtí tús na 1970idí gan fáil a bheith acu ar áiseanna nua-aimseartha ar nós an leictreachais agus an uisce reatha, iad ag brath ina n-ionad sin ar lampaí ceirisín, coinnle agus uisce ón tobar.

Duine suntasach i stair an tí feirme ab ea John Hastings, duine den teaghlach a bhí ina chónaí sa teach go dtí go bhfuair sé bás ag tús na 1970idí. Rugadh sa bhliain 1881 é agus bhí sé ar an duine deireanach de mhuintir Hastings a bhí ina chónaí ann. Thóg a thuismitheoirí, Daniel Hastings agus Mary Sweeney, a gclann sa teach, agus lean Mary ar aghaidh tar éis bhás Daniel in 1888.



Bhí aithne mhaith ar na Hastings sa cheantar, agus is cuimhin le daoine de mhuintir na háite, ar nós Mary Hanley, cuairteanna ar an teach, chomh maith le heachtraí suntasacha staire, amhail Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad, a phlé le John Hastings.

Tá níos mó i gceist le hoidhreacht an tí feirme ná an teaghlach amháin, agus ní haon áibhéil a rá go bhfuil sé fite fuaite i gcultúr agus stair an cheantair. Mol a bhí ann don phobal agus don bhéaloideas, áit a raibh muintir Hastings agus cuairteoirí in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí traidisiúnta ar nós im a dhéanamh agus scéalta a roinnt a choinnigh an oidhreacht áitiúil beo.



Seomra suí/cistin an tí.



Rang idirbhliana ag tabhairt cuairt ar an teach in 2021.

Tá Dúchas na Sionna, grúpa oidhreachta áitiúil, lárnach sna hiarrachtaí le Teach Feirme Hastings a chaomhnú ó bhí 2012 ann. I gcomhar le Cumann Seandálaíochta agus Staire Shionainne, d'oibrigh siad leis an sainchomhartha áitiúil seo a chosaint trí stádas mar 'Struchtúr Cosanta' a fháil ó Chomhairle Contae an Chláir.

Nuair a fuarthas amach go raibh an teach tógtha go páirteach de dhóib, ábhar tógála a bhí annamh go leor sa réigiún, leagadh béim arís eile ar a uathúla a bhí an struchtúr. D'fhág iarrachtaí tiomsaithe airgid agus na deontais a fuarthas go rabhthas in ann speisialtóir caomhnaithe a fhostú le ballaí an tí feirme a chomhdhlúthú.

Bhí meascán de thithe amuigh ag an teach feirme freisin a d'úsáidtí i gcomhair na feirmeoireachta. Bhí na tithe amuigh sin liostaithe i dtuairisceáin Dhaonáireamh 1911 agus áiríodh leo teach bó, tithe laonna, uachtarlann, teach muc, teach éanlaithe, scioból agus seid. Sa lá atá inniu ann, níl fágtha ach dhá struchtúr bheaga san áit a raibh na naoi dteach amuigh bunaidh.

Ní hamháin go dtugann Teach Feirme Hastings léargas ar an saol tuaithe mar a bhí sé in Éirinn sa 19ú haois ach is leacht cuimhneacháin de chineál éigin é mar gheall ar an ról a bhí aige i gCogadh na Saoirse. Cinntíonn an dianobair atá curtha isteach ag Dúchas na Sionna agus ag an bpobal i gcoitinne leis an teach feirme a athchóiriú agus a chaomhnú nach ndéanfar dearmad ar an ngné seo den oidhreacht áitiúil agus go mbeidh an pobal in ann é a cheiliúradh agus leas a bhaint as go ceann i bhfad.



Ceardlann chréthógála ag an teach in 2022.




# Athchóiriú Chlog Uí Mhongáin

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ

Ball troscáin sráide cáiliúil é Clog Uí Mhongáin a bhfuil tábhacht oidhreachta ag baint leis. Rinneadh oibreacha athchóirithe agus deisiúcháin air in 2023 agus anois tá sé réidh le leanúint air mar fhinné balbh ar shaol Chathair Chorcaí go ceann i bhfad.

Tá an clog iarainn teilgthe ina sheasamh ar Shráid Phádraig, an príomhbhealach trí Chathair Chorcaí, le breis is 170 bliain anuas, áit ar tháinig sé slán as cogaí, Loscadh Chorcaí, tógáil Ionad Si-opadóireachta Ché na gCeannaithe agus athdhearadh iomlán na sráide sna 1990idí.

Tá sé ainmnithe as Seodóirí Uí Mhongáin, gnóthas teaghlaigh de dhéantóirí clog agus seodóirí a raibh clú agus cáil orthu. Ó 1817 go dtí deireadh na 1980idí bhí a siopa suite san áit a bhfuil an bealach isteach chuig Ionad Si-opadóireachta Ché na gCeannaithe anois.

D'íoc Seodóirí Uí Mhongáin as suiteáil an chloig, a bhí oibrithe ar dtús ag meicníocht taobh istigh d'fhuinneog an tsiopa a bhí nasctha leis an gclog ag seafta a chuaigh faoi bhun an chosáin agus suas taobh istigh den cholún. Is mar sin a d'oibrigh an clog go dtí go ndearnadh an mheicníocht a leictriú blianta ina dhiaidh sin.

Mar a tharlaíonn, bhí baint ag ceardaithe Uí Mhongáin le déanamh an chloig le haghaidh Shéipéal San Anna sa Seandún in 1847. Tugtar "bréagadóir ceithre aghaidh na cathrach" air mar ainm ceana, agus mhaítí gurbh é an clog ceithre aghaidh ba mhó ar domhan go dtí gur suiteáladh an clog in Big Ben i Londain beagán os cionn deich mbliana ina dhiaidh sin.

I gcodarsnacht leis sin, is éard atá i gClog Uí Mhongáin ar Shráid Phádraig ná clog dhá aghaidh a bhfuil colbha maisiúil thart air. Suíonn sé ar bharr colún barrchaolaithe agus tá ornáid bhuaice ar a bharr. Seachas an cuspóir praiticiúil atá leis chun an t-am a insint do dhaoine ar an tsráid, tá rómánsúlacht de shaghas éigin ag baint leis chomh maith agus deirtear gur faoi Chlog Uí Mhongáin a cuireadh síol an-chuid póstaí sona sásta den chéad uair.

Óir gur tháinig drochbhail air le blianta beaga anuas, bheartaigh Comhairle Cathrach Chorcaí maoiniú a chur ar fáil le tabhairt faoi oibreacha athchóirithe agus deisiúcháin in 2022. Is í Oifigeach Oidhreachta Chathair Chorcaí, Niamh Twomey, a rinne bainistiú ar na hoibreacha agus a choimisiúnaigh an t-uaireolaí Philip Stokes ó Chloig agus Uaireadóirí Stokes, atá lonnaithe i gCorcaigh, le beocht nua a chur sa chlog a bhfuil an-ghean ag muintir Chorcaí air.

Ní raibh Philip Stokes ach i ndiaidh athchóiriú a dhéanamh ar Chlog Uí Chléirigh ar Sráid Uí Chonaill i mBaile Átha Cliath nuair a dhírigh sé a aird ar Shráid Phádraig le measúnú a dhéanamh ar an damáiste agus ar na hoibreacha deisiúcháin a bhí ag teastáil le caoi a chur ar Chlog Uí Mhongáin. Áiríodh leo sin athchóiriú a dhéanamh ar lámha an chloig, páirteanna damáistithe a dheisiú agus a athsholáthar (giaranna agus ceann de na haghaidheanna ina measc), agus an colún



Emma Stokes ó Chloig agus Uaireadóirí Stokes.
Grianghraf: Philip Stokes




tacaíochta a ghlanadh agus a phéinteáil.

Ach bhí rud éigin i ngan fhios taobh istigh den chlog chomh maith. Nuair a d'oscail an tUasal Stokes cás an chloig, tháinig sé ar shliotar a tháinig isteach tríd an bhfráma agus a bhí ina shuí ó shin taobh istigh d'oibriú an chloig. Bhí roinnt siar agus aniar bríomhar ar na meáin shóisialta maidir leis an sliotar, lena n-áirítear cibé acu ar tháinig sé ó thuaisceart na cathrach nó ó dheisceart na cathrach. Thug duine amháin le fios fiú amháin gurb é an sliotar dóite céanna a bhuail an t-iománaí cáiliúil Seán Óg Ó hAilpín isteach sa Laoi le tús a chur le bliain Chorcaí mar Chathair an Chultúir siar in 2005. Níl sé sin fíor ná baol air, ach is scéal maith é mar sin féin!

Spreag na hoibreacha a lán daoine le dul siar ar bhóithrín na smaointe agus scéalta a insint faoi bhualadh le chéile faoi Chlog Uí Mhongáin den chéad uair, nó faoi "50" a fháil, is é sin nath cainte a úsáidtear i gCorcaigh nuair atá coinne agat ach ligtear síos thú! Níos mó ná luach oidhreachta teicniúla nó tógtha an chloig agus luach a athchóirithe, is léiriú é sin ar an tábhacht chultúrtha a bhaineann lena leithéid de rudaí agus ar an ról atá acu maidir le braistint ómóis áite agus chómhuintearais a chothú.

Tá Clog Uí Mhongáin ar ais chomh hálainn agus a bhí riamh agus é réidh le leanúint air ag faire ar thrá agus tuile an tsaoil i gCathair Chorcaí.




Thángthas ar shliotar i meicníocht inmheánach Chlog Uí Mhongáin.
Grianghraf: Philip Stokes




# Sraith Foilseachán ar Oidhreacht Chontae Chorcaí

COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

An raibh a fhios agat go bhfuil droichead meánaoiseach i mbaile oidhreachta Ghleannúrach i dTuaisceart Chorcaí atá ar an droichead is cúinge agus is sine atá fós á úsáid go laethúil san Eoraip? Go gciallaíonn an t-ainm Béarla ar an lus mór (nó an méirín dearg mar is fearr aithne air) – foxglove – 'miotóg an tsionnaigh'? Nó gur thángthas ar mhuince ómra a théann siar go dtí 1,000 RCh i mBéal an Dá Chab in Iarthar Chorcaí thart ar an mbliain 1920, tráth ar "thit sí amach as fód móna a bhí á bhriseadh don tine"?

Tá na scéalta fíorspéisiúla sin – agus a thuilleadh nach iad – le fáil i sraith leabhar atá foilsithe ag Comhairle Contae Chorcaí. Faoi stiúir Oifigeach Oidhreachta Chontae Chorcaí, Conor Nelligan, agus le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, léirítear sa tsraith 'Heritage of County Cork' oidhreacht shaibhir bhríomhar an chontae.

Ó 2013 i leith, tá mír nua sa tsraith á foilsiú gach bliain. Tá gach mír dírithe ar chineál oidhreachta ar leith, agus cothaíonn sí feasacht agus tuiscint ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta, cultúrtha agus nádúrtha d'oidhreacht Chontae Chorcaí, agus leagann béim ag an am céanna ar láithreáin éagsúla oidhreachta ar fud an chontae ar féidir cuairt a thabhairt orthu.

Is bailiúchán saibhir grianghraf, eolais áitiúil, scéalta, finscéalta, sainanailíse agus mionsonraí stairiúla é an toradh. Téann príomhúdar nó foireann údar i mbun gach leabhair, agus áirítear ann aistí ó shaineolaithe agus baill phobail araon.


An méirín dearg, mar a bhí in 'Natural Heritage of County Cork'. Grianghraf: Jo Goodyear

Déantar iniúchadh sa mhír is déanaí den tsraith (an 11ú mír), a foilsíodh in 2023, ar oidhreacht nádúrtha Chontae Chorcaí. Ó tosaíodh ag coinneáil taifead, tá níos mó ná 400 speiceas éin agus 1,200 speiceas planda taifeadta sa chontae agus tá eolas fíorspéisiúil sa leabhar ar shaibhreas na hoidhreachta nádúrtha sin, idir chrainn dhúchasacha agus fhlóra, chomh maith le speicis ainmhithe atá faoi chosaint ag an AE, amhail an dobharchú agus an chrú-ialtóg bheag.



Is

An droichead meánaoiseach i nGleannúir. Grianghraf: Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí

Idir dhroichid, thithe, dhéantáin agus láithreáin, tá éagsúlacht mhór eolais ar leathanaigh gach leabhair, é leagtha amach ar bhealach a dhéanann na gnéithe éagsúla d'oidhreacht Chontae Chorcaí an-spéisiúil agus éasca le tuiscint.

Tá an-tóir ag léitheoirí ar an tsraith le 10 mbliana anuas. Ghlac an-chuid daoine as gach cearn den chontae páirt sna tionscadail agus chuir scéalta, dánta, grianghraif agus eolas isteach lena gcur san áireamh. Tá nach mór 8,000 cóip de na leabhair díolta go dtí seo, agus déantar brabús ar bith a athinfheistiú i dtionscadail agus i dtionscnaimh oidhreachta.

iad seo a leanas na 10 mír eile atá sa tsraith:

- Heritage Towns and Villages of County Cork (2022)
- Heritage Artefacts of County Cork (2021)
- Archaeological Heritage of County Cork (2020)
- Industrial Heritage of County Cork (2019)
- Europe and the County of Cork: A Heritage Perspective (2018)
- Heritage Castles of County Cork (2017)
- Heritage Centenary Sites of Rebel County Cork (2016)
- Heritage Churches of County Cork (2015)
- Heritage Houses of County Cork (2014)
- Heritage Bridges of County Cork (2013)

Tá na leabhair ar fáil ar phraghas réasúnta ó chuid mhaith siopaí leabhar ar fud Chontae Chorcaí.

Is féidir gach foilseachán a ordú ar líne freisin trí shiopa ar líne Ionad Oidhreachta an Sciobairín:
www.skibbheritage.com



An mhuince ómra ó Bhaile an Dá Chab, mar atá le feiceáil in 'Heritage Artefacts of County Cork'. Grianghraf: Músaem Poiblí Chorcaí

# Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL



Agus iad ar a sáimhín só os comhar an scáthchrutha atá ar sheanfhoirgneamh Chomhlacht Bácála Bhéal Átha Seanaidh ar an Meal i mBéal Átha Seanaidh, seo ionadaithe ó Ghrúpa Athnuachana Bhéal Átha Seanaidh, ó Dedalus Architecture, ón gComhairle Oidhreachta, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ó Chomhairle Contae Dhún na nGall.
Grianghraf: Karen Skelly

Is iad na foirgnimh oidhreachta agus sráid-dreacha stairiúla is cúis le nádúr ár mbailte móra agus sráidbhailte a fhágann gur áiteanna tarraingteacha iad le cónaí iontu, le bheith ag obair iontu agus le bheith ar cuairt orthu. Tugann siad léargas dúinn fosta ar fhorbairt stairiúil ár lonnaíochtaí agus cuidíonn siad linn scéalta na bpobal a chuaigh romhainn a aithris.

Bíodh sin mar atá, is léir go bhfuil foirgnimh ina luí folamh agus tréigthe inár dtimpeallacht thógtha stairiúil i mbailte móra ar fud na hÉireann.

Cuireadh Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh, ar bun mar thionscadal comhpháirtíochta in 2021 chun dul i ngleic leis an meath ar fhoirgnimh i mBéal Átha Seanaidh. An cuspóir lárnach a bhí ag an tionscnamh ná le tabhairt faoi oibreacha cúramacha caomhnaithe ar chuid de na foirgnimh is stairiúla ar an mbaile mór arb iad is mó a dteastaíonn caomhnú orthu.

Bhí dhá chéim ann in 2021 agus 2022 ina ndeachaigh Tionscnamh na mBailte Móra chun tairbhe do 19 bhfoirgneamh stairiúla ar an Meal, sa tSráid Mhór agus thart ar an Diamant, Béal Átha Seanaidh.

Struchtúir Chosanta iad mórchuid na 19 bhfoirgneamh stairiúla lenar bhain an tionscnamh nó bhí siad mar chuid d'Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, iad ag cur le sráid-dreach stairiúil Bhéal Átha Seanaidh. Bhí drochbhail chontúirteach ar dhá cheann de na foirgnimh sular tugadh faoi na hoibreacha caomhnaithe. Sainchomharthaí atá i dtrí cinn de na foirgnimh agus is i gceann amháin de na foirgnimh a rugadh an file William Allingham.

I measc na n-oibreacha caomhnaithe atá déanta rinneadh díonta agus simléir a dheisiú, earraí báistí d'iarann teilgthe a shuiteáil, fuinneoga saise agus doirse adhmaid a athbhunú, agus aghaidheanna siopaí stairiúla a dheisiú agus a athbhunú, comharthaí traidisiúnta péinteáilte de láimh san áireamh, agus rinneadh na ráillí iarann teilgthe agus iarann buailte a dheisiú.

Úsáideadh ábhair thraidisiúnta sna deisiúcháin ar fad agus baineadh feidhm as scileanna traidisiúnta tógála. Bhí an dea-chleachtas ó thaobh caomhantais agus fianaise stairiúil de mar bhonn eolais faoin gcur chuige a úsáideadh, cur chuige a bhí freagrach ó thaobh ceisteanna geilleagracha agus aeráide de. Bhíothas in ann creatlach agus aeistéitic stairiúil an fhoirgnimh a chosaint dá bharr. Mar chuid de na hoibreacha, rinneadh trí éadan siopa a athnuachan, bhí cuid de na daoine a bhfuil cónaí orthu sna foirgnimh in ann fanacht ina dtithe féin, agus cuireadh áit chónaithe nua ar fáil do theaghlach amháin ar a laghad.

Comhpháirtíocht a bhí sa tionscnamh idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Grúpa Athnuachana Bhéal Átha Seanaidh, Dedalus Architecture, úinéirí áitiúla maoine, an Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is iad an tOifigeach

Oidhreachta Joseph Gallagher agus an tOifigeach Caomhantais Collette Beattie i gComhairle Contae Dhún na nGall a rinne bainistíocht i gcomhar a chéile ar an obair.

Fuarthas maoiniú leis na hoibreacha caomhantais a dhéanamh faoi Thionscnamh na mBailte Stairiúla atá ag an gComhairle Oidhreachta, taobh le hin-fheistíochtaí ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus síntiúis airgid ó na húinéirí réadmhaoine. Córas maoinithe nuálach a bhí ann don tionscadal. Úsáideadh cur chuige céimnithe i gcás íocaíochtaí deontais agus ní raibh feidhm ann iasachtaí idirlinne a fháil ó úinéirí.

Bhí caidreamh láidir oibre ann idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Grúpa Athbheochana Bhéal Átha Seanaidh, Dedalus Architecture agus úinéirí réadmhaoine áitiúla, caidreamh a bhí bunaithe ar mheas, muinín agus tuiscint ar a chéile agus a chuaigh chun sochair don tionscadal.

Tá sé le tuiscint ó Thionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh, go bhfuil cuid mhór den timpeallacht thógtha stairiúil atá againn marthanach, inoiriúnaithe, tarraingteach agus oiriúnach don fheidhm lena mbaineann. Tá deis ann cur chuige a ghlacadh i leith na hathnuachana a bheidh inbhuanaithe agus treoraithe ag an oidhreacht. Dírítear aird ann chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le saineolas caomhantais a fháil agus ceardaithe traidisiúnta a fháil leis an obair a dhéanamh.

Bhí dea-thoil agus díograis thar barr ann don tionscnamh go háitiúil, agus chuir neart úinéirí réadmhaoine áitiúla, eagraíochtaí agus grúpaí pobail litreacha tacaíochta isteach.




Agus ceiliúradh á dhéanamh acu gur bronnadh an Gradam don Athnuachan agus Oidhreacht Uirbeach ar Thionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh, mar chuid de Ghradaim Phleanála na hÉireann Institiúid Pleanála na hÉireann i gCaisleán Chluain Tarbh, tá baill d'fhoireann comhpháirtíochta Thionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh. Ina measc tá ionadaithe ó Ghrúpa Athnuachana Bhéal Átha Seanaidh, Dedalus Architecture agus Comhairle Contae Dhún na nGall. Grianghraf: Institiúid Pleanála na hÉireann

Tugadh aitheantas dó ar leibhéal náisiúnta chomh maith. Samplaí den aitheantas sin: an Gradam don Athnuachan agus Oidhreacht Uirbeach mar chuid de Ghradaim Phleanála na hÉireann Institiúid Pleanála na hÉireann in 2023; an Gradam Pobail agus Oidhreachta mar chuid de Ghradaim KPMG agus an Irish Independent don tSármhaitheas sa Tionscal Réadmhaoine in 2022; agus ardmholadh sa chatagóir Caomhnú, Oiriúnú agus Athúsáid mar chuid de Ghradaim Náisiúnta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann in 2023.



Tithe sraithe ar an Meal (áit dúchais William Allingham ina measc), a bhain tairbhe as Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh, a bhfuil duaiseanna buaite ar a shon. Grianghraf: Joseph Gallagher



Mar chuid de Thionscnamh na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh, bhí deis ann cuid den mhaorgacht a bhain le Teach Condon ar an Meal, ó thús an naoú haois déag, a thabhairt ar ais arís. Grianghraf: Comhairle Contae Dhún na nGall




Tá earraí cuimhneacháin ó Chomhlacht Báicéireachta Bhéal Átha Seanaidh curtha ar taispeáint i seansiopa an chomhlachta ar an Meal mar chuid de Thionscnamh na mBailte Stairiúla. Tá sé ar cheann de na trí cinn d'aghaidheanna siopa a bhfuil úsáid eile ann dóibh idir an dá linn ar an Meal. Grianghraf: Joseph Gallagher

# More than Concrete Blocks

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH




Teach Molyneux, Sráid Bhríde, Baile Átha Cliath. Deartha ag Sam Stephenson, curtha i gcrích sa bhliain 1973. Grianghraf: Grianghrafadóireacht Paul Tierney

Tá an Ceoláras Náisiúnta, Busáras agus Simléir an Phoill Bhig, taobh le struchtúir eile nach bhfuil eolas chomh forleathan céanna ann orthu, scéimeanna tithíochta agus scoileanna i lár na cathrach ina measc, ar chuid de níos mó ná 100 foirgneamh agus láithreán a bhfuil plé domhain orthu in *More than Concrete Blocks: Dublin City's twentieth-century buildings*.

Sraith cheannródaíoch de leabhair ar stair na hailtireachta is ea *More than Concrete Blocks*. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a rinne an tsraith a choimisiúnú. Tá léaráidí áille sna leabhair atá scríofa i stíl a oireann don léitheoir ginearálta. Déantar plé ar an gcathair sa tsraith mar áit atá ilghnéitheach agus casta. Déantar naisc sa tsraith idir foirgnimh i mBaile Átha Cliath agus stair pholaitiúil, shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na cathrach céanna.

Baineann gach leabhar sa tsraith le tréimhse áirithe in ord croineolaíoch agus tugtar léargas ar stair na hailtireachta i mBaile Átha Cliath san fhichiú haois.


Is in 2016 a foilsíodh Imleabhar 1 ina bhfuil aistí stairiúla faoi chultúr na foirgníochta i mBaile Átha Cliath ó 1900 go 1939. Ansin tá 26 cás-staidéar ann agus forléargas ar 98 láithreán, ar nós eolaire. Clúdaítear san imleabhar seo na blianta roimh an gcath ar son neamhspleáchas na hÉireann, agus na blianta lena linn, chomh maith leis na blianta tosaigh den Saorstát.


Baineann cuid mhór den stair leis an ról a bhí ag na sráideanna sa réabhlóid agus leis an ról a bhí ag foirgnimh agus stát úr á thógáil. Sa leabhar seo tá suirbhé ar fhoirgnimh na cathrach sa tréimhse 1900 go 1939. Seachas sraith ina dtugtar 'an chuid is fearr' den ailtireacht, léiriú atá ann ar an saothar ailtireachta mar a bhí ag an am.


Tá an Seastán Thoir tosaigh ó Bhóthar Lansdún (atá leagtha ó shin) ar cheann de na struchtúir san imleabhar seo. Baineadh feidhm as córas Hennebique na foirgníochta lena thógáil, é ina struchtúr coincréite treisithe agus 4,300 de lucht féachana ábalta suí ann. Rinne an tArm an struchtúr éachtach a thástáil sular imríodh an chéad chluiche rugbaí ann (Éire in éadan na hAlban) i mí Feabhra 1927. Tugadh 8,000 saighdiúir isteach le bheith ag léim suas agus anuas ar an ardán mór lena láidreacht a thástáil.

Tá plé ar stair na hailtireachta i mBaile Átha Cliath ó 1940 go 1972 in Imleabhar 2, a foilsíodh in 2018. Tá 36 cás-staidéar ann, agus meascán suntasach ann eatarthu i dtaca leis na cineálacha foirgneamh agus feasacht an phobail orthu, idir scoileanna i lár na cathrach agus stáisiún bus an náisiúin (Busáras); idir theach pobail Caitliceach i mbruachbhaile agus fhoirgnimh cheannródaíocha oifigí.

Déantar plé ar lár an fhichiú haois sa leabhar, agus tá léargas an-suimiúil ann ar struchtúir, Ambasáid Mheiriceá i mBaile Átha Cliath 4 (1964 le John M Johansen) ar cheann acu. Míorúilt nuálach sa choincréit réamhtheilgthe a bhí san




Na clúdaigh leabhair.



Halla Mhuirfean, Dumhach Thrá, arna dhearadh ag Arthur Gibney, Stephenson Gibney & Associates, a cuireadh i gcrích sa bhliain 1973. Grianghraf: Grianghrafadóireacht Paul Tierney

Ambasáid ag an am, agus ina spreagadh ag an dearadh féin bhí meascán de ráthanna agus túir Martello.

Foilsíodh an leabhar is úire, Imleabhar 3, i mí na Samhna in 2023 agus déantar plé ann ar chultúr na foirgníochta i mBaile Átha Cliath sna 1970idí, 1980idí agus 1990idí. Le léamh sa leabhar tá 31 staidéar agus meascán ann d'áiteanna aitheanta amhail Simléir an Phoill Bhig (1971–78) agus Banc Ceannais na hÉireann (1979) i Sráid an Dáma, ansin struchtúir nach bhfuil chomh haitheanta céanna amhail scéim thithíochta Ghort na Sailí (1985) i nDumhach Thrá, Ionad Oiliúna AnCO (1981) i bhFionnghlas nó teach pobail Caitliceach Rómhánach an pharóiste, Domhnach Míde (1978).

Tá Cros an Phápa i bPáirc an Fhionnuisce sa leabhar chomh maith. Tógadh sa bhliain 1979 í le comóradh a dhéanamh ar an ócáid nuair a d'fhreastail breis agus milliún duine ar Aifreann amuigh faoin spéir, á cheiliúradh ag an bPápa Eoin Pól a Dó. Tá 30 tona de mheáchan sa chros, sé cinn de ghiarsaí cruach rollta inti agus bhí cúig chiliméadar de tháthú ag teastáil chun í a dhéanamh. Rinneadh í a dhearadh agus a thógáil taobh istigh de chúpla seachtain. I gCluain Dalcáin a cuireadh le chéile í agus í chomh mór agus ab fhéidir ionas go mbeadh acmhainn ualaigh agus réime na craenach iniompartha ba mhó in Éirinn in ann í a iompar.

Cuireadh tús in 2011 leis an tionscadal ilbhliantúil chun an tsraith *More than Concrete Blocks* a chruthú nuair a cheap Charles Duggan, Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an chéad treoir don tionscadal. Rinneadh modheolaíocht an tionscadail a fhorbairt agus a leasú sna míonna ina dhiaidh sin, agus chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tairiscint amach le léiriú spéise a fháil ó fhoireann taighde a thabharfadh faoin obair. Rinneadh baicle taighdeoirí a choimisiúnú, iad faoi stiúir an Dr Ellen Rowley, Eagarthóir agus príomhúdar na Sraithe.

Agus iad ag obair i gcomhar le Rowley, bhí na scoláirí is iomráití atá ag obair ar an ailtireacht san fhichiú haois in Éirinn ar an bhfoireann taighde agus eagarthóireachta, an Dr Carole Pollard ina measc (a bhí mar údar agus comheagarthóir ar Imleabhar 3), cuid mhaith acu atá ag obair go leanúnach ar an tionscadal ó cuireadh tús leis.

Tá ag éirí go seoigh leis an tionscadal





Teach Pobail na Tríonóide Naofa, Domhnach Míde, arna dhearadh ag Danuta Kornaus-Wejchert, A. & D. Wejchert, curtha i gcrích sa bhliain 1978. Grianghraf: Grianghrafadóireacht Paul Tierney



Teach an Státchiste, Sráid na Canálach Móire Íochtarach, arna dhearadh ag Henry J Lyons agus a cuireadh i gcrích sa bhliain 1990. Grianghraf: Grianghrafadóireacht Paul Tierney

agus tá daoine ag glacadh go millteanach maith leis na leabhair. Díoladh gach cóip den chéad rith cló d'Imleabhar 1 agus den athchló. Díoladh gach cóip d'Imleabhar 2 chomh maith agus táthar ag fanacht lena athchló. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath féin an dá imleabhar a fhoilsiú. Bhíothas ag súil go mór le hImleabhar 3 a d'fhoilsigh UCD Press i Samhain 2023.

Fuair an tionscadal maoiniú ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus maoiniú i bpáirt faoi scéim deontais Phlean Oidhreachta an Chontae. Fuarthas maoiniú Rialtais don tionscadal chomh maith faoin mBeartas Náisiúnta um Ailtireacht.

Ar an gcéad dul síos, tá tionscadal taighde staire ailtireachta, *More than Concrete Blocks*, tar éis taighde nua a ghiniúint ar bhreis agus 100 foirgneamh sa chathair. Táthar tar éis 340 foirgneamh a aimsiú i mBaile Átha Cliath a thugann léargas ar na típeolaíochtaí éagsúla foirgneamh, stíleanna ailtireachta, ábhair agus teicnící foirgníochta a bhí le fáil ó thús deireadh an fhichiú haois. Táthar tar éis cuid mhór a fhoghlaim faoi fhorbairt na cathrach i gcaitheamh an chéid ó bheith ag cur leis an taifead staire ar bhealach atá chomh mionsonraithe agus leitheadach céanna.

Mar chuid de seo tá tuiscintí úra maidir leis an dóigh a tháinig forbairt ar stíleanna ailtireachta agus típeolaíochtaí nua foirgneamh de réir mar a chuaigh na blianta thart (mar shampla, an tithíocht phoiblí, naíolanna, bialanna, foirgnimh oifigí); teicneolaíochtaí tógála nua (mar shampla, nuair a úsáideadh an tógáil chruachfhrámaithe ar dtús, nó córas Hennebique le haghaidh déantúis choincréite ina dhiaidh sin); agus trealamh tógála nua.

Úsáidfear an taighde agus na foilseacháin chun struchtúir eile a chur leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Spreagfar athúsáid oiriúnaitheach agus uasghrádú na hailtireachta ón 20ú haois, foirgnimh oifigí ó na 1960idí go dtí na 1980idí go speisialta, agus an t-aistriú cóir i dtreo saol ísealcharbóin mar chomhthéacs faoin méid sin.

D'fhéadfaí an mhodheolaíocht a forbraíodh i gcás Bhaile Átha Cliath leis an eolas atá sa tsraith leabhar a aimsiú, a iniúchadh, a scrúdú agus a scaipeadh a úsáid le haghaidh contaetha eile. In imeacht ama, d'fhéadfaí staidéar cuimsitheach náisiúnta a dhéanamh ar an oidhreacht thógtha san fhichiú haois.

# Seandálaíocht Phobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN



Clárchosán a théann chomh fada le Carn Thig Bródáin agus radhairc ann ar chathair Bhaile Átha Cliath. Grianghraf: Joe Ladrigan

Tá meascán ilchineálach de láithreáin agus séadchomharthaí réamhstairiúla, stairiúla agus tionsclaíocha seandálaíochta fós le fáil ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Ina measc siúd tá tuamaí meigiliteacha, créfoirt réamhstairiúla, cealla ón meánaois luath agus caisleáin mheánaoiseacha.

Is iad an dá chuspóir lárnacha atá ag an tionscnamh 'Seandálaíocht Phobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath', atá i bhfeidhm ó bhí 2021 ann, eolas agus tuiscint ar an taifead suntasach seandálaíochta seo a fhorbairt agus daoine a spreagadh le níos mó úsáide a bhaint as an acmhainn oidhreachta seo atá ar leac an dorais againn sa phríomh-hchathair ach nach bhfuil an oiread sin eolais ann ina leith.


Tionscadal comhpháirtíochta idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath atá sa tionscnamh oidhreachta fairsing. Is ón gComhairle Oidhreachta a fhaightear an bunmhaoiniú don tionscnamh faoi chlár tacaíochta bliantúil na Comhairle don tseandálaíocht phobail.

Tá an tionscnamh á bhainistiú i gcomhar a chéile ag Oifigigh Oidhreachta Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ag Bainisteoir Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den tionscnamh tá oiliúint, siúlóidí treoraithe, cainteanna pobail, forbairt ar chosán seandálaíochta agus comharthaí ann, chomh maith le hábhar léirmhínitheach.

Foilsíodh an leabhrán 'Dublin's Monumental Mountains' in 2021, an chéad bhliain den tionscnamh. Seo an chéad fhoilseachán cuimsitheach sothuigthe maidir leis an tseandálaíocht ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath i gContae Bhaile Átha Cliath Theas agus i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is féidir é a íoslódáil agus tá leagan cló ar fáil chomh maith. Tá dhá fhíseán ghearra a théann leis an leabhrán curtha le chéile chomh maith.




https://youtu.be/Xp9GoDcKIUI




https://youtu.be/GR-jmardCpQ

Tá clár cuimsitheach á chur i láthair le haghaidh oibrithe deonacha ó Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, baill den Líonra Rannpháirtíochta Pobail, clubanna cnocadóireachta agus clubanna rothaíochta sléibhe, clár atá dírithe ar sheandálaíocht sna sléibhte agus cúram na seandálaíochta sin. Meascán de sheisiúin oiliúna ar líne agus ar an láthair atá ann. Tá seandálaithe ón tionscadal Seandálaíocht Phobail Shléibhte BÁC tar éis an clár oiliúna a chur le chéile chun eolas ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath a scaipeadh agus chun daoine agus pobail a ghríosú le bheith páirteach chun an tseandálaíocht a chur chun cinn agus a chosaint sa réigiún.

Anuas air sin, cuireadh dhá cheardlann idirghníomhacha i láthair ar an láthair do mhic léinn atá ag dul don Treorú Turais Réigiúnach ar Choláiste Breisoideachais Stigh Lorgan. Cás-staidéar iontach do na mic léinn is ea Sléibhte Bhaile Átha Cliath ós rud é gur tír-dhreach fairsing atá ann agus go bhfuil éagsúlacht le fáil sna réigiúin topagrafaíochta agus láithreáin oidhreachta cultúrtha orthu, rudaí a fhágann go bhfuil neart deiseanna ann turais threoraithe a fhorbairt.

Táthar i ndiaidh sraith de shiúlóidí poiblí, iad treoraithe ag seandálaithe, a chur ar fáil saor in aisce mar chuid den tionscnamh. Bhí lucht na siúlóidí an-sásta leo, agus chuathas chuig áiteanna éagsúla, na háiteanna seo ina measc: Club Thine Ifrinn, Coill Massey, Carraig Uallacháin, Ráth Michíl, Binn Dá Charraig, Baile Éamainn Duibh, Tigh Bródáin agus Caisleán Sí. Agus iad i ndiaidh páirt a ghlacadh i gclár oiliúna an tionscnaimh, tá oibrithe deonacha ó Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath tar éis siúlóidí seandálaíochta a threorú agus tá siúlóidí poiblí eile beartaithe in 2024.



Tuama Dingeach Bhaile Éamainn Duibh. Grianghraf: Abarta Heritage

Rud tábhachtach eile atá tagtha as an tionscnamh ná 'Cosán Seandálaíochta Bhaile Átha Cliath'. Mar bhunús leis an gcosán bhí comhthionscadail taighde idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus sainchomhairleoirí ó Abarta Heritage ó 2017 ar aghaidh.

Sna staidéir sin cuireadh le chéile fianaise den tseandálaíocht ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus tuairiscíodh ina leith. Cuspóir a bhain leis na staidéir ná le láithreáin thábhachtacha ó thaobh na seandálaíochta de ar fud na sléibhte a shonrú, láithreáin a bheadh taitneamhach ag cuairteoirí agus a thabharfadh ceangal le cuntas seandálaíochta an réigiúin. Rinneadh lear mór láithreán a shonrú agus a léarscáiliú agus ullmhaíodh ábhar don léirmhíniú ar na láithreáin agus le dul chomh fada leo. Táthar i ndiaidh an t-eolas seo a úsáid ar na siúlóidí treoraithe féin agus mar chuid de na





Radharc ar Chuan Bhaile Átha Cliath ó Thigh an Chnoic. Grianghraf: Joe Ladrigan

háiseanna don phobal a bhaineann leis an tionscnamh ar fad.

Cuireadh le chéile gearrliosta de láithreáin ó thaobh léirmhíniú fisiciúil ar an láithreán féin de. Rinneadh láithreáin a mheasúnú ar an talamh i dtaca le bealach isteach éasca ag cuairteoirí, cuma/infheictheacht séadchomharthaí, an cineál cuairte a bheadh ag cuairteoirí ar an iomlán, gnéithe eile den tír-dhreach ina measc, rudaí ar nós radharcanna áille. Agus an próiseas measúnaithe curtha i gcrích, roghnaíodh na sé láithreán seo:

- Carn Thigh Bródáin,
- Carn Chaisleán Sí,
- Tuamaí Pasáiste an tSuíocháin,
- Tuamaí Pasáiste Shliabh Toll,
- Heinse an Loig, agus
- Rathmichael Hillfort.

Tá comharthaí léirmhíniúcháin á bhforbairt faoi láthair do na láithreáin seo. Ar na comharthaí beidh léarscáileanna agus grianghraif ionas go mbeifear in ann na séadchomharthaí a aimsiú i dtírdhreach na sléibhte (rud atá tábhachtach ós rud é gur féidir cuid de na séadchomharthaí a fheiceáil ó chuid eile), téacs mínitheach i nGaeilge agus i mBéarla, comhairle faoin dóigh le meas a léiriú ar na séadchomharthaí agus iad a chosaint, agus cód QR le tuilleadh eolais a fháil.

Céim thábhachtach eile agus an cosán á fhorbairt ná siúlóidí lúbtha aitheanta a shonrú chomh maith le siúlóidí a bhfuil iompar poiblí nó carrchlóis i dtús agus deireadh na siúlóide. Beidh gnéithe seandálaíochta éagsúla ar na siúlóidí seo chomh maith le gnéithe den tír-dhreach feadh na slí. Táthar tar éis siúlóidí 1.5-2.5 uair an chloig a thriail mar shiúlóidí treoraithe. Tá forbairt á déanamh faoi láthair ar áiseanna le haghaidh siúlóidí lúbtha seandálaíochta, fada agus gearr.

Sula raibh an tionscnamh ann, ní dhearnadh iarracht roimhe scéal stairiúil leitheadach Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chur i láthair ar bhealach a mbeadh teacht ag cuairteoirí agus pobail áitiúla go héasca air. Mar sin, is iad na haidhmeanna atá i gcroílár an tionscnaimh ná an scéal seo a chur os comhair an phobail, cuntas éachtach oidhreachta an cheantair a chur i láthair go mbeidh teacht ag cách air, agus daoine a spreagadh le sult agus tairbhe a bhaint as an acmhainn ar bhealach inbhuanaithe feasta.

# Droim Meánach a Thochailt

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL



Seat ón aer de Dhroim Meánach.
Grianghraf: Gary Devlin

Ceann tíre atá i nDroim Meánach agus thart ar 46 acra ann, é cóngarach don sráidbhaile beag Loch Sionnaigh cois cósta i bhFine Gall i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá túr Martello ó thús an 19ú haois ann chomh maith le dún mór cinn tíre ón Iarannaois.

Láithreán seandálaíochta a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis atá sa cheann tíre daingnithe. Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis fosta i dtaca leis an gcaidreamh a bhí ann idir Éire agus an saol Rómhánach. Bhí an láithreán i mbéal an phobail i lár na 1990idí agus daoine ag maíomh gur 'trácheann tábhachtach Rómhánach' é. In ainneoin go raibh sraith d'ailt tuairimíochta ann agus freagraí orthu siúd, tháinig tuairim choitianta chun cinn go raibh seans ann gur tháinig na Rómhánaigh i dtír ar an gceann tíre sceirdiúil seo cois cósta.

Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall úinéireacht ar an láithreán go mall in 2016. Tar éis tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin leis an bpobal áitiúil, tháinig an tionscadal taighde pobail 'Droim Meánach a Thochailt' chun cinn. Moladh an tionscadal mar ghníomh sa doiciméad 'Staidéar Caomhantais agus Plean Bainistíochta Dhroim Meánach' agus fuarthas tacaíocht ina leith ón gComhairle Oidhreachta. Rinneadh é a dhearadh chun bearnaí san eolas faoin láithreán a líonadh, ról gníomhach a thabhairt don phobal áitiúil, agus tuiscint a fhorbairt ar thábhacht an láithreáin ó thaobh na seandálaíochta, staire agus éiceolaíochta de.

Tá toil ón Aire ann don tochailt i nDroim Meánach. Is í Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta agus Seandálaí Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall atá i mbun fhoireann seandálaíochta an tionscadail. Ó bunaíodh é, tá ceithre shéasúr d'oibreacha tochailte déanta mar chuid de Dhroim Meánach a thochailt.

Bhíothas dírithe ar Bhóthar Martello don tochailt i Séasúr 1 in 2018, cóngarach don túr Martello, i dtreo theorainn thoir ceann tíre. Rinneadh dhá thrinse a thochailt agus léiríodh dá bharr gur chuir tógáil Bhóthar Martello isteach ar shil-leagan ón Iarannaois. Thángthas ar bhlúirí de chnámha daonna chomh maith. Ina measc siúd bhí blúire blaoisce ó bhean a bhí idir 18 agus 45 bliain d'aois tráth a bhfuair sí bás, dáta éigin idir 170 RCR agus 52 CE. Thángthas chomh maith ar chnámh fhada, atá deimhnithe mar fhéimear duine, ó dháta éigin idir 49 RCR agus 118 CE, a thugann le tuiscint gur adhlacadh ar a laghad beirt sa cheantar seo. Bhí neart cnámha daonna ann chomh maith a bhain leo siúd a bhí sa túr Martello.

Bhí an tochailt i Séasúr 2 in 2019 ar siúl ag an taobh eile de Bhóthar Martello, cóngarach do na ballaí cosanta. Aithníodh struchtúr réamhstairiúil anseo ar na poill ó stácaí agus cuaillí a fágadh ina ndiaidh nuair a lobhadh an t-adhmad. Cóngarach don struchtúr bhí ardán cloiche a bheadh bainteach le cíor fíodóireachta, chomh maith le méid áirithe barra cnáimhe, nithe arbh uirlisí cnáimhe iad, b'fhéidir, agus




Coirnín gloine ón tochailt i Séasúr 3.
Grianghraf: John Sunderland



snáthaid déanta as cnámh, a thabharfadh le fios go mbíodh meascán de phróiseáil, ceardaíocht agus táirgeadh teicstílí ar bun san áit seo tráth. Bhí nach mór 80 slige ann ó amfaraí móra, cruinne 'Dressel 20' ó Baetica, réigiún Rómhánach i nDeisceart na Spáinne, chomh maith le hábhar Rómhánach-Briotanach eile, rudaí a dheimhníonn go mbíodh méid suntasach teagmhála ann idir Droim Meánach agus an saol Rómhánach idir an 1ú agus an 3ú céad AD.

Bhí bearna dhá bhliain ann de dheasca phaindéim Covid-19 agus cuireadh tús arís leis an tochailt i nDroim Meánach in 2022. Bhíothas dírithe sa tochailt i Séasúr 3 ar iarrachtaí le fáil amach an rud seanda nó níos nua-aimseartha ná sin atá i lána nó bóthar a sonraíodh i ngrianghraif ón air agus i staidéar geoifisiceach. Is beag fianaise a bhí ag baint leis an lána a thabharfadh le tuiscint go bhfuil bunús nua-aoiseach leis. Mar mhalairt, aithníodh balla tite struchtúir agus rinneadh fosú a raibh neart de chnámha ainmhithe ann a thochailt ón struchtúr. Fuarthas sligí ó cheithre chineál potaireachta ar a laghad ón saol Rómhánach chomh maith le bloghanna de shoithí gloine agus moll coirníní gloine. Tá an obair iar-thochailte agus an anailís speisialaithe ó Shéasúr 3 fós ar bun.

Chuathas ar aghaidh le Séasúr 4 de na hoibreacha tochailte sa samhradh in 2023. Bhíothas dírithe sa séasúr seo ar iniúchadh a dhéanamh ar neamhréireanna a sonraíodh sa staidéar geoifisiceach agus ar ghnéithe topagrafacha áirithe den láithreán. Thángthas ar struchtúr ar aon dul leis na cinn a fuarthas i séasúir eile roimhe sin, agus ar láthair oibre claiseanna éadoimhne. Thángthas chomh maith ar dhá chlais stórála chlogchruthacha. Creidtear go bhfuil siad ar na chéad samplaí dá leithéid don tréimhse seo in Éirinn.

Tá an-tarraingt ar na tochailtí i nDroim Meánach agus chóir a bheith 100 duine páirteach i nDroim Meánach a Thochailt gach séasúr. Agus daoine idir 18 agus 80 bliain d'aois ann, i measc na rannpháirtithe tá daoine áitiúla, daoine as





Fine Gall go ginearálta agus áiteanna níos faide ar shiúl i mBaile Átha Cliath, daoine atá nua don chineál oibre seo, daoine a bhí páirteach i dtochailt roimhe, mic léinn agus gairmithe oidhreachta. Ó tharla go bhfuil cuid mhór daoine áitiúla páirteach sa tionscadal Droim Meánach a Thochailt, tá daoine bródúil as an stair áitiúil agus sásta seilbh a ghlacadh ar an stair sin.

Taobh le hobair na tochailte féin agus i ndiaidh na tochailte, táthar tar éis gníomhaíochtaí pobail a reáchtáil chun feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar luach oidhreachta an láithreáin mar chuid de Dhroim Meánach a Thochailt. I measc na n-imeachtaí sin bhí taispeántas sa leabharlann áitiúil, cainteanna agus cuairteanna scoileanna, agus rinneadh físeán a léiriú.

Tá na torthaí ó na tochailtí atá ar bun faoi láthair mar bhonn eolais faoin gclár taighde seandálaíochta i nDroim Meánach agus faoi aon oibreacha leasúcháin agus caomhantais a dhéanfar amach anseo. Lena chois sin, cuireann siad go suntasach lena bhfuil ar eolas againn faoin gcaidreamh idir Éire agus an saol Rómhánach, agus in amanna táimid ag fáil léamh iomlán úr air sin.



# Tionscadal na dTrí Chaisleán

COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE

Oibreacha caomhnaithe ar Chaisleán Thír Oileáin. Grianghraf: Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá 'Tionscadal na dTrí Chaisleán', tionscadal de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, dírithe ar thrí chaisleán i gcathair na Gaillimhe nó gar don chathair a dheisiú, a neartú agus a chaomhnú. Is iad Caisleán Thír Oileáin, Caisleán Mhionlaigh agus Caisleán Mhuirlinne atá i gcroílár an tionscadail seo.

Teach daingnithe ón 17ú haois is ea Caisleán Thír Oileáin (an Seanchaisleán a thugtar air freisin), é suite ar an taobh thuaidh de lár chathair na Gaillimhe. Tá sé suite cois Abhainn na Gaillimhe agus tá Ollscoil na Gaillimhe le feiceáil uaidh.

Le linn Chogadh an Dá Rí agus Ionsaí na Gaillimhe i 1691, dhóigh garastún na hÉireann é. Ní raibh siadsan in ann seilbh a choinneáil air agus níor atógadh é. Fuarthas fianaise den loscadh le linn na n-oibreacha caomhantais i gCaisleán Thír an Oileáin, inar thángthas ar bhloghanna de sclátaí, luaidhe leáite, gloine agus tíleanna potaireachta in uachtar na mballaí ann.

Caisleán ón 16ú haois is ea Caisleán Mhionlaigh (nó Caisleán Blake), é suite cóngarach do Mhionlach i gContae na Gaillimhe agus ar bhruach Abhainn na Gaillimhe, mar atá Caisleán Thír Oileáin.

Struchtúr é a bhfuil neart céimeanna ag baint leis. De réir na bhfoinsí, is sa 15ú haois nó go luath sa 16ú haois a tógadh an túrtheach tosaigh. Tá taifead ann go raibh duine darbh ainm Thomas Colman ina chónaí ann sa bhliain 1574. Bhí teach fada ceangailte de sa 17ú haois. Bhí muintir Blake ina chónaí ann ina dhiaidh sin. Rinneadh athruithe air san 18ú haois, túirín radhairc (struchtúr cearnógach túiríneach) ar thaobh thoir an fhoirgnimh ina measc.

I mí Iúil 1910 nuair a bhí Sir Valentine Blake (an 14ú bairnéad) agus Lady Blake ar shiúl i mBaile Átha Cliath, chuaigh an caisleán trí thine. Níor thángthas riamh ar chorp a n-iníne, Eleanor. Glactar leis gur éag sí sa tine.

Túrtheach ón 16ú haois is ea Caisleán Mhuirlinne (nó Caisleán Dhabhach Uisce). Cuid lárnach de Choillte Mhuirlinne atá ann, é anois i gcroílár scéime móire cónaithe. Tuigtear ó ghnéithe ailtireachta de gur ó luath sa 16ú haois atá an struchtúr reatha, nuair a bhí sé i seilbh mhuintir Lynch. Sna céadta a tháinig ina dhiaidh, bhí úinéirí éagsúla i rith an ama ar Chaisleán Mhuirlinne go dtí gur tréigeadh an áit ar fad sa 19ú haois.

Gné shuimiúil den chaisleán ná Síle bheag bhídeach na gCíoch atá snoite sa stua i gceann de na fuinneoga címe cúnga ar an dara hurlár. Ní raibh eolas uirthi go dtí gur tháinig seandálaí uirthi ar na mallaibh. Creidtear go bhfuil sí ar an gceann is lú atá in Éirinn, gan í ach 4.5 ceintiméadar ar fad.

Cuireadh tús le Tionscadal na dTrí Chaisleán in 2014 nuair a threoraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Oifigeach Oidhreachta na Comhairle, Jim Higgins, an fhorbairt ar phlean bainistithe caomhantais do na trí chaisleán. Fuarthas



Caisleán Mhuirlinne. Grianghraf: Jim Higgins



Píosaí de shaoirseacht chloiche ó Chaisleán Thír Oileáin.

maoiniú ón gComhairle Oidhreachta don phlean seo.

Fuarthas maoiniú ina dhiaidh sin don tionscadal ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ón gCiste le haghaidh Séadchomharthaí Pobail (atá á riar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta). Tá an Ciste seo ann chun tacú le caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí áitiúla agus láithreán stairiúil.

Cuireadh tús leis an gcéad chéim d'oibreacha deisiúcháin agus daingnithe ar na caisleáin in 2021. Bítear ag cloí leis na prionsabail i gCairt Burra sna hoibreacha, doiciméad a d'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Suíomhanna. Sa doiciméad sin, tugtar na bunphrionsabail agus nósanna imeachta is gá a leanúint agus áiteanna oidhreachta á gcaomhnú.

Cuspóir lárnach a bhaineann leis an tionscadal ná oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha gach caisleáin a chaomhnú agus a chothabháil. Mar sin, tá saineolaithe éagsúla ar fhoireann an tionscadail, seandálaí, ailtire caomhantais, innealtóir struchtúr caomhantais, éiceolaí, saoir chloiche, saineolaithe eile agus lucht trádála ina measc.

Tá tionscadal na dTrí Chaisleán ar siúl go fóill agus meastar go mbeidh na hoibreacha ag dul ar aghaidh cúig bliana eile. Táthar ag súil go mbeidh na caisleáin caomhnaithe faoin am sin agus iad ar oscailt i gcomhair cuairteoirí. Tá Pleananna Ceantair Áitiúil á bhforbairt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do na caisleáin, ina ndéanfar ullmhúcháin le go mbeidh siad inrochtana ag cách agus déanfar siúlóidí a fhorbairt thart ar na caisleáin.






Caisleán Mhionlaigh.
Grianghraf: Jim Higgins




https://www.youtube.com/watch?v=nXgLIV7gEqY

Is féidir an nasc ar chlé a úsáid a chuirfidh chuig físeán faoin tionscadal ó Mheán Fómhair 2021 thú.




# Féile na gCloch

COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE

Cuid de na rannpháirtithe ó Fhéile na gCloch, 2023, agus iad ag tógáil balla cloiche in Inis Oírr. Grianghraf: Cormac Coyne

Bíonn Féile na gCloch ann gach bliain in Inis Oírr, Contae na Gaillimhe, le ceiliúradh a dhéanamh ar cheardaíocht, oidhreacht agus áilleacht bhuan na hoibre cloiche atá le fáil istigh san oileán féin, in áiteanna éagsúla in Éireann agus ar fud an domhain.

Aidhm eile atá leis an bhféile ná ealaín na saoirseachta cloiche a chur chun cinn agus deiseanna a thabhairt le scileanna a fhoghlaim agus a fheabhsú.

Tháinig an bunsmaoineamh don tionscadal go luath sna 2000idí ó tharla go rabhthas ag fáil neart iarratais ón bpobal in Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe maidir le cúrsaí agus ceardlanna a reáchtáil ina mbeifí ag plé le ceardaíocht agus scileanna traidisiúnta.

Reáchtáil an Oifig Oidhreachta imeacht dhá lá in 2004 in ionad Teagasc i mBaile Átha an Rí i gcomhar le Teagasc. D'fhreastail breis agus 200 duine ar an gcomhdháil inar pléadh gach gné den chloch agus den bhallarach cloiche singile, agus ar cheardlann phraiticiúil ina dhiaidh sin, rud a léirigh go raibh suim láidir san ábhar i measc an phobail.

Rinne an eagraíocht phobail Comhar Caomhán Teo teagmháil le fáil amach an bhféadfaí imeacht mar an gcéanna a reáchtáil in Inis Oírr. Fuarthas comhairle, cabhair agus tacaíocht ón máistirshaor Pat McAfee agus, dá bharr, bhíothas in ann an chéad imeacht a reáchtáil istigh san oileán in 2005. Tá cabhair agus comhairle thar cionn tugtha ag Pat i gcaitheamh na mblianta do Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe agus do Bhainisteoir Chomhar Caomhán Teo.

Tá fás agus forbairt tagtha ar Fhéile na gCloch ó shin. Imeacht beag a bhí ann ar dtús; féile idirnáisiúnta iomlán atá anois ann agus rannpháirtithe ag freastal uirthi ó Mheiriceá, Ceanada, Sasana, Albain, ón mBreatain Bheag, ón tSeapáin, ó thíortha Eorpacha éagsúla agus ó áiteanna ar fud na hÉireann.

Is feiliúnach gur in Inis Oírr atá an fhéile, an t-oileán is lú as Oileáin Árann, agus stair luachmhar ballaí cloiche istigh ar an oileán. Tá na ballaí fós linn mar léiriú ar acmhainneacht agus seiftiúlacht mhuintir an oileáin agus an dáimh atá acu leis an talamh leis na céadta bliain. Lámha lucht ceardaíochta atá tar éis na ballaí a mhúnlú, agus tá na ballaí féin tar éis na tír-dhreacha éagsúla atá san oileán sa lá atá inniu ann a mhúnlú agus a leagan amach, an oidhreacht áitiúil á caomhnú i ngach cloch a leagtar go cúramach ann.

Tá an fhéile á maoiniú ag Comhairle Contae na Gaillimhe agus tacaíocht ann ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhar Caomhán Teo. Íocann rannpháirtithe táillí féile (agus lascaine mhór ann).

Déantar ceiliúradh le linn Fhéile na gCloch ar an gceardaíocht ársa agus ar na cleachtais thraidisiúnta atá tagtha chugainn trí na glúnta. Má dhéanaimid na scileanna seo a chaomhnú, cabhair dúinn a bheidh ansin ár bhféiniúlacht chultúrtha agus ár ndáimh lenár sinsir a choimeád.





Deis oideachais atá ann ina gcuirtear ceardlanna agus taispeántais i láthair ar na scileanna agus ar an gceardaíocht a bhaineann ceardaíocht na cloiche i dtíortha ar fud na cruinne. Ar na ceardlanna a bhíonn ann tá ballarach cloiche singile, snoíodóireacht litreacha, snoíodóireacht i gclocha, aol te, sceitseáil agus oiliúint ar úsáid na gcloch. Bíonn daoine in ann teacht ar eolas le linn Fhéile na gCloch agus spreagtar daoine le heolas agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le scileanna oidhreachta a chaomhnú.

Tá tionchar tábhachtach geilleagrach ag baint leis an bhféile chomh maith. Déantar gnólachtaí agus ceardaithe áitiúla atá ag obair le ceardaíocht na cloiche a chur chun cinn. Bíonn an fhéile ann i mí Mheán Fómhair gach bliain, agus tugtar ioncam fiúntach do phobal an oileáin sa séasúr ciúin turasóireachta.

Tá an pobal áitiúil, oibrithe deonacha, ceardaithe agus díograiseoirí ar fad páirteach in eagrú agus i ngníomhaíochtaí na féile. Tá bród ar dhaoine as traidisiúin chultúrtha áitiúla agus as bheith mar pháirt de phobal idirnáisiúnta ina dtagann daoine le chéile gach bliain.

Is minic a úsáidtear acmhainní áitiúla nádúrtha i gceardaíocht na cloiche, mar a fheictear le linn na féile. I ngach gné den fhéile, spreagtar daoine le húsáid fhreagrach inbhuanaithe a bhaint as ábhair agus le gnáthóga nádúrtha a chaomhnú.

Tá scileanna traidisiúnta á gcaomhnú agus á gcosaint san fhéile do ghlúin óg ár linne agus do na glúnta atá le teacht.

Is iad Chloe Ní Mháille, Bainisteoir, Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, agus Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe, a dhéanann an fhéile a bhainistiú. Cúis sásaimh in Inis Oírr ná ardchaighdeán na gcleachtóirí an bhallaraigh cloiche singile a bhí agus atá san oileán, daoine mar Phádraic agus Peadar Phóil, Páraic (Thomáis) Ó Conghaile, Tomás Pheter Mhéiní Ó Conghaile (nach maireann) agus Maidhchí Mhéim Ó Flatharta (nach maireann).








Tugadh aitheantas don ardchaighdeán a bhain le Féile na gCloch in 2014 nuair a bronnadh Dámhachtain Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil ar an bhféile sa chatagóir Tacú leis an Turasóireacht.

Bíonn daoine atá mar chuid de phobal an oileáin páirteach san imeacht agus úsáideann siad meascán de Ghaeilge agus Béarla de réir mar is cuí. Cuirtear an litríocht ar fad a bhaineann leis an bhféile ar fáil go dátheangach agus cuirtear fáilte roimh an lucht féachana sa dá theanga i dtús gach imeachta. Cuireadh liosta nathanna Gaeilge ar fáil do lucht na féile in 2023 chun iad a spreagadh le triail a bhaint as cúpla focal Gaeilge a úsáid agus iad ag caint le pobal an oileáin.

An téama a bhain le féile 2023 ná 'Lámha trasna na hEorpa'. Rinneadh ceiliúradh i dtaispeántas agus leabhrán ar cheardaíocht, oidhreacht agus áilleacht thógáil bhallaí na gcloch singil atá le fáil in Andóra, san Ostair, sa Bheilg, sa Chróit, sa Chipir, sa Fhrainc, sa Ghréig, in Éirinn, i Lucsamburg, sa tSlóivéin agus sa Spáinn.

Faightear aiseolas thar barr gach bliain ó rannpháirtithe, teagascóirí agus pobal an oileáin. Tá neart imeachtaí eile a bhaineann le ballaí cloiche curtha ar bun in Éirinn agus thar lear mar gheall ar dhaoine a casadh ar a chéile le linn Fhéile na gCloch. Déantar an fhéile a chlúdach go fairsing sna meáin gach bliain agus bíonn neart plé uirthi ar na meáin shóisialta.

Tá tuilleadh eolais ar Fhéile na gCloch ar láithreán gréasáin Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe:
heritage.galwaycommunityheritage.org/



# Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Lios Tuathail

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Amharclann agus Dánlann Naomh Eoin, Lios Tuathail. Grianghraf: Victoria McCarthy

Tá stair uasal ag baint le Lios Tuathail, baile álainn an mhargaidh i gContae Chiarraí, ó thaobh oidhreacht luachmhar an bhaile mhóir a thuiscint, a chur chun cinn agus a cheiliúradh.

Tá Tionscnamh na mBailte Stairiúla tar éis tacaíocht a thabhairt don phobal i réimse leathan de thionscadail athnuachana i lár an bhaile i Lios Tuathail, dírithe go speisialta ar Réimsí den Chaomhantas Ailtireachta. Rinneadh iarracht sa tionscadal nasc a fhorbairt idir an deisiúchán bunaithe ar an gcaomhantas agus an athnuachan uirbeach lena dheimhniú go ndéanfaí creatlach na bhfoirgneamh is aitheanta i Lios Tuathail a chaomhnú mar ba cheart. Is é an aidhm a bhain leis ná oidhreacht thógtha an bhaile mhóir a choimeád beo agus á húsáid sna glúnta atá le teacht.

Bhí neart bunoibre déanta cheana féin le hoidhreacht thógtha Lios Tuathail a chaomhnú. Rinne TJ Mahony, iar-Oifigeach Oidhreachta Chiarraí, 'Straitéis Oidhreachta agus Athnuachana faoi Stiúir an Phobail, Lios Tuathail' a sheoladh in 2017, doiciméad ina raibh 18 dtionscadal athnuachana agus plean gnímh lena mbaint amach sna cúig bliana i ndiaidh an tseolta.

Bhí Uirlisí agus Suirbhé ACA Lios Tuathail ar cheann de na gníomhartha sa phlean. Chuir Oifigeach Oidhreachta Tógtha reatha Chomhairle Contae Chiarraí, Victoria McCarthy, iad siúd i bhfeidhm in 2019. Tarraingíodh aird ann ar oidhreacht ailtireachta an bhaile mhóir, rinneadh athnuachan an bhaile mhóir faoi stiúir an phobail a chur chun tosaigh, agus tugadh treoirlínte soiléire d'úinéirí agus forbróirí chun aghaidh a bhfoirgneamh féin a fheabhsú in oibreacha athchóirithe agus athdheisithe amach anseo.

Tharla go raibh deis ann iarratas a dhéanamh le hoibreacha caomhantais a chur i gcrích trí Thionscnamh na mBailte Stairiúla, ar comhthionscnamh é sin atá ag an gComhairle Oidhreachta agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Fuarthas maoiniú do Lios Tuathail in 2021.

Rinneadh lár stairiúil an bhaile mhóir a chaomhnú le haghaidh cónaitheoirí agus turasóirí mar chuid den tionscadal agus, anuas air sin, rinneadh iarracht dul i ngleic le foirgnimh fholmha, deiseanna a aimsiú le struchtúir stairiúla a athúsáid, agus sráid-dreacha a fheabhsú mar thoradh ar oibreacha poiblí treoraithe ag an gcaomhantas.

Tugadh tacaíocht sa tionscnamh do sheachtar caomhnóirí foirgnimh ar an mbaile mór oibreacha caomhantais agus obair uasghrádaithe a dhéanamh ionas go mbeifí in ann na struchtúir stairiúla a úsáid amach anseo. Tá cúig cinn de na foirgnimh ar an gCearnóg, is é sin spás lárnach uirbeach an bhaile mhóir.

Ceann de na hoibreacha caomhantais a cuireadh i gcrích ná go ndearnadh fuinneoga daite a dheisiú in Amharclann

agus Dánlann Naomh Eoin (teampall athchóirithe de chuid Bhord na Prímhide). Reáchtáladh ceardlann léirithe mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta in 2022 inar mhínigh an speisialtóir áitiúil sa chaomhantas gloine dá raibh i láthair an tslí a ndéantar agus a gcaomhnaítear gloine dhaite.

Luaigh sé ag pointe áirithe den léiriú go raibh seal caite aige ag obair ar na fuinneoga daite sa Halla Mór ar scannán Harry Potter. Bhí daoine i lucht na ceardlainne agus an-dúil acu i saothar Harry Potter agus bhí plé bríomhar ann dá bharr faoi chúrsaí in Hogwarts.

Mar chuid den Tionscnamh, bhí dhá fhoirgneamh in aice le Teampall Eoin in ann oibreacha a dhéanamh ar na simléir. Rinneadh rindreáil aoil ar cheann acu leis agus rinneadh deisiúcháin ar an díon ar an gceann eile. Ar fhoirgneamh eile sa timpeallacht chéanna, rinneadh obair dheisiúcháin ar an tsiúinéireacht stairiúil, ar na hearraí báistí agus rinneadh deisiúchán paiste ar mhaisiúchán stucó.

Rinneadh oibreacha deisiúcháin mar chuid de thrí thionscadal i Sráid an Teampaill. Ina measc, bhí foirgneamh amháin a bhí folamh ar feadh tamall fada agus ina ndearnadh athchóiriú suntasach agus obair dheisiúcháin (rinneadh an díon agus an simléar a dheisiú, cuireadh earraí nua isteach i gcás earraí a ndearna uisce fearthainne damáiste dóibh, rinneadh litreoireacht aghaidh an tsiopa a dheisiú, rinneadh an struchtúr a dhaingniú agus rinneadh an áit a athphéinteáil).

Tá torthaí an-rathúil ar an tionscadal, i bhfad níos rathúla ná mar a raibh súil leis ar dtús. Is é an toradh a bheidh ar an obair uasghrádaithe ar éadan agus díon an fhoirgnimh in Uimhir 54 Sráid an Teampaill chomh maith le hathchóiriú 74 Sráid an Teampaill ná go nglacfar seilbh ar na háitribh (dhá fhoirgneamh fholmha a bhí iontu), rud a imreoidh dea-thionchar suntasach ar lár an bhaile mhóir.

Foirgneamh an-suntasach i ndeireadh sraithe is ea Uimhir 19 an Chearnóg, é suite ar an bpríomhbhóthar isteach chun an bhaile mhóir ó Thrá Lí. Tá an obair chaomhantais tar éis cur go mór leis an bhfoirgneamh féin, leis an tsráid-dreach go ginearálta agus leis an bpobal. Tá na hoibreacha ar an díon ar Uimhir 25 an Chearnóg curtha i gcrích agus beifear in ann an foirgneamh a úsáid anois dá bharr.

Rud a imríonn dea-thionchar ó thaobh fostaíocht áitiúil a sholáthar de ná ceardaithe agus cleachtóirí oilte a úsáid leis na hoibreacha caomhantais agus deisiúcháin a dhéanamh. Is ollmhór na buntáistí sóisialta a bhaineann le Tionscnamh na mBailte Stairiúla, daoine agus grúpaí éagsúla á dtabhairt le chéile, an Comhaontas Gnó agus Pobail agus grúpa na mBailte Slachtmhara ina measc agus iad tar éis tacaíocht a thabhairt don phróiseas ón tús.

Bhí ról lárnach ag Victoria McCarthy, Oifigeach Chiarraí don Oidhreacht Thógtha, sa tionscadal. Agus í ag obair leis an bpobal, thug sí cúnamh chun tacú leis an tionscadal agus é a fhorbairt chun maoiniú a fháil. Nuair a fuarthas cead, ise a rinne an tionscadal a bhainistiú. Rinne sí teagmháil le húinéirí foirgneamh, modheolaíochtaí a shocrú agus a fhorbairt. Dheimhnigh sí gur baineadh torthaí ardchaighdeáin amach ó thaobh caomhantais de, an méid sin in am agus de réir an bhuiséid. Dheimhnigh sí fosta go ndearnadh cumarsáid go






19 an Chearnóg, Lios Tuathail. Grianghraf: Victoria McCarthy

leanúnach le pobal Lios Tuathail chomh maith le himeachtaí for-rochtana a reáchtáil le feasacht a fhorbairt, an clár i gcomhair Fhéile 2022 Ailtireacht Chiarraí agus an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ina measc.

Cloíodh le modheolaíocht bunaithe ar an gcaomhantas i ngach gné den tionscadal seo agus, dá bharr sin, fuarthas tuiscint níos fearr ar na tréithe faoi leith a bhaineann leis an oidhreacht thógtha i Lios Tuathail. Buntáiste a bheidh sa tuiscint níos fearr seo nuair a dhéanfar oibreacha caomhantais amach anseo ar an mbaile mór.



# Caomhnú Mhásailéim Phirimide Mhaidilín

COMHAIRLE CONTAE CHILL DARA

An raibh a fhios agat go bhfuil dhá phirimid ar an Nás i gContae Chill Dara? Másailéim Phirimide is ea an dá struchtúr atá i reilig Mhaidilín ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Táthar i ndiaidh iad a athchóiriú mar chuid de thionscadal caomhantais dhá bhliain.

Bhronn Iarla Mhaigh Eo an paiste talún a bhfuil na másailéim phirimide tógtha air – reilig Mhaidilín – ar Choiste Ionadaíochta Eaglais na hÉireann sa bhliain 1782. Thart ar an bpaiste tá ball agus bealach isteach breá ann trasna ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Is iomaí tuama spéisiúil atá ann, mar gheall ar dhearadh na dtuamaí féin agus stair na ndaoine atá adhlactha iontu. Ina measc tá uaigheanna suimiúla ó thús an 20ú haois, mar shampla uaigh Cecil Francis Blacker, Leifteanant ar an Dara Cathlán de na Connaught Rangers a fuair bás de dheasca créachtaí a bhain dó le linn Chath Mons sa bhliain 1914.

As na tuamaí agus comharthaí uaighe ar fad, áfach, is iad na cinn is suntasaí atá ann ná dhá phirimid, a thugann léiriú ar na tréithe faoi leith a bhaineann leis an reilig stairiúil seo. Tá an dá phirimid mar an gcéanna i méid agus cruth a bplean. Tá an dearadh aitheanta céanna acu agus is ionann an chúrsáil thrasnánach ar a bhfásáil chloiche (seachas an chúrsáil chothrománach a bhíonn ann go hiondúil).

Tá ardchaighdeán suntasach ag baint leis an dóigh ar tógadh na pirimidí. Sampla annamh neamhghnách de chineál faoi leith de mhásailéim ó thús an 19ú haois atá sa dearadh corr inar múnlaíodh iad. Níl aon reilig eile in Éirinn a bhfuil dhá phirimid inti. Níl an chúrsáil thrasnánach neamhghnách le fáil ach i gcúpla láithreán eile.

Níl mórán de thaifead déanta ar stair an dá phirimid, ach creidtear gur sna 1830idí a tógadh iad. Níl inscríbhinn ach ar cheann amháin acu, an ceann thiar, lena gcuirtear in iúl cé atá adhlactha ann: Elizabeth Jane Hussey Burgh, an chéad bhean chéile a bhí ag Walter Hussey Burgh. Is léir ó thaifid staire gur rugadh mac agus seachtar iníonacha di ach go bhfuair sí bás sa bhliain 1834 gan í ach 33 bliain d'aois.

Tá muintir De Burgh in ann a ndúchas a rianú siar chomh fada leis an Impire Charlemagne sa Mheánaois. Saolaíodh Thomas Burgh sa bhliain 1670 agus chuaigh sé a chónaí ar an Seanbhaile, an Nás, go luath san 18ú haois. Duine d'innealtóirí míleata móra na hÉireann a bhí ann. Ba eisean a dhear an ailtireacht intí atá ar cheann de na samplaí is mó a bhfuil meas orthu in Éirinn – Seomra Fada na Seanleabharlainne i gColáiste na Tríonóide.

Pósadh a iníon Elizabeth ar Ignatius Hussey as Dún Uabhair, Ceárach, agus thug siad an t-ainm Hussey Burgh orthu féin. Polaiteoir iomráiteach ba ea a macsan Walter Hussey Burgh a bhí go mór ar son na saorthrádála i gcás na hÉireann.

Bhí a mhacsan, Walter Hussey Burgh eile, ina Ard-Sirriam ar Chontae Chill Dara ó 1839, agus pósadh é ar Elizabeth Jane



Tá oibreacha caomhnaithe ar bun faoi láthair ar mhásailéim na bpirimidí.

Fitzgerald, arbh as Contae an Chláir di, atá adhlactha sa phirimid thiar i reilig Mhaidilín.

Ó tharla nach bhfuil aon inscríbhinn ar an dara másailéam pirimide, ní cinnte cé atá curtha ann. Bíodh sin mar atá, ó tharla gur dearadh é atá cosúil leis an gceann eile ach gan iad iomlán mar an gcéanna (brící atá istigh ann seachas clocha), is dócha gur tógadh é sa tréimhse go luath i ndiaidh 1834.

Cuireadh tús leis an tionscadal caomhantais nuair a rinne Primrose Wilson ón Follies Trust, carthanas atá dírithe ar bhaoiseanna na hÉireann a thuiscint agus a chaomhnú, teagmháil le Comhairle Contae Chill Dara in 2019.

Deis a bhí ann grúpaí agus daoine éagsúla a thabhairt le chéile. Ina measc bhí Bridget Loughlin, Oifigeach Oidhreachta, agus Peter Black, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, an bheirt acu ó Chomhairle Contae Chill Dara; The Follies Trust; Coiste Ionadaíochta Eaglais na hÉireann; Aontas Paróistí an Náis; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; agus Éire Ildánach.

I dtús an chláir oibre rinneadh staidéar agus bhí ráiteas modheolaíochta ann don deisiúchán, á ndéanamh ag an gcuideachta Kevin Blackwood and Associates. Fuarthas maoiniú don tionscadal ó fhoinsí éagsúla agus é ar bun, na foinsí seo ina measc: Éire Ildánach, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ó chomhaltaí tofa ar Chomhairle Chontae Chill Dara faoin gCáin Mhaoine Áitiúil do Cheantar Bardasach an Náis.

Ba dheacair an tionscadal a chur i gcrích. Tamall gairid tar éis tús a chur leis an obair, ba léir go raibh i bhfad ní ba mhó fásra taobh thiar den tsaoirseacht chloiche ná mar a raibh dúil leis. Bhí an fásra ag déanamh damáiste do na struchtúir agus, san am céanna, á ngreamú le chéile.

Is iad Vernacular Conservation a rinne an obair, á bainistiú ag an suirbhéir caomhantais Chris McCollum. Bhí leibhéal ard scile agus cúraim ag teastáil lena dheimhniú nach mbainfeadh aon turnamh do na struchtúir agus nach dtiocfadh aon athrú ar an gcuma a bheadh orthu sa deireadh.



Mar chuid den tionscadal tógadh scafall don dá struchtúr, baineadh eidhneán agus crainn óga (fréamhacha freisin má bhí siad tar éis briseadh tríd an struchtúr), scríobadh amach pointeáil stroighne ó na siúnta agus rinneadh iad a phointeáil arís in aol te. Ba ghá méid áirithe dífhuála a dhéanamh ar an gceardaíocht chloiche a bhí ann freisin.

Ós rud é go ndearnadh na struchtúir a chaomhnú in aimsir Covid-19, d'eagraigh an Follies Trust léacht ar líne in 2020 chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn agus le maoiniú breise a lorg. Mar chuid den léacht bhí cur i láthair ann ó Primrose Wilson, Eoin Madigan ó Vernacular Conservation agus ó Bridget Loughlin.

Rinne David Winpenny, údar *Up to a Point: In Search of Pyramids in Britain and Ireland* cur i láthair ar líne ar phirimidí sa Bhreatain agus in Éirinn le maoiniú a thiomsú don tionscadal. Bhí an cur i láthair dírithe ar chomhthéacs stairiúil na bpirimidí agus luadh chomh maith na rudaí saoithiúla i gcomhthéacs na bpirimidí a thagann chun cinn gan choinne.

I léacht eile ar líne rinneadh plé ar stair reilig Mhaidilín. Thug Brian McCabe, staraí áitiúil, achoimre sa léacht seo ar an gcomhthéacs taobh thiar de bhunú na reilige san 18ú haois agus cuntas ar stair cuid de na huaigheanna is suntasaí inti.

Fuarthas maoiniú in 2021 faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha chun na doirse iarainn theilgthe ar an dá mhásailéam pirimide a chaomhnú. Baineadh na doirse anuas i gceardlanna Bushy Park Ironworks. Coinníodh oiread agus ab fhéidir de na doirse mar a bhí siad agus cuireadh isteach glais mhoirtíse ó c.1840.



I mí Lúnasa 2021, thug an Follies Trust eochracha na bpirimidí go foirmiúil don Urramach Philip Heak, Reachtaire Aontas Paróistí an Náis.

Tionscadal comhoibríoch ab ea caomhnú mhásailéim pirimidí Mhaidilín, tionscadal inar tugadh comhpháirtithe éagsúla le chéile le gné thábhachtach d'oidhreacht an Náis a chaomhnú, gné a chaillfí ach ab é sin, seans.

FÍSEÁIN:

Caomhnú Phirimidí Mhaidilín.
https://www.youtube.com/watch?v=XqYxRuAz3_s

Pirimidí sa Bhreatain agus in Éirinn le David Winpenny
https://www.youtube.com/watch?v=_PcrcBpri8A

Stair Reilig agus Chill Mhaidilín
https://www.youtube.com/watch?v=9c_Z3HvOhh8

# Suirbhé ar Thoibreacha Beannaithe Chill Chainnigh

COMHAIRLE CONTAE CHILL CHAINNIGH



Ócáid Aithriste Scéalta faoi Thoibreacha Naofa a bhí ar siúl i dTobar Eoin, Co. Chill Chainnigh, mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta, 2023. Grianghraf: Róisín O'Sullivan

Foinse thar a bheith luachmhar den oidhreacht chultúrtha atá i dtoibreacha naofa. Tugann siad léargas dúinn ar ár n-oidhreacht spioradálta, seandálaíochta, chreidimh, bhéaloidis agus gheolaíoch. Is minic an-ghean ag daoine orthu. Breathnaítear orthu mar áiteanna beannaithe.

De réir mar atá na glúnta is sine ag imeacht ar shlí na fírinne, áfach, tá contúirt ann go gcaillfear an t-eolas agus an béaloideas a bhaineann leis na toibreacha naofa go deo.

Agus an cúlra seo ann, shocraigh Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh gur tionscadal tábhachtach luachmhar a bheadh ann suirbhé a dhéanamh ar na toibreacha naofa i gCill Chainnigh. Ní dhearnadh aon suirbhé córasach roimhe ar thoibreacha naofa an chontae. Ba léir gur chóir a leithéid a dhéanamh sula gcaillfí an t-eolas ó fheasacht an phobail agus ón gcomhchuimhne.

Fuarthas maoiniú faoin Deontas do Phlean Oidhreachta an Chontae ón gComhairle Oidhreachta agus thug Comhairle Contae Chill Chainnigh an maoiniú céanna.

Thug Oifigeach Oidhreachta Chill Chainnigh, Regina Fitzpatrick, faoi shuirbhé tosaigh deisce leis an méid eolais atá ar fáil ar thoibreacha naofa sa chontae a dheimhniú. Rinne sí staidéar ar an modheolaíocht a úsáidtear le suirbhéireacht a dhéanamh ar thoibreacha naofa in údaráis áitiúla eile.

Thug sí grúpa stiúrtha le chéile le go mbeadh daoine ann a bhfuil an saineolas cuí acu a bheadh in ann comhairle a thabhairt i dtaca leis an tionscadal.

Anuas air sin, is é a bhí i gceist le ról Regina ná bainistíocht a dhéanamh ar an iarratas chun na Comhairle Oidhreachta ar mhaoiniú don tionscadal, maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun comhlacht sainchomhairleoireachta seandálaíochta a cheapadh don tionscadal (roghnaíodh Shanarc Archaeology), plé a dhéanamh leis an gcomhlacht sin agus le pobail i dtaobh an tionscadail, chomh maith le feachtas eolais agus rann-pháirtíochta a fhorbairt leis an bpobal lena n-eolas, traidisiúin agus béaloideas féin a bhaineann le toibreacha naofa ar fud an chontae a bhailiú.

I measc na bhfoinsí a aimsíodh mar chuid den staidéar deisce bhí comhaid thopagrafacha ó Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann, foinsí cartagrafacha, grianghraif ón aer, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Tionscadal Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh, foinsí logainmníochta agus neart eile.

Foinse a bhí an-úsáideach mar chuid den staidéar deisce ná tráchtas le Pádraig Ó Dálaigh ina ndearnadh iniúchadh ar cheithre staidéar a bhain le toibreacha i gContae Chill Chainnigh sa tréimhse 1837 go 1969.

Ós rud é go bhfuil an oiread sin den stair agus den eolas a bhaineann le toibreacha naofa beo sa bhéaloideas, bhí sé fíorthábhachtach dul i gcomhairle

go fairsing leis an bpobal. Chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí oidhreachta ar fud an chontae le heolas áitiúil a bhailiú, eolas nár taifeadadh riamh i gcuid mhaith cásanna. Úsáideadh modhanna éagsúla chun dul i mbun plé leis an bpobal agus chun iarraidh orthu teagmháil a dhéanamh má tharla eolas a bheith acu.

D'éirigh linn dul i dteagmháil le lucht éisteachta leathan in agallaimh ar an raidió áitiúil ar KCLR, Beat agus Raidió Pobail Chill Chainnigh, agus le lucht léitheoireachta in ailt ar nuachtáin áitiúla (*Kilkenny People, Kilkenny Observer*). Fuarthas cuidiú chomh maith ar an leathanach Facebook The Holy Wells of Kilkenny le comhráite a thosú agus eolas nua a aimsiú.

Bhí na hiniúchtaí a rinne Grace Fegan agus Marion Sutton ó Shanarc Archaeology riachtanach sna hiarrachtaí le fáil amach cén saghas agus cén méid a mhair d'aon fhianaise os cionn talún ar láithreán oidhreachta cultúrtha.

Rinneadh iniúchtaí ar na 116 láithreán ar a bhfuil tobar naofa agus eolas ann faoin áit a bhfuil siad. Ós rud é go bhfuil bunús na láithreán ar thalamh príobháideach feirme, ba ghá cead a fháil ón úinéir talún le dul ar an talamh.

Mar chuid de na hiniúchtaí, rinneadh taifead scríofa agus fótagrafach den láithreán. Nuair ba ghá, úsáideadh grianghrafadóireacht dróin le tuiscint a fháil ar thimpeallacht an láithreáin.

Thángthas ar eolas nua faoi láithreáin nach raibh eolas ann fúthu roimhe sin (nó faoi láithreáin nach rabhthas cinnte faoin áit a bhfuil siad) agus an tionscadal ar bun, go háirithe i ndiaidh tabhairt faoin gcomhairliúchán poiblí. Bhí an méid sin millteanach suntasach ar fad. Dá dtarlódh nach dtabharfaí faoin tionscadal, is dóichí ná a mhalairt go bhfanfadh na toibreacha céanna sin gan aon taifead a dhéanamh díobh agus bheidís caillte mar pháirt dár n-oidhreacht chultúrtha.

Agus an tionscadal ar bun, bhí an fhoireann ábalta an t-eolas a bailíodh maidir le tobar naofa áirithe a thabhairt isteach sa phlé ar fhorbairt tithíochta a ainmniú. Léiriú a bhí sa mhéid sin ar an tábhacht a bhaineann le sonraí mar seo mar thacaíocht agus cinntí á ndéanamh, cinntí atá bunaithe ar an oidhreacht i gceantair áirithe, agus chun cuimhne agus tábhacht na n-áiteanna seo a choinneáil beo.

Bhíothas in ann tairbhe a bhaint sa staidéar as an eolas láidir ar an mbithéagsúlacht atá ag Marion Sutton ó Shanarc Archaeology. Bhí Marion in ann na tuairimí sin a úsáid sna hiniúchtaí agus sa staidéar.

Is é an cuspóir atá leis an tionscadal ná le bunachar sonraí ar líne a chur ar bun agus eolas oidhreachta ann ar thoibreacha naofa sa chontae. Tá tuarascáil á hullmhú ina dtabharfar achoimre ar an méid a fuarthas amach sa staidéar agus ina gcuirfear ábhar ar fáil le go mbeifear in ann toibreacha naofa sa chontae a thuiscint agus a chur chun cinn.

Reáchtáladh 'Seisiún Cainte agus Scéalaíochta' ag Tobar Eoin i Lúnasa 2023 i gcomhairle le hOifigeach Oidhreachta Chill Chainnigh mar imeacht for-rochtana le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta.

Mar chuid den ócáid cuireadh an méid a bhí faighte amach go dtí sin sa Staidéar ar Thoibreacha Naofa Chill Chainnigh os comhair an phobail agus chuir cuid daoine a scéalta agus traidisiúin féin i láthair a bhaineann le toibreacha naofa. Deis a bhí ann labhairt leo siúd a bhí ann agus foghlaim uathu.





Tugtar léargas sa Suirbhé ar an tábhacht a bhaineann le toibreacha naofa do dhaoine sna pobail thart orthu agus an dóigh a bhfuil siad mar chuid de mhuintearas agus féiniúlacht na ndaoine sin. Téann daoine chuig toibreacha naofa ina gceantar féin chun freastal ar Aifrinn bhliantúla. Téann siad sa tóir ar leigheasanna, nó le bheith amuigh sa dúlra, agus ar chúiseanna go leor eile.

Tá bá ag na glúnta go léir leis an mbéaloideas agus traidisiún a bhaineann leis na háiteanna seo. Is é atá le tuiscint ón aiseolas a fuarthas, go háirithe ó dhaoine sa phobal atá scothaosta, ná go bhfuil siad buartha go ndéanfaidh daoine dearmad de na toibreacha naofa, go gcaillfear iad nó go dtógfar rudaí eile orthu.

Sa tionscadal seo rinneadh eolas faoi na toibreacha a thaifeadadh agus a léarscáiliú, rud a fhágann go mbeidh taifead ann ar na toibreacha féin agus ar na traidisiúin a bhaineann leo. Táthar tar éis ról na dtoibreacha a chaomhnú chomh maith mar ghnéithe tábhachtacha dár dtírdhreach cultúrtha agus tógtha in aon phleanáil a dhéanfar feasta don chontae.

Bhí Céim 1 den tionscadal ar bun ón earrach go dtí an fómhar in 2023. Beidh Céim 2 ann in 2024 ag brath ar mhaoiniú.



# Seaneaglais agus Reilig Pheadair

COMHAIRLE CONTAE LAOISE

Seaneaglais agus Reilig Pheadair i ndiaidh na n-oibreacha caomhnaithe

Is ceann de na láithreacha is sine i mbaile Phort Laoise é Seaneaglais agus Reilig Pheadair agus é ag dul chomh fada siar agus lár an 16ú haois. Tá ról an-suntasach ag an láthair seo agus dlúthnasc idir é agus bunús an bhaile.

Thart ar 1547, go gairid i ndiaidh thús na n-oibreacha tógála ar an gcéad dún i bPort Laoise, tógadh an séipéal agus an reilig seo. Cé gur thosaigh sé amach mar eaglais Chaitliceach, ba mhinic le linn na gcéadta bliain a d'athraigh Seaneaglais Pheadair chuig Eaglais Shasana agus ar ais chuig an Eaglais Chaitliceach Rómhánach, rud a léirigh torthaí coimhlintí agus imeachtaí éagsúla i stair na hÉireann.

Leagadh an séipéal thart ar 1837 agus níor fágadh ach an túr cearnach atá fós le feiceáil. Baineadh úsáid as an reilig go dtí an 20ú haois ach, le himeacht na mblianta, bhí an láthair ar fad dearóil agus sé lán d'fhásra, ballaí teorann agus cuimhneacháin uaighe contúirteacha, geata nach raibh ag obair, agus cloigtheach a bhí i ndroch-chaoi agus a measadh é a bheith neamhshábháilte. Mar thoradh air sin, bhí Seaneaglais agus Reilig Pheadair dúnta don phobal le blianta fada.

Bhí roinnt daoine tiomanta don láthair a athchóiriú, lena n-áirítear Cumann Bhaile Slachtmhar Phort Laoise a chuaigh chuig Comhairle Contae Laoise (úinéir an tsuímh) le moladh chun creatlach stairiúil an tsuímh a chaomhnú. Bhíothas ag súil freisin go bhféadfaí áit le haghaidh machnamh ciúin laistigh a athchruthú laistigh de bhaile Phort Laoise, ar baile gnóthach é.

In 2016, d'oibrigh Oifigeach Oidhreachta Laoise ag an am, Catherine Casey, leis an bpobal chun plean bainistíochta caomhantais a fhorbairt. Fuair sí maoiniú don tionscadal thar thréimhse cúig bliana, rinne sí foirne dearaidh agus tógála a cheapadh agus ealaíontóirí a choimisiúnú, chuir sí feabhsuithe éiceolaíochta isteach, agus rinne sí bainistiú tionscadail ar na hoibreacha caomhnaithe agus feabhsúcháin ar fad ar an láthair.

Toisc gur bhain go leor gnéithe éagsúla leis an tionscadal agus gur lean sé ar aghaidh thar roinnt blianta, maoiníodh é ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Laoise, an Chomhairle Oidhreachta, Éire Ildánach, Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (is é an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a mhaoiníonn an dá cheann deiridh).

Roinneadh na hoibreacha ina gcéimeanna idir 2017 agus 2022, lena n-áirítear na geataí d'iarann buailte, na ballaí teorann agus na cuimhneacháin uaighe a chaomhnú. Rinneadh cothabháil agus bainistiú ar chrainn agus ar fhásra eile sa reilig, agus caomhnaíodh cloigtheach an tséipéil a bhí ann ón 16ú haois.

In 2019, coimisiúnaíodh múrphictiúr don láthair agus d'oibrigh an t-ealaíontóir



Na geataí iarainn bhuailte sa reilig.



Oibreacha caomhnaithe ar siúl sa reilig.

Shane Sutton i gcomhar le rang na hIdirbhliana i gColáiste Dhún Másc in aice láimhe chun é a bhaint amach. Léiríonn an múrphictiúr Ruaidhrí Óg Ó Mórdha agus a bhean Maighréad Ní Bhroin (de chlann cáiliúil Uí Bhroin as Cill Mhantáin).

D'oibrigh Oifig Oidhreachta Laoise go dlúth le Cumann Baile Slachtmhar Phort Laoise le linn an tionscadail. Bhí siad ina gcomhpháirtithe freisin sa chlár Uchtaigh Séadchomhartha, arna reáchtáil ag an gComhairle Oidhreachta agus Oidhreacht Abarta. Tríd an scéim seo, maoiníodh cuid den obair chaomhnaithe i Seaneaglais agus Reilig Pheadair.

Rinneadh an-bhainistiú ar éiceolaíocht na láithreach freisin agus rinneadh suirbhéanna ar ialtóga lena chinntiú nach ndearnadh aon dochar don bhithéagsúlacht ar an láthair mar thoradh ar na hoibreacha caomhantais. Suiteáladh boscaí d'ialtóga ar bhallaí na láithreach agus, tar éis teacht ar choilíneacht rathúil gabhlán gaoithe i bPort Laoise, suiteáladh boscaí neadaithe gabhlán gaoithe freisin (i gcomhpháirtíocht le hIonad Ealaíon Dhún Másc in aice láimhe).

Bainistítear an féar ar an láthair chun tairbhe na bpailneoirí agus suiteáladh suíocháin chun a chinntiú go bhféadfadh daoine áitiúla an áit mhachnaimh chiúin seo a úsáid.

Lá mór a bhí ann do gach duine a raibh baint acu leis an tionscadal é lá oscailte foirmiúil na láithreach i Meitheamh 2023, agus d'fhreastail baill den phobal, ionadaithe tofa, foireann na Comhairle, baill Chumann Oidhreachta Laoise, innealtóir, seandálaí agus saor cloiche caomhnaithe an tionscadail, mar aon le comharsana agus cairde an tionscadail.

Lá tochtmhar a bhí ann freisin toisc go raibh an Comhairleoir Jerry Lodge, nach maireann, ina measc siúd a bhí páirteach sa tionscadal. Bhí Jerry ina thathantóir, ina thacadóir agus ina ghníomhaí praiticiúil ó thaobh an tionscadail de, sula bhfuair sé bás in 2018. Thug gach duine a bhí i láthair iatheantas dá dhíograis.

Bronnadh Gradam Meantóra an chláir



Thomasina Connell, Cathaoirleach Chomhairle Contae Laoise, ag gearradh an ribín i measc aíonna chun Seaneaglais agus Reilig Pheadair a athoscailt go hoifigiúil i Meitheamh 2023. Grianghraf: Michael Scully


https://laois.ie/departments/heritage/conservation-projects/old-st-peters-graveyard/

'Uchtaigh Séadchomhartha' de chuid na Comhairle Oidhreachta ar an tionscadal in 2022. Bronnadh é ar Choiste Baile Slachtmhar Phort Laoise mar aitheantas ar an éacht iontach atá déanta aige ó thaobh chaomhnú na láithreach de.

Is é stair luath Phort Laoise ná gur tháinig sé ar an bhfód timpeall ar dhún plandála Túdarach agus tógadh an séipéal chun freastal ar an dún agus a shaighdiúirí. Fágadh ina láithreáin é ar feadh na mblianta, agus is léiriú é sin ar an easpa aitheantais a tugadh ar ghnéithe coilíneacha de stair an bhaile.

Rinneadh na hoibreacha caomhantais ar Sheaneaglais agus Reilig Pheadair mar chuid de thionscadal caomhantais ní ba leithne ar an dún 16ú haois i gcroílár Phort Laoise. Mar thoradh ar an athnuachan oidhreacht-treoraithe a rinneadh ar chroílár stairiúil an bhaile, tá ceolscoil rathúil, ionad bairr feabhais ísealcharbóin agus spás nua d'imeachtaí le fáil ann anois. Tá dul chun cinn maith déanta chomh maith ar phleananna do thithíocht shóisialta agus iarsmalann don chontae.

Is iontach an rud é an reilig a fheiceáil anois agus é caomhnaithe agus athchóirithe go hiomlán ina hionad fíorthábhachtach i gcroílár shaol an phobail i bPort Laoise. Is léiriú é ar luach na hoidhreachta maidir le cabhrú linn an t-am atá thart a thuiscint agus a ghlacadh chugainn, agus sinn ag bogadh ar aghaidh agus ag pleanáil don todhchaí.



# An Tionscadal ‘Mummers’ Join’

COMHAIRLE CONTAE LIATROMA



Mórshiúl na gCleamairí i Maothail, Co. Liatroma. Grianghraf: Edwina Guckian

I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáladh le linn thionscadal rathúil athbheochana na gcleamairí i Liatroim in 2022 agus 2023, bhí coirce a bhuain, hataí tuí a dhéanamh agus drámaí cleamairí a léiriú.

Díreach cosúil le go leor pobail ar fud na hÉireann, tá traidisiún láidir cleamairí i Liatroim le fada an lá. Is cineál léirithe béaloidis í cleamaireacht a théann siar roinnt céadta bliain. Is éard atá i gceist leis ná feisteas a chaitheamh agus dul ó dhoras go doras ag aithris dráma véarsaíochta ina mbíonn na seancharachtair chéanna.

In Éirinn, is le linn na Nollag is mó a dhéantar cleamaireacht (bheadh cur amach ag go leor daoine ar lucht an dreoilín atá cosúil le cleamairí, cé cach bhfuilid go hiomlán mar a chéile).


Bhí sé mar aidhm ag Tionscadal ‘Mummers Join’ i Liatroim muintir an chontae a chur i dteagmháil le hoidhreacht cleamaireachta an chontae, rud a bhí i mbaol a caillte go hiomlán. Ba iad an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Liatroma a mhaoinigh an tionscadal. Rinne Oifigeach Oidhreachta Liatroma, Sarah Malone, agus an t-ealaíontóir Edwina Guckian an tionscadal seo a fhorbairt. Bhí Sarah i gceannas ar thiomsú airgid agus bainistíocht tionscadail, agus d’oibrigh Edwina mar chomhordaitheoir an tionscadail ‘Mummers’ Join’.

Trí na meáin shóisialta agus le cabhair ón nuachtán áitiúil, The Leitrim Observer, rinneadh glaoch amach in earrach 2022 ag cur fáilte roimh dhaoine, idir óg agus aosta, beag beann ar náisiúntacht páirt a ghlacadh sa tionscadal.

Cuireadh málaí síolta orgánacha coirce agus lín ar fáil saor in aisce ionas go bhféadfadh daoine iad a chur ag fás ar a dtalamh féin mar chuid den tionscadal. Chláraigh breis agus 200 duine chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh agus bhailigh siad na síolta.

Cruthaíodh Meitheal chun na síolta a chomhchur in Aibreán 2022 ar Fheirm Éiceolaíoch Mhoin Aillionn. Bhí sé beartaithe na barra seo a úsáid i nósanna cleamaireacht, e.g. hataí tuí. D'ullmhaigh an t-úinéir Tommy Earley dhá acra talún trí threabhadh agus cliathadh a dhéanamh, agus chuir daoine sna síolta coirce san ithir agus teorainn imlíne de shíolta lín mórthimpeall air sin.

Cé go raibh aithne ag go leor daoine sa phobal ar a chéile cheana féin, ba dheis é seo chun naisc nua a chruthú, go háirithe ina measc siúd a bhí díreach tar éis bogadh chuig an gcontae. Féach ar an bhfíseán gearr seo den imeacht:




https://www.youtube.com/watch?v=5bEMs0WCI90

Reáchtáladh roinnt gníomhaíochtaí eile le linn 2022, lena n-áirítear turas timpeall na feirme chun dul chun cinn an choirce a cuireadh le linn na Meithle a fheiceáil, ceardlanna déanta hata tuí, agus caint inar míníodh béaloideas thraidisiún na cleamaireachta ag Ionad na nGleannta i gCluainín.

Agus an fómhar ag druidim linn, eagraíodh Meitheal chun an coirce a bhaint. Tháinig an-chuid daoine breacaosta chun labhairt leis an slua faoina gcuimhní cinn maidir le coirce a chur agus a bhaint, agus tugadh léiriú ar conas coirce a bhaint de láimh le corrán agus speal. Toisc go raibh a n-uirlisí féin ag an lucht féachana leo, bhí sé in am dóibh an méid a bhí foghlamtha acu a chur i ngníomh!

Ceiliúradh pobail a bhí sa Mheitheal ina raibh bia ar fáil do na buainteoirí (lena n-áirítear bagún agus prátaí déanta ar thine mhóna thraidisiúnta) agus ceoltóirí ag seinm.

Reáchtáladh Camino na Carraige ar an lá céanna agus Meitheal an fhómhair. Shiúil breis agus 2,000 duine thar an bplota coirce agus stop an-chuid díobh chun pictiúir a ghlacadh agus chun a fháil amach conas a d'fhéadfaidís a bheith páirteach ann. Féach ar fhíseán an lae:



https://www.youtube.com/watch?v=5aloIMlSiGk



Ceardlann Déanta Hataí de chuid 'Mummers' Join' le linn Sheachtain na hOidhreachta 2022. Grianghraf: Edwina Guckian

I mí Mheán Fómhair 2022, cuireadh roinnt daoine ar fud an chontae faoi agallamh faoi chuimhní cinn na gcleamairí ar laethanta a n-óige. Chuir an t-eolas seo bonn eolais faoin gcéad chéim eile den tionscadal – dráma nua cleamairí a chur le chéile ina gcuimsítear ceol, amhránaíocht agus rince nua-choimisiúnaithe a bhain leis na cleamairí agus le Contae Liatroma.

Baineann cleamairí úsáid as feisteas chun a gcuid n-aithne a cheilt agus i Liatroim, an nós a bhí ann ná gléasadh go hiomlán le tuí. Eagraíodh 6 cheardlann phobail maidir le conas hataí agus cultacha cleamairí a dhéanamh.

Bunaíodh 12 ghrúpa cleamairí nua ar fud an chontae, agus ceapadh captaen i ngach grúpa. Tugadh an dúshlán do rannpháirtithe dráma nua na gcleamairí a chleachtadh agus é a léiriú ansin trí dhul timpeall ó theach go teach ina bpobail féin.

Ní hamháin gur daoine as Liatroim a bhí ag iarraidh a bheith páirteach – tháinig fiosrúcháin ó dhaoine ar fud na hÉireann agus ó áiteanna chomh fada i gcéin agus an Iorua, an Fhionlainn, an tSeapáin, SAM, an Fhrainc agus an Spáinn. Scaipeadh an scéal an oiread sin gur tugadh cuireadh don tionscadal 'Mummers' Join' páirt a ghlacadh i Seó Ray D'Arcy ar RTÉ Raidió a hAon.


Bhain gné láidir oideachais leis an tionscadal freisin trí na scileanna agus na ceardaíochta a theagasc d'aos óg an chontae, sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna.

Ghlac an pobal an-pháirt sa tionscadal agus, mar sin, táthar ag súil go leanfaidh an spéis athnuaite sa chleamaireacht ar aghaidh agus go leanfar ar aghaidh lena cleachtadh nuair a thiocfaidh deireadh leis an tionscadal dhá bhliain seo in 2023.



Meitheal an Fhómhair, a tharla i bhFómhar 2022. Grianghraf: Edwina Guckian

Is sampla spreagúil é an tionscadal seo ar conas cleachtas oidhreachta cultúrtha a athbheochan agus conas is fearr braistint chómhuintearais agus úinéireachta a chothú sa phobal.





# Ciste na Séadchomharthaí Pobail

COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH

Eaglais Ghleann Fhógra, Co. Luimnigh. Grianghraf: Thomas O'Neill

Is áit an-saibhir í Luimneach ó thaobh cháilíocht, éagsúlacht agus fairsinge na séadchomharthaí agus na tírdhreacha seandálaíochta atá fós ann. Tá breis agus 8,000 séadchomhartha le fáil ar fud an chontae agus cuirtear breis láithreacha leis an liosta gach aon bhliain.

I measc na séadchomharthaí atá le fáil ann, tá idir na láithreacha cónaithe réamhstairiúla fairsinge ag Loch Goir agus na ráthanna a tógadh níos déanaí agus na luatheaglaisí agus bunsraitheanna de mhainistreacha atá scaipthe ar fud an chontae; an Chathair Lochlannach agus slabhra meánaoiseach de chaisleáin, bailte, mainistreacha agus eaglaisí paróiste, chomh maith leis na tithe baile mhóir agus túirthithe a tógadh níos déanaí fós.

Oibríonn Oifigeach Oidhreachta Luimnigh, Tom O'Neill chun tacú le seandálaí an chontae, Sarah McCutcheon, mar chuid den chlár 'Ciste na Séadchomharthaí Pobail'. Agus é maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tacaíonn an clár le caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí áitiúla agus láithreacha stairiúla.

Bhí Tom agus Sarah tar éis oibriú le chéile ar thionscadail éagsúla i gcaitheamh na mblianta, ach ó thaobh Chiste na Séadchomharthaí Pobail, ba léir gan mhoill go bhféadfaidís oibriú i gcomhar lena chinntiú go bhféadfaí freastal ar eilimintí den oidhreacht nádúrtha agus tógtha araon.


I gcás gach séadchomhartha, déileálann Tom le saincheisteanna fiadhúlra, ag díriú go háirithe ar shuirbhéanna fiadhúlra agus ag eisiúint moltaí caomhnaithe fiadhúlra. Ós rud é go ndéanann an tOifigeach Oidhreachta na suirbhéanna seo go hinmheánach, ní bhíonn gá le hairgead breise a chaitheamh chun saineolas seachtrach a fhostú.

Cuireann a mholtaí bonn eolais ina dhiaidh sin faoi chineál na n-oibreacha maolaithe a theastaíonn chun na struchtúir sheandálaíochta a chaomhnú; is é sin an réimse ar a bhfuil Sarah i gceannas.

Dréachtaítear cláir oibre a chumasaíonn caomhnú na struchtúr seo, agus a cheadaíonn cosaint an fhiadhúlra a gcónaíonn iontu.

Is é an chéad chéim den tionscadal gach bliain ná scrúdú a dhéanamh ar liosta Chiste na Séadchomharthaí Pobail ina leagtar amach na struchtúir ar a ndéanfar obair le linn na bliana dar gcionn. Déantar na séadchomharthaí sin a rangú lena chinntiú go gceadaítear go leor ama chun suirbhéanna fiadhúlra a dhéanamh agus trealamh a ullmhú dá réir.

Léiríonn an comhoibriú seo idir an tOifigeach Oidhreachta agus an seandálaí an tslí a gcabhraíonn an comhoibriú seo chun an oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht thógtha a chaomhnú. Ligeann sé freisin d'eolas a fhorbairt laistigh den eagraíocht, agus d'fhorbairt na gcleachtas is fearr maidir le caomhnú na seandálaíochta agus an dúlra laistigh d'aon scéim amháin.



# Bunachar Sonraí ar Líne Chontae an Longfoirt de Phearsanra Míleata

COMHAIRLE CONTAE AN LOINGFOIRT

www.longfordatwar.ie

Forbraíodh Bunachar Sonraí ar Líne Chontae Longfoirt de Phearsanra Míleata ar féidir teacht air tríd an suíomh gréasáin www.longfordatwar.ie, mar chuid den chomóradh a rinne Contae an Longfoirt ar chomóradh céad bliain an Chéad Chogaidh Dhomhanda (1914-1918).

Tá sonraí le fáil sa bhunachar sonraí inchuardaithe faoi mhuintir an Longfoirt a fuair bás sa Chéad Chogadh Dhomhanda, i mbun comhraic nó de bharr gortuithe. Áirítear ann daoine a rugadh sa chontae agus daoine ó áiteanna eile a raibh cónaí orthu sa Longfort tráth a liostála.

Ba é an staraí míleata áitiúil, Hugh Farrell, a spreag an tionscadal bunachar sonraí seo 'Longford at War'. Bhí Hugh tar éis blianta fada a chaitheamh ag bailiú ainmneacha agus scéalta na bhfear ó Chontae an Longfoirt a throid sa Chéad Chogadh Domhanda.

Ba é bunchuspóir an tionscadail ainmneacha na ndaoine go léir a bhain le fórsaí na gComhghuaillithe agus a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda a shainaithint agus a thiomsú, lena n-áirítear neamhchomhraiceoirí amhail altraí, agus iad siúd a fuair bás nuair a chuaigh an RMS Leinster go tóin poill i 1918. Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an tionscadal chun an 15 duine as Longfort a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca 1916 agus i gcoimhlintí eile, mar shampla, Cath Waterloo, a chur san áireamh.

Agus é maoinithe ag Comhairle Contae an Longfoirt agus an Chomhairle Oidhreachta faoi chiste Phlean Oidhreachta an Chontae, bhí an tionscadal faoi stiúir Oifigeach Oidhreachta an Longfoirt, Máiréad Ní Chonghaile, a bhí ar dhuine de na taighdeoirí agus eagarthóirí a d'oibrigh ar an mbunachar sonraí ar líne, i gcomhpháirtíocht le Cumann Staire Chontae an Longfoirt.

Cuireadh tús leis an tionscadal in 2013 agus, ag an am sin, bhí liosta de 300 taismeach ó Chontae an Longfoirt bainteach leis an gCéad Chogadh Domhanda ar fáil do chomhpháirtithe an tionscadail. D'fhorbair Coistí na Se-an-Shaighdiúr é seo sna 1920idí agus, ina dhiaidh sin, rinne staraithe áitiúla taighde maidir leis na taismigh seo, chomh maith le saighdiúirí eile a d'fhóin sa Chéad Chogadh Domhanda, lena n-áirítear grianghraif a ghlacadh d'uaigheanna saighdiúirí.

Chun an saothar seo a chur ar fáil, bhain an chéad chéim den tionscadal leis an mbunachar sonraí ar líne agus an suíomh gréasáin tosaigh ar líne, lena n-áirítear taispeántas insínte a thugann forbhreathnú ar an gCogadh Mór agus róil daoine ón Longfort i ngach feachtas ó Chath an Somme go feachtas na Palaistíne.

Mar chuid d'imeacht le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, thug Comhairle Contae an Longfoirt cuireadh don phobal rudaí agus earraí cuimhneacháin ón gCéad Chogadh Domhanda a thabhairt isteach. De réir mar a lean an tionscadal ar aghaidh ag fás agus ag leathnú, spreagadh níos mó




Bunachar Sonraí ar Líne Chontae Longfoirt de Phearsanra Míleata, ar féidir teacht air tríd an suíomh gréasáin.

agus níos mó teaghlaigh aitheantas a thabhairt do bhaill a dteaghlach a ghlac páirt sa Chéad Chogadh Domhanda agus comóradh a dhéanamh orthu go poiblí

Tháinig pobail i gCaonach, sa Léana Mór, i dTeach Sinche agus i Meathas Troim le chéile chun a mairbh áitiúla a chomóradh i gcuimhneacháin phoiblí ina mbailte agus sráidbhailte. Tá na cuimhneacháin sin á gcothabháil go bródúil ag na pobail chéanna ó shin.

De réir a chéile, leathnaíodh an bunachar sonraí ar líne ón gCogadh Mór chun pearsanra míleata áitiúla a bhí páirteach i gCogadh na mBórach, Chogadh Cóiréach agus i gCogadh na Leithinse, chomh maith le baill d'fhórsaí míleata eile thar lear a chur san áireamh freisin.

Tá an bunachar sonraí ar líne agus an suíomh gréasáin le bheith ina n-acmhainn ghinealais go príomha. Nuair is féidir, tugtar naisc ann d'acmhainní ar líne atá ar fáil go héasca, mar shampla tuairisceáin Dhaonáireamh 1901 agus 1911. Is tionscadal leanúnach é, agus spreagtar teaghlaigh agus pobail le leanúint le hainmneacha agus grianghraif nua agus faisnéis bhreise a sholáthar.

Dar leis an Oifigeach Oidhreachta, Máiréad Ní Chonghaile, bhí nochtadh na gcuimhneachán pobail arna spreagadh agus arna n-éascú ag an tionscadal ar cheann de bhuaicphointí móra an tionscadail.

Ba thochtmhar ar fad an lá a d'fhreastail Joan Sugrue, gariníon an fhir an phoist, William Henry Wakefield, a bhí ar dhuine den seisear ó Chontae an Longfoirt a fuair bás ar an RMS Leinster, ar an ócáid comórادh céad bliain a bhí ar siúl sa chontae.

Bhí an staraí áitiúil Doreen McHugh tar éis teagmháil a dhéanamh léi agus thug sí cuireadh di teacht chuig an imeacht chun ceangal a seanathar agus a muintire leis an gcontae a chomóradh. Dúirt Doreen Sugrue go raibh lúcháir uirthi freastal ar an gcomóradh agus gur mhór an onóir dá seanathair é go ndearnadh comóradh air agus gur labhraíodh faoi mar fhear teaghlaigh a raibh saol aige, agus ní hamháin mar chorp nár thángthas riamh air.

Bhain an-tábhacht leis an tionscadal maidir le ligean do theaghlaigh agus do phobail aitheantas a thabhairt ar dhaoine óna gceantar áitiúil agus comóradh a dhéanamh orthu siúd a ndearnadh dearmad orthu d'aon ghnó i gcásanna áirithe toisc go ndearna siad seirbhís in Arm na Breataine.

Léirigh daoine aiseolas thar a bheith dearfach faoin mbunachar sonraí ar líne agus an suíomh gréasáin, agus faoin tionscadal go ginearálta. Cuireadh fáilte mhór roimh an smaoineamh an bunachar sonraí a leathnú, ní hamháin ó mhuintir na háite ach ó dhiaspóra an Longfoirt ar fud an domhain, a bhfuil eolas curtha isteach acu ó áiteanna chomh fada i gcéin agus na Stáit Aontaithe agus an Astráil.

An líne ar barr: Patrick agus Thomas Cassells, deartháireacha ón Tuar Buí, Carraig Éamainn. D'éag Pádraig ar an 12 Deireadh Fómhair 1918 agus d'éag Tomás ar an 13 Lúnasa 1918 le linn seirbhíse in Arm Stáit Aontaithe Mheiriceá. Cóipcheart Leabharlann & Sinsearacht Stáit Connecticut

An líne sa lár: Fuair Sophia Violet Barrett a raibh cónaí uirthi sa Lios Liath, Caonach, bás ar an RMS Leinster ar an 10 Deireadh Fómhair 1918. Bhí sí ina banaltra le hOtharsheirbhís Naomh Eoin sa JWVAD agus rinne sí seirbhís sa Fhrainc.

Ag an mbun, ar chlé: Henry Wakefield, oibrí poist a rugadh sa Lios Breac, Co. an Longfoirt a fuair bás nuair a chuaigh an RMS Leinster go tóin poill, mar aon le Sophia Barrett. D'fhreastail gariníon Henry, Joan Sugrue ar an imeacht comóradh céad bliain i gContae Longfoirt.

Ag an mbun, ar dheis: Maraíodh Luke C. Farrell ó Lios na Croise, Béal Átha Liag, i gcomhrac ar an 1 Feabhra 1915, agus é i mbun seirbhíse leis an gcéad chathlán sna Gardaí Éireannacha. Bhí a dheartháir, an tAthair Peter O'Farrell ina shéiplíneach sa Chéad Chogadh Domhanda.






# Mionlogainmneacha agus Seanbhóithre Leithinis Chuaille a Mhapáil

COMHAIRLE CONTAE LÚ

Ag tús Chosán an Mhangaire ó Ghleann na bhFiach. Grianghraf: Ken Finegan

Bhí canúint uathúil Ghaeilge á labhairt go forleathan in ardtailte Leithinis Chuaille i gContae Lú, agus in áiteanna in aice láimhe i ndeisceart Ard Mhacha, suas go dtí na 1940idí. Bhí na cainteoirí dúchasacha deireanacha in Ardachadh, ó thuaidh ó Ó Méith fós ina mbeathaigh sna 1960idí, nó fiú go luath sna 1970idí.

Le himeacht ama, ní raibh mórán de mhionlogainmneacha na Leithinise atá sa chanúint seo, á n-úsáid go forleathan a thuilleadh agus bhí baol ann go gcaillfí iad.

Ó 2015 i leith, tugadh faoi roinnt tionscadal aonair chun na logainmneacha seo a mhapáil agus a chaomhnú. Nuair a chuirtear le chéile iad, is sampla iontach iad na tionscadail seo de thionscadal oidhreachta ilchéime a rinneadh le hionchuir ó ghrúpaí éagsúla agus as ar tháinig roinnt aschur éagsúil. Ina measc siúd, tá dhá staidéar foirmiúla, físeán, agus cóip chrua de léarscáil ar féidir le siúlóirí a cheannach sna siopaí áitiúla.

Ba é Tionscadal Ainmneacha Páirce Chontae Lú (2012-2014), arna mhaoiniú ag LEADER, a spreag na tionscadail seo an chéad lá riamh. Léirigh sé saibhreas na n-ainmneacha páirce agus gnéithe eile sa chanúint áitiúil atá dulta i léig anois, faraor, agus go háirithe ina léiriú sna mionlogainmneacha atá ar na sléibhte agus ar na cnoic (atá fós in úsáid, go háirithe ag feirmeoirí caoirigh na háite).

Rinneadh mórstaidéar, *Mionlogainmneacha Shléibhte Chuaille a Mhapáil*, in 2015 arna mhaoiniú ag sparánacht a chuir Mourne Cooley Gullion Geotourism Project (arna bhunú ag Oifig Oidhreachta Lú agus Iontaobhas Oidhreachta Mhúrn) ar fáil.

Ba é an taighdeoir céanna a bhí i gceannas ar an Tionscadal Ainmneacha Páirce Chontae Lú a bhí i mbun an sárstaidéir seo, ach ní raibh an tionscadal ar fáil go héasca don phobal áitiúil. Socraíodh go gcuirfeadh físeán na logainmneacha faoi bhráid lucht féachana níos leithne, toisc go bhfuil féachaint ar fhíseán dea-dhéanta níos inrochtana do dhaoine ná staidéar acadúil a léamh.

In 2021, rinne Iontaobhas Oidhreachta Loch Cairlinn comhordú ar léiriú an fhíseáin (agus maoiníodh é trí Dheontas Oidhreachta Pobail ón gComhairle Oidhreachta).

Léirítear san fhíseán an bealach is stairiúla i Sléibhte Chuaille - an cosán thar bharr na gcnoc, idir Ó Méith agus Dún Dealgan. Tugtar Cosán an Mhangaire (The Cadger's Pad) ar an gcosán seo. Is seanfhocal Béarla é cadger a úsáidtear go háitiúil do dhíoltóir taistil. Theastaigh ó phobal na háite feasacht a chothú ar an gcosán seo agus ar na logainmneacha ar fad atá scaipthe feadh an chosáin.

Sular tháinig feithiclí ar an bhfód, ba thapúla an bealach díreach a ghlacadh suas thar barr an tsléibhe agus síos an taobh eile, seachas an bealach íseal a ghlactar sa lá atá inniu ann agus atá i bhfad níos faide. D'iompair mná agus



Mary McDonald ag seiceáil na gceangal atá le 'scadán' Susan McArdle. Grianghraf: Ken Finegan




Cosán an Mhangaire (stadán ón bhfíseán).


cailíní ó shráidbhaile iascaireachta Ó Méith ciseáin throma éisc agus feamainne thar na sléibhte chun an mhargaidh i nDún Dealgan agus san Iúr freisin. Is as sin a thagann an t-amhrán 'Dúlamán'.

Tá sé deacair cosán a léiriú i bhfíseán ach tháinig Séamus Murphy agus Iontaobhas Oidhreachta Loch Cairlinn ar réiteach iontach: an cosán a mharcáil agus líon mór daoine a chur ag siúil i dtreo a chéile ón dá cheann, ag bualadh le chéile sa lár. Úsaideadh drón chun an rud ar fad a scannánú. Ba athléiriú agus ceiliúradh é ar an seanbhealach an tsiúlóid iontach sin a gabhadh san fhíseán.

Bhí an aimsir ar fheabhas an lá áirithe sin agus bhuail gach duine le chéile ag Cloch Imeartha na gCártaí. Go traidisiúnta, stopfadh na mná a bhí ag iompar ciseán san áit seo chun cártaí a imirt, go dtí an lá a thaispeáin an diabhal é féin dóibh ann. Níor imríodh cártaí riamh arís san áit sin.

Stop an slua ann an lá sin chun picnic a bheith acu, comhrá a dhéanamh, agus éisteacht le ceol a bhí á sheinm ag ceoltóirí áitiúla. Bhí atmaisféar iontach na féile le brath le linn na hócáide, ar fhreastail thart ar 100 duine air.

Áirítear san fhíseán agallaimh le daoine áitiúla, lena n-áirítear feirmeoirí, cónaitheoirí áitiúla agus staraithe, saineolaithe ar chanúint áitiúil na Gaeilge, agus Oifigeach Oidhreachta Lú, Brendan McSherry. Tá an físeán ar fáil ar YouTube.



https://www.youtube.com/watch?v=fLf6VCWqGtQ



Seamus Murphy ag insint scéal Chosán an Mhangaire. Grianghraf: Ken Finegan

Taispeánadh an físean le déanaí ag an Hooley Booley Cooley i Halla Pobail an Ghleanna Mhóir le linn imeacht de chuid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023, áit ar tugadh bualadh bos iontach dó.

Gné eile den tionscadal ab ea an léarscáil do shiúlóirí arna foilsiú ag EastWest Mapping. Leagtar béim ar go leor de na logainmneacha a taifeadadh i suirbhé 2015 sa léarscáil, agus ar sheanbhóithre Shléibhte Chuaille a léiríodh i suirbhé a rinneadh in 2021.

D'eagraigh an Grúpa Connect Well Cooley an dara suirbhé thuasluaite agus chuir an Chomhairle Oidhreachta cúnamh deontais ar fáil dó. Tugtar mionchuntas ann ar sheanbhóithre caillte an cheantair, ar tháinig bóithre a tógadh mar bhearta faoisimh le linn an ghorta ina n-áit in go leor cásanna.

Roimh na tionscadail seo ar fad, ní raibh mórán eolais ná tuisceana ann go raibh an Ghaeilge ina teanga phobail ar an dá thaobh de phríomhdhroim an tsléibhe, ná ar ról na teanga ó thaobh gnéithe tírdhreacha a ainmniú. Sampla amháin de seo is ea an nós a bhíodh ag na mná ciseáin a iompar thar na cnoic chun an mhargaidh i nDún Dealgan, ag filleadh lena gceannacháin luachmhara.

Tá tuiscint i bhfad níos fearr ann anois ar na glúnta roimhe seo a raibh cónaí orthu sa réigiún, agus ar na mion-logainmneacha agus ar na seanbhóithre a bhí i mbaol a gcaillte don phobal, agus tá muintir na háite i bhfad níos bródúla as a gcuid staire anois, chomh maith.

# Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo

COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO



Fásra seascainn ar imeall Loch na Muice.
Grianghraf: Peter Foss

Tá cáil ar Mhaigh Eo as a bogaigh, lena n-áirítear fairsinge na dtailte móna in iarthuaisceart an chontae, na lochanna móra atá le fáil iontu, agus an Mhuaidh, a bhfuil meas uirthi mar cheann de na príomhaibhneacha bradáin in Éirinn. Tá go leor gnáthóga bogaigh eile sa chontae nach bhfuil clú agus cáil orthu ach atá fíorthábhachtach mar sin féin.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i mbun shuirbhéireacht, mapála agus taifeadadh a dhéanamh ar bhogaigh sa chontae tríd an tionscadal 'Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo (rinneadh ar Wetlands Surveys Ireland a choimisiúnú chun an obair a dhéanamh thar ceann na Comhairle).

Is é aidhm an tsuirbhé eolas bunlíne a thiomsú agus a bhailiú maidir le gnáthóga bogaigh an chontae, agus feasacht a ardú ar bhogaigh mar acmhainn. Cabhróidh an suirbhé le bogaigh Mhaigh Eo a chosaint go fadtéarmach toisc go gceadóidh sé le suirbhéanna agus cláir thaighde spriocdhírithe a dhearadh maidir le bogaigh.

Tá bogaigh thar a bheith tábhachtach ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear gnáthóga a chur ar fáil don fhiadhúlra, bithéagsúlacht a sholáthar, cáilíocht uisce a fheabhsú, uiscí tuile a stóráil, deiseanna áineasa a sholáthar, agus feidhmiú mar stór ríthábhachtach carbóin (agus ar an gcaoi sin, cuidiú le hathrú aeráide a mhaolú).

Tá an tionscadal á bhainistiú ag Oifigeach Oidhreachta Mhaigh Eo, Deirdre Cunningham, le maoiniú curtha ar fáil ó Chiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Baineann dhá chéim leis an suirbhé. Ba í an chéad chéim ná taighde agus suirbhéireacht deisce, áit a ndearnadh an fhaisnéis go léir a bhí ar fáil ó fhoinsí éagsúla e.g. an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Teagasc, a thiomsú. Baineadh úsáid as léarscáil d'fho-ithreacha na hÉireann mar phríomhfhoinse chun bogaigh fhéideartha laistigh den chontae a shainaithint, mar aon le grianghraif ón aer agus tacair shonraí an Chórais Faisnéise Geografaí (GIS).

Bunaithe ar anailís ar chineálacha fo-ithreach, meastar go bhfuil achar iomlán na mbogach i Maigh Eo beagán sa bhreis ar 230,000 heicteár nó 41% den chontae, méid atá suntasach.

De bharr na topagrafaíochta, na geolaíochta, na hidreolaíochta, na haeráide agus na n-ithreacha éagsúla, cuimsítear i ngnáthóga bogaigh Mhaigh Eo portaigh (idir phortaigh ardaithe, phortaigh an Atlantaigh (portaigh ísle) agus bhratphortaigh sléibhe), turlaigh, eanaigh, riasca, aibhneacha agus tuilemhánna gaolmhara, locha, fuaráin, coillearnacha fliucha, agus gnáthóga bogaigh éagsula cois cósta.

I measc cuid de na bogaigh is cáiliúla in iarthuaisceart an chontae, tá abhantrach na hAbhann Duibhe, atá ina chuid den

choimpléasc bratphortach is fairsinge atá fós le fáil in Éirinn. Áirítear ann Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine Bhaile Chruaich.

Tá córais pháirce neoiliteacha fairsinge faoin bportach in Achaidh Chéide i dTuaisceart Mhaigh Eo. I measc na lochanna móra atá sa chontae, tá Loch Measca, Loch Con, Loch Coirib, Loch na Ceathrún Móire, agus Loch Ceara.

Le linn na chéad chéime den tionscadal, cruthaíodh tacar sonraí agus bunachar sonraí GIS. Tá eolas ann maidir le fairsinge, dáileadh agus saintréithe na mbogach atáthar ar an eolas faoi sa chontae, chomh maith le heolas ar staidéir a rinneadh roimhe seo.

Aithnítear breis agus 1,100 láithreán bogaigh sa bhunachar sonraí seo, agus tá 85% díobh lasmuigh de láithreáin atá sainithe mar láithreáin chaomhantais dúlra. Níl suirbhéireacht déanta ar a bhformhór go fóill agus is dócha go dtacóidh siad le gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht leo ó thaobh chaomhnú an dúlra de

Tá an Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo sa dara céim faoi láthair, agus is suirbhé allamuigh an chéim sin. Mar gheall ar mhéid an chontae agus ar líon na láithreán, tá sé á dhéanamh ar bhonn céimnithe thar thrí bliana. Tá an dara bliain díreach curtha i gcrích agus tá an suirbhé allamuigh deiridh le déanamh in 2024.

Is éard atá i gceist le suirbhé allamuigh ná cuairteanna i bpearsa a thabhairt ar láithreáin. Mar sin, roghnaíodh láithreáin ar leith ar dtús (ag baint úsáide as an eolas a bailíodh trí Chéim 1). Tá tuairiscí suímh aonair á n-ullmhú do gach láthair a ndearnadh suirbhé orthu, lena n-áirítear cur síos ar an suíomh, léarscáil den ghnáthóg, taifid ar fhlóra agus fána, rangú



Clárchosán i bPáirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, Co. Mhaigh Eo. Grianghraf: Deirdre Cunningham

caomhnaithe, sainaithint ar bhagairtí agus saincheisteanna bainistíochta ar leith, agus moltaí maidir le caomhnú.

Tá leabhrán, *Wetlands of Mayo*, foilsithe mar chuid den tionscadal. Tá sé mar aidhm ag an leabhrán seo feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an meas atá ar ról tábhachtach na ngnáthóg seo sa tírdhreach agus inár saolta go léir, mar shócmhainn nádúrtha a théann chun sochair gach aon duine. Áirítear ann mír maidir leis na bogaigh i Maigh Eo is ceart cuairt a thabhairt orthu agus liostaítear ann sraith beart is féidir linn go léir a ghlacadh chun cabhrú lenár ngnáthóga bogaigh a chosaint.

Bhí an Suirbhé ar Bhogaigh Mhaigh Eo ina chuid de shraith bhliantúil d'fhéiliríí oidhreachta a chuir an Oifig Oidhreachta ar fáil. Scaipeadh an féilire go forleathan ar fud an chontae agus ní b'fhaide i gcéin. Cruthaíodh Mapa Scéala idirghníomhach

https://www.mayo.ie/heritage/wetlandsofmayo



Pilibíní agus ealaí glóracha ag Loch Tamhnaigh. Grianghraf: Lynda Huxley

freisin maidir le Bogaigh Mhaigh Eo le linn an tionscadail freisin.

Go dtí seo, chuir an suirbhé eolas bonnlíne luachmhar ar fáil maidir le bithéagsúlacht. Is féidir a an t-eolas seo úsáid chun bonn eolais a chur faoi bhainistiú láithreán bogaigh, cinnteoireacht agus cláir chaomhnaithe, agus chun cur le foirmiú beartais, feasacht phoiblí agus tionscnaimh oideachais.

Is rud ríthábhachtach é, ó thaobh an athraithe aeráide de, gur féidir leis na sonraí a bheith ina gcabhair chun bearta maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide a dhearadh. Déantar moltaí sa suirbhé maidir le tosaíochtaí do shuirbhéanna amach anseo, bunaithe ar ghnáthóga criticiúla nó gnáthóga atá i mbaol, agus do cheantair gheografacha laistigh de Mhaigh Eo lena mbaineann easpa mór sonraí.

# Wild Teaching

## COMHAIRLE CONTAE NA MÍ



Daltaí ó Scoil Phádraig i mBaile Shláine ag baint taitneamh as an bhfoghlaim faoin aer ar thailte na scoile.

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo ón tús aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist go bhfuil leanaí ag éirí níos scoite ón domhan nádúrtha mar gheall ar a dteagmháil le gléasanna digiteacha, easpa rochtana ar an dúlra, agus laghdú ar ghníomhaíocht fhisiciúil.

Is réiteach soiléir é an dúlra a rochtain le linn am scoile ach is minic a bhíonn deacrachtaí ag múinteoirí ó thaobh easpa eolais de, agus ó thaobh bealaí a aimsiú chun am a chaitear lasmuigh a chomhtháthú le curaclam na bunscoile.

Bhí a fhios ag Paul O'Donnell, príomhoide bunscoile agus oideachasóir múinteoirí i réimsí na staire, na tíreolaíochta agus na heolaíochta, gurbh é seo an taithí a bhí ag go leor de na múinteoirí a raibh baint aige leo. Bhí a fhios aige freisin go raibh imní orthu maidir le bainistíocht ranga, sláinte agus sábháilteacht, agus an aimsir, agus ceachtanna á seachadadh lasmuigh acu.

Chuaigh Paul i dteagmháil le hOifigeach Oidhreachta na Mí, Loreto Guinan, maidir le leabhar acmhainne a fhorbairt do mhúinteoirí bunscoile. Ón gcéad chomhrá sin, thosaigh an tionscadal ag teacht le chéile agus bheartaigh Comhairle Contae na Mí agus an Chomhairle Oidhreachta teacht ar bord chun an leabhar a mhaoiniú trí Phlean Oidhreachta an Chontae.


Bhí sé mar aidhm ag an leabhar ceacht amháin in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil do mhúinteoirí, a d'fhéadfaí a chur ar siúl lasmuigh gan mórán stró. Trí chúlra an cheachta a thabhairt do mhúinteoirí, cur síos a dhéanamh ar gach céim den cheacht, agus naisc ar líne a sholáthar chun tacú le gach ceacht, bhíothas ag súil go ndéanfaí múinteoirí a chumhachtú chun leas a bhaint as an saol lasmuigh ar bhonn rialta don fhoghlaim agus don teagasc.

Breathnaíodh go cúramach ar na cineálacha láithreacha lasmuigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do scoileanna, toisc nach bhfuil tailte móra ar fáil do gach scoil. Is féidir le scoil ar bith a bhfuil carrchlós agus féar éigin aici leas a bhaint as na ceachtanna a leagtar amach sa leabhar.

Is é Paul, atá ina Phríomhoide ar Scoil Phádraig i mBaile Shláine, údar an leabhair. Rinne Oifigeach Oidhreachta na Mí, Loreto Guinan, bainistiú ar an bpróiseas foilsithe foriomlán a chuimsigh eagarthóireacht chóipe, dearadh, priontáil, seoladh agus dáileadh.

An leabhar deiridh, *Wild Teaching: Ceachtanna Traschuraclaim Faoin Aer do Mhúinteoirí Agrafóibeacha*. Tá 36 ceacht traschuraclaim sa leabhar agus iad leagtha amach lena dteagasc i gcomhréir leis na séasúir agus leis an scoilbhliain (Meán Fómhair go Meitheamh).

Tá tacair pictiúir d'éin, d'fhéileacáin, d'ainmhithe beaga, de bhláthanna fiáine agus de chrainn ar fáil sa leabhar agus is féidir iad a fhótachóipeáil do dhaltaí. Ina theannta sin, tá nótaí pleanála curaclaim agus cur i láthair PowerPoint curtha ar fáil ag Paul mar áiseanna don mhúinteoir.



Clúdach tosaigh an leabhair.


Daltaí ag súgradh ar thailte na scoile.

D'oibrigh Comhairle Contae na Mí le hIonad Oideachais na hUaimhe don seoladh agus chuir siad cóip den leabhar ar fáil saor in aisce do gach múinteoir bunscoile i gContae na Mí.

Bhí cóipeanna ar fáil do mhúinteoirí lasmuigh den chontae ach iad a cheannach. Bhí tóir ar an leabhar in áiteanna thar lear, rud nach rabhthas ag súil leis ag tús an tionscadail. Tá Comhairle Contae na Mí tar eis cóipeanna a sheoladh chuig gach mór-roinn ar domhain, seachas Antartaice!

Bhí éileamh chomh mór sin ar an leabhar gur athchlódh é in 2022. Foilsíodh ailt faoin leabhar in INTOUCH, irisleabhar Chumann Múinteoirí Éireann, agus cuireadh agallamh ar Paul ar stáisiúin raidió áitiúla ar fud na tíre. Tháinig clár raidió RTÉ, Mooney Goes Wild, a bhfuil an tóir air chuig Scoil Phádraig chun mír speisialta a thaifeadadh leis na daltaí faoin leabhar.

Agus é ag labhairt faoi bhuaicphointí an tionscadail, deir Paul gurb é an rud is fearr dó féin ná bheith i mbun na gceachtanna a mhúineadh do na daltaí i gcaitheamh na mblianta. Deir Loreto gur rud an-spreagthach é acmhainn phraiticiúil a chruthú chun cabhrú le múinteoirí suim leanaí sa dúlra a mhúscailt ar bhealach spraíúil speisialta.

Is acmhainn ríthábhachtach é an leabhar do mhúinteoirí agus úsáidfear é sna blianta atá le teacht, gan aon dabht. Is léiriú é ar an mbealach is féidir tacaíocht a chur ar fail don fhoghlaim dúlra-bhunaithe, rud a shaibhríonn forbairt fhisiciúil, chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach an linbh, agus ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoin oidhreacht nádúrtha timpeall orainn.

https://www.meath.ie/council/council-services/heritage-architectural-conservation/heritage/heritage-for-younger-people/wild-teaching-cross-curricular-lessons-outdoors-for-agoraphobic-teachers


Daltaí ó Scoil Náisiúnta Phádraig ag foghlaim faoi cháilíocht an aeir lasmuigh mar chuid den tionscadal GLOBE.




Grianghraf: Shirley Clerkin

Is éard atá i 'Magic Under Monaghan' ná taiscéaladh gearr cineamatach ar thalamh portaigh agus ar an ról ríthábhachtach atá acu ó thaobh bainistíochta carbóin de. Agus é deartha do dhaoine óga, tá an tionscadal bunaithe ar iontas phortaigh Mhuineacháin.

Ba é an aidhm a bhí leis an gcomhoibriú seo idir Oifig Oidhreachta Mhuineacháin, Macalla Productions agus an láithreoir John Sharpson ná scannán spreagúil taitneamhach a chur le chéile a chuireann príomhtheachtaireachtaí comhshaoil agus oidhreachta in iúl ar bhealach éifeachtach, ag baint leasa as an saibhreas sonraí a bailíodh trí na suirbhéanna a rinneadh ar bhogaigh an chontae le dhá scór bliain anuas.

Ón tús, bhí coincheap ag Oifigeach Oidhreachta Mhuineacháin, Shirley Clerkin, go mbeadh an scannán dírithe ar an aos óg, ag fiosrú an naisc idir bogaigh agus an aeráid. Mar chuid dá ról, d'éirigh léi maoiniú a fháil, ionaid scannánaíochta a roghnú, oibriú leis an gcomhlacht léiriúcháin, ábhar téamach a fhorbairt, agus maoirsiú a dhéanamh ar scaipeadh an scannáin.

Tá daoine óga ag éirí níos buartha faoi dhíghrádú comhshaoil, agus leis sin, tagann imní orthu faoi éifeachtaí an athraithe aeráide. Tá sé mar aidhm ag cur chuige siamsúil aorach an scannáin an imní a ghlanadh beagán ionas go mbeidís in ann na réitigh phraiticiúla a fheiceáil.

Ba iad céimeanna ullmhúcháin agus iarléiriúcháin an tionscadail an chuid is mó den ama thóg an méid ba mhó ama, lena n-áirítear tallann a roghnú, criú a chur le chéile, beochan a chur leis an scannán agus eagarthóireacht a dhéanamh air.

Baineann tábhacht áitiúil leis an scannán agus é ag tabhairt aghaidh ar théamaí uileghabhálacha domhanda an athraithe aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta ag an am céanna. Léirítear go soiléir ann luachanna Shliabh Beatha, an bratphortach mór trasteorann inar ndearnadh an scannánaíocht thar chúig lá.

Léirítear radhairc den tírdhreach ón aer sa scannán, chomh maith le seatanna gar-amhairc de phlandaí agus caonaigh ar an láthair. Scríobhadh an script go fíorchúramach agus rinneadh scrúdú eolaíoch uirthi chun cruinneas agus soiléireacht a chinntiú.

An sprioc a bhí leis ná cothromaíocht a bhaint amach idir na teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl maidir leis an ról atá ag portaigh Mhuineacháin maidir le carbóin a ghabháil agus a stóráil, agus ról na bportach mar ghnáthóga ríthábhachtacha, gan an lucht éisteachta a chaochadh le béarlagair eolaíoch.

Léirítear sa scannán freisin na hiarrachtaí athchóirithe fairsinge atá déanta ag Oifig Oidhreachta Mhuineacháin ar Shliabh Beatha. Rinneadh dambaí móna a chur isteach i gcórais draenála le maoiniú a fuarthas ó thionscadal Interreg CANN, ina raibh



An láithreoir John Sharpson á scannánú do 'Magic Under Monaghan'. Grianghraf: Shirley Clerkin



Criú léiriúcháin an ghearrscannáin amuigh ar an bportach. Grianghraf: Shirley Clerkin

Comhairle Contae Mhuineacháin páirteach mar chomhpháirtí. Léiríonn monatóireacht leanúnach na hOifige Oidhreachta ar na dambaí seo an ról rathúil atá acu maidir le huisce a choinneáil laistigh den phortach, ag éascú coilíniú nádúrtha an fhásra, agus ag cuidiú le hathnuachan éiceachóras an phortaigh.

Maoiníodh an scannán féin trí chlár Éire Ildánach i Muineacháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin.

Ar cheann de na dúshláin is mó a bhí roimh an tionscadal ná tréimhse dhea-aimsire a fháil chun an scannánú a dhéanamh, rud a fuarthas ar ámharaí an tsaoil. Ba chinneadh mór freisin é an láithreoir ceart a aimsiú don scannán. Bhí sé thar a bheith tábhachtach duine dáimhiúil a raibh taithí acu teagmháil a dhéanamh le lucht féachana óg agus a bhí in ann iad a mhealladh.

Bhí áthas an domhain ar fhoireann an tionscadail an láithreoir teilifíse leanaí cumasach John Sharpson a fháil chun an scannán a chur i láthair. Tá an-aithne ar Mhúinteoir John ón gclár teilifíse RTÉ Home School Hub. Bhí beirt chairde beoite, Pete agus Fen, sa scannán leis.

Nuair a bhí an scannánaíocht agus an t-iarléiriú ar fad críochnaithe, bhí 'Magic Under Monaghan' réidh le cur i láthair an phobail. Léiríodh den chéad uair é ag ócáid speisialta in Amharclann an Gharáiste i Muineachán i mí an Mhárta 2023.

Scaipeadh an scannán ar gach scoil sa chontae agus ní b'fhaide i gcéin. Tá sé ar fáil do chách saor in aisce ar YouTube.





An chéad seat eile á shocrú. Grianghraf: Shirley Clerkin



Flóra portaigh ildaite ar Shliabh Beatha. Grianghraf: Shirley Clerkin

Tar éis comhoibriú a dhéanamh leis an Ionad Oideachais Timpeallachta nuabhunaithe i gCnoc na gCnámh, Co. Mhuineacháin, tá ról lárnach ag an scannán anois ina n-acmhainní léirmhínithe agus oideachais. Táthar tar éis na carachtair chartún áille, Fen agus Pete, a thugann beatha don scannán a chomhroinnt leis an Ionad lena n-ionchorprú ina n-ábhar oideachais ginearálta.



https://www.youtube.com/watch?v=ru5YBcifvDQ

Ainmníodh 'Magic Under Monaghan' ar an ngearrliosta sa chatagóir 'Comhshaol & Bithéagsúlacht Inbhuanaithe' sna Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2023.

Luaigh Oifigeach Oidhreachta Mhuineacháin, Shirley Clerkin, an cion domhain a d'fhorbair foireann agus láithreoir an scannáin ar phortach Shliabh Beatha, in ainneoin na coinníollacha aimsire dothuartha a tharla go minic le linn na scannánaíochta ar cheann de bhuaicphointí an tionscadail ar fad, dar léi.

Chuir sé seo béim ar an ríthábhacht a bhaineann le teagmháil a dhéanamh leis an dúlra agus léirigh sé a dtiomantas chun an teachtaireacht is mó tionchar a chur in iúl do na glúnta óga, trí scannán siamsúil spreagúil a dhéanamh.




# Cartlann Uíbh Fhailí

COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

Seanléarscáil d'iardheisceart Uíbh Fhailí (c. 1809) arna dhéanamh ag an suirbhéir cáiliúil William Larkin, caomhnaithe agus stóráilte go sábháilte i gCartlann Uíbh Fhailí.

Nuair a osclaíodh doirse Chartlann Uíbh Fhailí go hoifigiúil in 2021, ba é buaic na mblianta de phleanáil, de dhianobair agus de chomhoibriú idir eagraíochtaí, grúpaí pobail agus daoine aonair é.

Tá taifid fhairsinge stairiúla Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí agus Stair Uíbh Fhailí araon le fáil sa chartlann úrscothach seo i dTulach Mhór, agus í á bainistiú ag cartlannaí proifisiúnta. Tionscadal ar an mórscála a bhí i mbunú Chartlann Uíbh Fhailí, éacht atá ina eiseamláir den scoth do chontaetha eile maidir lena gcuid seirbhísí cartlainne féin a bhunú.

Tháinig an smaoineamh chun cinn mar gheall ar mhéid na mbailiúchán stairiúil a bhí carntha le himeacht ama ag Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí agus Stair Uíbh Fhailí. Rinne an dara heagraíocht thuasluaite (ar a dtugtaí Cumann Staire agus Seandálaíochta Uíbh Fhailí tráth) ábhar cartlainne a bhailiú agus a shábháil thar na blianta, ábhar a d'fhéadfaí a scriosadh murach sin. Bhí aithne mhaith ag an bpobal ar an gCumann mar áit ina gcuirtear ábhar stairiúil i dtaisce.

Faoi na 1990idí, bhí cartlann an chontae i Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí tar éis dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le catalógú agus sealbhú, agus leis an Acht Rialtais Áitiúil 1994 rinneadh éigeantach caomhnú agus inrochtaineacht chartlanna na n-údarás áitiúil, rud a chuir go mór le méid an bhailiúcháin.

In 2014, rinneadh suirbhé iarchéime ar staid na gcartlann sa chontae. Bhain an suirbhé de thátal nach raibh go leor spáis stórála ag ceachtar stór ag an bpointe sin ná nach raibh cartlannaí gairmiúil ar an bhfoireann. Bheadh sé deacair tuilleadh bailithe agus sealbhaithe a dhéanamh agus ós rud é nach raibh catalógú déanta ar roinnt mhaith de na bailiúcháin, bhí bac á chur ar rochtain ar na cartlanna mar gheall ar easpa áiseanna aimsithe agus spás taighde tiomnaithe.

Bhí a fhios ag an dá eagraíocht go raibh gá le feabhas a chur ar chúrsaí stórála agus ar na coinníollacha, agus le catalógú a dhéanamh ar na bailiúcháin agus iad a dhéanamh inrochtana. Agus mar sin, thángthas ar an smaoineamh seirbhís cartlainne contae tiomnaithe a bhunú d'Uíbh Fhailí agus cuireadh tús leis an obair chun é a chur i ngníomh.

Rinne Oifigeach Oidhreachta Chontae Uíbh Fhailí, Amanda Pedlow na socrúcháin chun suirbhéanna a dhéanamh ar na bailiúcháin sa dá stór, ag tacú le roghanna a fhorbairt maidir le conas a d'fhéadfadh an tseirbhís cartlainne teacht chun cinn, idirchaidreamh a dhéanamh le gach comhpháirtí ar bhonn leanúnach le linn an phróisis, agus rochtain a fháil ar shruthanna maoinithe chun cabhrú leis na céimeanna éagsúla den tionscadal.

Tháinig maoiniú ó roinnt foinsí, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Éire Ildánach agus tiomsú airgid fairsing

arna dhéanamh ag Stair Uíbh Fhailí (a bhí in ann leas a bhaint as maoiniú LEADER Uíbh Fhailí chun an tionscadal a fhorbairt).

Thar na blianta, tugadh cuairt ar roinnt seirbhísí cartlainne, rud a chabhraigh le dearadh an fhoirgnimh in Uíbh Fhailí a threorú.

Rud atá tábhachtach, socraíodh go ndéanfaí forbairt ar fhoirgneamh cartlainne saincheaptha. Rinne an cartlannaí agus an fhoireann dearaidh riachtanais bheachta chéimeanna éagsúla an tionscadail a leagan amach, lena n-áirítear ábhar a thabhairt isteach sa chuas sórtála tosaigh, ábhar a stóráil i gcoinníollacha cuí, agus rochtain a thabhairt ar an ábhar i seomra léitheoireachta na gcuairteoirí.

Nuair a bhí na hoibreacha ar siúl ar an bhfoirgneamh roghnaithe i bPáirc Gnó Axis, Tulach Mhór, bhí pleanáil ar bun don tasc ollmhór ábhar a aistriú ón dá stór agus iad a chatalógú agus a stóráil ina mbaile nua.

Mar gheall ar an díograis agus saineolas a thug an fhoireann don tionscadal, chomh maith le dearcadh dearfach, d'éirigh leo roinnt mhaith dhúshláin a shárú i rith an phróisis.

Thosaigh an t-aistriú mór i mí Mheán Fómhair 2019 agus cuireadh fáilte roimh na chéad taighdeoirí i mí an Mhárta 2020, go gairid sular ghá na doirse a dhúnadh mar gheall ar shrianta Covid-19.

Le linn an dúnta seo, tháinig méadú ar láithreacht ar na meáin shóisialta, freagraíodh fiosrúcháin go cianda, agus forbraíodh tionscadal cartlainne Covid-19 chun éifeachtaí na paindéime ar an bpobal a dhoiciméadú. Cuireadh an tseirbhís 'trí choinne amháin' i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020 do dhaoine a bhí ag teacht chuig an gcartlann go pearsanta agus cuireadh feabhas ar an gcatalóg ar líne trí acmhainní breise digiteacha a chur léi chun cianrochtain a cheadú ar bhailiúcháin áirithe. Táthar ag súil leis an inrochtaineacht seo a mhéadú le himeacht ama.



C:D - Cathaoirleach na Comhairle Oidhreachta, Martina Moloney, an tAire Malcolm Noonan T.D., Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta, Virginia Teehan, agus Cartlannaí le Seirbhís Chartlainne Uíbh Fhailí, Lisa Shortall.

D'oscail an tAire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Malcolm Noonan T.D. Cartlann Uíbh Fhailí go hoifigiúil ar an 18 Samhain 2021.

Fáiltíodh roimh an tseirbhís mar acmhainn luachmhar don phobal. Reáchtáiltear laethanta oscailte ar bhonn rialta chun feasacht a chothú ar an tionscadal, agus tá go leor cumann staire ó áiteanna éagsúla ar fud an chontae tar éis cuairt a thabhairt air chun na caighdeáin ghairmiúla atá molta do bhainistiú cartlainne a fheiceáil go pearsanta.




Chuir Cartlann Uíbh Fhailí fáilte roimh roinnt grúpaí ó chontaetha eile atá ag fiosrú roghanna maidir le conas a gcartlann féin a bhainistiú.

Tionscadal suntasach a bhí ann, a thug an earnáil dheonach agus an earnáil phoiblí le chéile. Trí sheirbhís ghairmiúil shaincheaptha a fhorbairt, léirítear an luach agus an meas atá ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí (lena n-áirítear an tOifigeach Oidhreachta) agus Stair Uíbh Fhailí ar ábhar cartlainne an chontae.

Chomh maith leis sin, is tábhachtach go bhfuil na cartlanna féin á gcoinneáil go sábháilte ionas go mbeidh rochtain ag na glúnta atá le teacht orthu.

Tuilleadh eolais le fáil ag www.offalyarchives.com



# Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan

COMHAIRLE CONTAE ROS COMÁIN

Uain ar na Muclaigh. Grianghraf: Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan

Tírdhreach dea-chaomhnaithe ó dheireadh na ré réamhstairiúla agus ón ré mheánaoiseach atá lonnaithe i dtailte féaraigh seandálaíochta saibhre i gcroílár Chontae Ros Comáin is ea Ráth Cruachan. Tá an limistéar ina chuid de thairiscint 'Láithreáin Ríoga na hÉireann' le haghaidh liosta Láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO, agus é curtha le Liosta Sealadach Oidhreachta Domhanda na hÉireann sa bhliain 2022 chun aitheantas a thabhairt dá thábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chonaic úinéirí talún i Ros Comáin an gá atá le scéim chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí agus iad ag déileáil leis na dúshláin atá i gceist le feirmeoireacht a dhéanamh i dtírdhreach atá chomh híogair sin ó thaobh na seandálaíochta de. Sa bhliain 2015, cruthaíodh Pobal Acmhainní Ráth Cruachan i gcomhar le hIonad Cuairteoirí Ráth Cruachan chun plé a dhéanamh ar bhealaí féideartha a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Cinneadh go ndéanfaí iarratas ar thionscadal de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta (EIP) le haghaidh 'Feirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan'. Deonaíodh cistiú trí Chiste na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP-Agri) de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun aghaidh a thabhairt ar an meath a bhíonn ag teacht ar imthosca socheacnamaíocha an phobail feirmeoireachta, agus aghaidh á tabhairt ar an ngá leis an tírdhreach uathúil seandálaíochta (atá comhdhéanta de thart ar 240 ceann de láithreáin seandálaíochta shainaitheanta agus de shéadchomharthaí seandálaíochta sainaitheanta) a chaomhnú agus le feasacht a chruthú air.

Ba é an dúshlán ba mhó a bhí le sárú ag an tionscadal ná go raibh sé ag tosú ón mbonn, in éagmais aon teimpléid a d'fhéadfadh sé a leanúint. Ní raibh aon scéim den chineál céanna ar bun in aon áit eile sa tír a bhí ag tabhairt ar aghaidh ar na dúshláin atá i gceist le feirmeoireacht a dhéanamh i dtírdhreach atá chomh híogair sin ó thaobh na seandálaíochta de.

Níor cistíodh gné Seandálaíochta Pobail faoi chistiú EIP-Agri. Leag Nollaig Feeney, Oifigeach Oidhreachta Ros Comáin, béim ar an ngá le ról den sórt sin sa tionscadal agus ar an tábhacht a bhaineann leis, agus fuair sí cistiú lena aghaidh tríd an gComhairle Oidhreachta agus trí Chomhairle Contae Ros Comáin. Roghnaíodh John Cronin & Associates chun an ról mar Sheandálaí Pobail/ Soláthraí Seirbhísí Sainchomhairleoireachta a chomhlíonadh, agus Kate Robb ag dul isteach sa phost sin.

Tá a ról ina chuid dhílis de thionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan agus is ról ilghnéitheach é, rud ar tháinig athruithe air de réir mar ar tháinig forbairt ar an tionscadal.

Tá an tionscadal ar an bhfód le cúig bliana anuas agus is í seo a bhliain deiridh. Bhí Céim Deartha agus Forbartha



Cuairt a thug meánscoil áitiúil ar imfhálú Ráth na dTarbh. Grianghraf: Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan



Taitneamh á bhaint ag na daltaí as a gcuairt ar imfhálú Ráth na dTarbh le linn tréimhse sneachta. Grianghraf: Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan

i gceist le formhór na chéad bhliana (a thosaigh sa bhliain 2019), ar lena linn a sainaithníodh fadhbanna éagsúla maidir le dálaí seandálaíochta trí staidéir dheisce agus trí staidéir allamuigh araon. Mar chuid den obair sin, tugadh cuairteanna tiomnaithe ar fheirmeacha agus cuireadh cruinnithe tiomnaithe le feirmeoirí ar siúl. Sainaithníodh gníomhartha atá faoi stiúir ag an bhfeirmeoir chun aghaidh a thabhairt ar phríomhbhagairtí.

De bharr na hoibre sin ar fad, bhí creat an-láidir ann óna bhféadfaí Céimeanna Cur Chun Feidhme an Tionscadail (Bliain 2 go Bliain 5) a chur i bhfeidhm.

I measc na n-oibreacha a rinneadh le linn na gcéimeanna sin bhí leathnú chun 30 feirmeoir sa bhreis a chur ar áireamh i mBliain 2 (leagadh díriú ar ochtar feirmeoirí sa chéad bhliain), agus suirbhé mionsonraithe bonnlíne ar dhálaí a dhéanamh ag dhá shéadchomhartha náisiúnta thábhachtacha seandálaíochta (imfhálú Ráth na dTarbh agus créfort líneach na Muclach).

I ndlúthchomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, rinneadh moltaí le haghaidh idirghabhálacha caomhantais ag na láithreáin sin a fhorbairt agus a thriail. Gabhadh grianghrafadóireacht mhionsonraithe agus taifeadadh físe mionsonraithe ar na hoibreacha de láimh le haghaidh úsáid cartlainne, oideachasúil agus cur chun cinn.

Cuireadh oiliúint ar fheirmeoirí san fheasacht ar chleachtais seandálaíochta, ar chleachtais reachtacha agus ar an dea-chleachtas trí phacáistí a bhí saincheaptha don fheirmeoir aonair a chruthú. Eagraíodh ceardlanna freisin (e.g., fálta a chóiriú, ballaí cloiche tirime a thógáil). Rinneadh faireachán seandálaíochta ceadúnaithe ar an láithreán ar oibreacha feabhsúcháin feirme le linn an tionscadail freisin.

Cuireadh for-rochtain pobail ar siúl trí láithreoireachtaí poiblí agus trí chlár leanúnach for-rochtana scoile do bhunscoileanna agus meánscoileanna na





Feirmeoir atá ag breathnú thar cheann amháin dá ghoirt, i gcuideachta a gharmhic. Grianghraf: Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht a Dhéanamh ar Ráth Cruachan

háite. Forbraíodh roinnt páipéir taighde mar chuid den tionscadal freisin. Eagraíodh imeachtaí do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta le linn thréimhse an tionscadail. Áiríodh leo sin an físeán cur chun cinn a léiríodh sa bhliain 2022 agus lenar tugadh turas treoraithe ar thírdhreach stairiúil Ráth Cruachan.


Le linn bhliain reatha an tionscadail (Bealtaine 2023-Bealtaine 2024), arb í a bhliain deiridh í, tá Kate Robb, an Seandálaí Pobail, ag soláthar seirbhísí comhairleacha seandálaíochta ar bhonn leanúnach don tionscadal agus do na feirmeoirí rannpháirteacha. Cuireadh logaí míosúla faireacháin feidhmíochta iar-oibreacha le chéile le linn an tionscadail agus tá meastóireacht mhionsonraithe á déanamh anois.

Cuimseofar ansin cuid d'aschuir dheiridh agus fionnachtana deiridh an tionscadail, áit a leagfar amach moltaí le haghaidh an dea-chleachtais sa todhchaí agus caighdeáin le haghaidh séadchomharthaí seandálaíochta a chosaint i dtírdhreach a ndéantar feirmeoireacht ghníomhach air. Tá tuarascáil iomlán le foilsiú faoi mhí na Bealtaine 2024.

Tá gníomhartha atá leagtha amach sna pleananna saincheaptha uathu á soláthar ag na 38 bhfeirmeoir atá ag glacadh páirt sa tionscadal. Is é atá sa tionscadal ná samhail íocaíochta atá bunaithe ar thorthaí, agus cúnamh airgeadais á fháil ag feirmeoirí rannpháirteacha le haghaidh dea-dhálaí seandálaíochta a sholáthar. Ó bhliain go bliain, tá ag éirí go geal leis na gníomhartha sin, agus na scóir ag feabhsú i gcónaí.

Tá na feirmeoirí spreagtha chun breithniú a dhéanamh ar na nithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun dálaí seandálaíochta níos fearr a sholáthar ar a bhfeirm. Tá siad ag rannchuidiú go gníomhach le smaointe nuálacha ina leith sin, e.g., smaointe le haghaidh fálta sealadacha a sholáthar, beostoc a athrianú, agus pointí rochtana a chosaint.

Taispeántar leis an tionscadal seo an méid is féidir le pobal beag a bhaint amach laistigh de thréimhse measartha gearr chun feabhas suntasach a chur ar riocht agus staid na hacmhainne seandálaíochta. Taispeántar leis freisin cé chomh mór agus atá an meas atá ag pobal Ráth Cruachan ar oidhreacht an tírdhreacha agus cé chomh réamhghníomhach agus atá siad maidir le dul i mbun birt chun é a chosaint. Is féidir leis an tionscadal seo a bheith ina eiseamláir le haghaidh tionscadail den chineál céanna ar fud na tíre.



# Dún Glas Shligigh a athaimsiú

COMHAIRLE CONTAE SHLIGIGH

An Dún Glas, Sligeach, tar éis baint fásra i mí Mheán Fómhair 2021.

Ráth urdhúin 17ú haois atá lonnaithe i gcroílár Chathair Shligigh is ea an Dún Glas. Tógadh é chun Sligeach a chosaint agus chun smacht a choinneáil ar an rochtain air ón tuaisceart agus ón deisceart. D'imir sé ról lárnach i gCogaí an Dá Rí. Ar an drochuair, tréigeadh an dúnfort, a chuimsíonn thart ar shé acra, agus bhí sé as radharc ar feadh breis agus 300 bliain.

Tá an pobal áitiúil, agus Cumann Ealaíne agus Staire Ghrúpa Fear Chnoc an Dúin go háirithe, i mbun feachtais le fada an lá chun go ndéanfaí an Dún Glas a chosaint agus a chaomhnú ar son mhuintir na háite agus ar son cuairteoirí araon. Ba ón láithreán rófhásta a bhíothas in ann radhairc lánléargais anuas a fháil ar Shligeach agus ar an tuath máguaird, agus b'fhiú go mór an tsaoráid seo a bhreisiú.

Tá an Dún Glas lonnaithe in áit ar a dtugtar Páirc Uí Bhaoill sa lá atá inniu ann agus tá sé faoi úinéireacht Chomhairle Contae Shligigh agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) araon. Sa bhliain 2017, fuair Siobhán Ryan, Oifigeach Oidhreachta Shligigh, cistiú ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Contae Shligigh chun Plean Caomhantais a ullmhú le haghaidh an láithreáin.

Ba é aidhm an phlean ná aghaidh a thabhairt ar imní leanúnach an phobail faoin leibhéal cosanta atáthar ag tabhairt don Dún Glas, ar an mbeagán feasachta a bhí ag an gcuid is mó den phobal ar an láithreán oidhreachta, agus ar an bhfonn atá ann an séadchomhartha a bhainistiú,



An Dún Glas roimh ghlanadh fásra.
Grianghraf: Sam Moore

a léirmhíniú agus a chur i láthair chun dul chun tairbhe do gach duine. Ba mar thoradh ar an bplean a bunaíodh Meitheal an Dúin Ghlais, le tacaíocht ó Oifig Oidhreachta Shligigh.

Cuireadh tús le hoibreacha ar an Dún Glas sa bhliain 2021 agus tá siad á gcomhchistiú ag Comhairle Contae Shligigh agus ag Ciste na Séadchomharthaí Pobail.

Táthar in ann an séadchomhartha a fheiceáil an athuair tar éis na gcéadta blianta de thoir agus d'fhás drise a bhaint faoi Thoiliú Séadchomhartha Náisiúnta agus faoi fhaireachán seandálaíochta. Aimsíodh gnéithe nach bhfacthas le fada an lá, amhail rampa rochtana atá lonnaithe sa chúinne thiar theas den séadchomhartha agus a taispeánadh ar líníocht ón 17ú haois.

Rinneadh suirbhéanna fairsinge, lenar



Bhain Fence Scape Ltd. úsáid as súiste róbatach chun na céadta blianta d'fhás fásra a chur faoi smacht.



Dún Glas Shligigh a ghabháil ar canbhás. Grianghraf: Carl Brennan

áiríodh suirbhéanna seandálaíochta, suirbhéanna geoifisiceacha agus suirbhéanna dróin, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an séadchomhartha agus cabhróidh siad sin le taighde seandálaíochta sa todhchaí a threorú. Tugtar le fios sna suirbhéanna gur athmhúnlaíodh an Dún Glas ó ráth a bhíodh ann cheana ar an láithreán.

Sa bhliain 2022, cuireadh imeacht de chuid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar siúl ar an láithreán, ar lena linn a tugadh deichniúr ealaíontóirí ar thuras ar radhairc éagsúla an Dúin Ghlais sular chinn siad a láthair phéintéireachta roghnaithe féin. Léirigh na healaíontóirí a léirmhínithe féin ar na radhairc iontacha ón séadchomhartha náisiúnta agus chuir siad in iúl go mbeadh spéis mhór acu i bhfilleadh ar an láithreán chun péintéail ansin an athuair.

Cuireadh imeacht rathúil eile de chuid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar siúl sa bhliain 2023. Thug Sam Moore,



Grianghraf den Dún Glas ón aer. Grianghraf: ACSU Ltd.





Baill de Mheitheal an Dúin Ghlais i dteannta 7L Architects ag an Dún Glas – Meán Fómhair 2023.



Sam Moore, seandálaí, i mbun turais threoraithe ar an Dún Glas do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, 2023.


seandálaí, turas poiblí treoraithe ar an Dún Glas. Chomhroinn sé faisnéis faoina stair shaibhir agus faoina chaomhnú, le linn do na rannpháirtithe taitneamh a bhaint as radhairc áille ar Chontae Shligigh.

Sa bhliain chéanna, d'ullmhaigh 7L Architects Plean Rochtana agus Léirmhínithe an Dúin Ghlais, ag obair dó i gcomhar le Meitheal an Dúin Ghlais agus le hOifig Oidhreachta Shligigh. Beidh an plean sin mar bhonn eolais faoi chaomhnú, rochtain bainistíochta agus léirmhíniú an láithreáin ón mbliain 2024 ar aghaidh.

Ar na hoibreacha sa phlean tá tuilleadh glanta fásra, agus bainistíocht ar an séadchomhartha agus timpeall air. A luaithe a bheidh an Dún Glas caomhnaithe agus faoi bhainistíocht inbhuanaithe, is nithe tábhachtacha a bheidh san fheasacht ar an séadchomhartha a mhéadú i measc an phobail áitiúil agus i measc cuairteoirí agus i dtuilleadh rochtana a cheadú.

Ceann de dhúshláin an tionscadail is ea séadchomhartha mór cré a chur ar áireamh i suíomh gníomhach páirce poiblí. Dá ainneoin sin, tá an ghné chomhoibríoch den tionscadal ag cabhrú leis an dúshlán sin a shárú. Ar na comhpháirtithe tá an pobal áitiúil, Comhairle Contae Shligigh, FSS, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach, an Chomhairle Oidhreachta agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta).

Tá tionscadal an Dúin Ghlais i Sligeach ina léiriú ar an leas is féidir a bhaint as tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla agus as obair i gcomhar leo chun caomhnú, bainistiú agus coimeádaíocht a dhéanamh ar láithreán áitiúil oidhreachta a bhfuil tábhacht náisiúnta leis. Táthar in ann anois an meabhrúchán deiridh ar chóir cosanta baile Shligigh sa 17ú haois a fheiceáil arís, rud is ábhar móir bróid don phobal áitiúil.



# An Túr a Shnáithiú – Cloigtheach Chluain Dolcáin a Athshamhlú

COMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS



Túr Lása Cróise Chluain Dolcáin.

Rinneadh Cloigtheach Chluain Dolcáin, ceann de na foirgnimh is so-aitheanta agus is stairiúla i mBaile Átha Cliath Theas, a athshamhlú agus a athchruthú mar thúr lása cróise sa tionscadal nuálach seo.

Ba é aidhm an tionscadail dar teideal 'An Túr a Shnáithiú' ná ceird an lása cróise a athbheochan agus a spreagadh sa phobal áitiúil. Bhíodh Cluain Dolcáin i gcroílár an tionscail tinteáin tráth, ar lena linn a sholáthraítí lása do stiúideo Sybil Connolly, dearthóir faisin Éireannach, sna 1950í agus sna 1960í.

I dtionscadal stairsheanchais sa bhliain 2021 dar teideal 'Snáitheanna Inláimhsithe Chluain Dolcáin – Cróise Éireannach i nDomhan an Haute Couture', insíodh an scéal seo nár insíodh riamh. Ba thionscadal é ar eagraigh Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus grúpa Athbheochan an Lása Cróise Éireannaí (ICLR) é i gcomhpháirt.

Sa scannán, taifeadadh roinnt de na mná a bhíodh rannpháirteach sa tionscal tinteáin agus léiríodh sliochtaigh theaghlaigh roinnt de na príomh-hlásadóirí cróise a chónaíodh sna teachíní atá lonnaithe in aice Chloigtheach meánaoiseach stairiúil Chluain Dolcáin. Is féidir leat tuilleadh faisnéise faoin tionscadal a fháil sa ghearrscannán, atá ar fáil ar YouTube.

Nochtadh i ndéanamh an scannáin go bhfuil spéis ag pobal Chluain Dolcáin sna ceirdeanna traidisiúnta sin fós, cé go




https://www.youtube.com/watch?v=aehjZfkgSc8

bhfuil meath tagtha ar chleachtais cróise Éireannaí agus lása cróise sna blianta beaga atá imithe thart. Maidir leis an spéis sin i measc an phobail áitiúil agus leis na cuspóirí atá ag ICLR chun taithí agus eolas a chomhroinnt agus chun scileanna cróise Éireannaí agus lása cróise a theagasc, ba astu sin a tháinig an smaoineamh go seolfaí tionscadal leantach dar teideal 'An Túr a Shnáithiú – Cloigtheach Chluain Dolcáin a Athshamhlú'.

Ba thionscadal comhoibrithe é sin freisin idir Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus ICLR, agus lásadóirí cróise áitiúla ó Chluain Dolcáin agus ón gceantar máguaird ag glacadh páirt ann.

Fuarthas cistiú ón gclár Éire Ildánach, rud ar riar an Fhoireann Éire Ildánach de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas é. Thug an Chomhairle tuilleadh tacaíochta trína Plean Oidhreachta Contae agus trí obair Rosaleen Dwyer, an tOifigeach Oidhreachta Contae.

Do chónaitheoirí Chluain Dolcáin leis na cianta, tá an Cloigtheach suaithinseach

ina radharc taitneamhach ina ngnáthshaol laethúil. Nuair a smaoiníodh ar shéad-chomhartha áitiúil a athchruthú i lása cróise, mar sin de, ba é an rogha ab fhearr é.

Idir mí Aibreáin 2022 agus mí Lúnasa 2023, faoi stiúir chruthaitheach Fiona Harrington, ealaíontóir lása Éireannach, agus le rannpháirtíocht lásadóirí cróise, rinneadh múnla 1.5 méadar ar airde den chloigtheach a dhearadh agus a thógáil trí bhun sreinge copair agus cruaiche dosmálta a úsáid agus trí bhrat atá comhdhéanta de chearnóga lása cróise a leagan air.



Pléadh roinnt smaointe deartha le haghaidh na móitífeanna lása cróise, agus bhí trí mhéid dhifriúla snáithe agus trí scáth dhifriúla datha, amhail bán agus buídhonn éadrom, ag an rogha dheiridh. Roghnaíodh idir mhóitífeanna traidisiúnta agus mhóitífeanna a bhí tar éis a bheith déanta ag ICLR chun na bloic thógála a léiriú. Tá éagsúlacht mhéideanna agus dhathanna na móitífeanna ag teacht leis an éagsúlacht sna bloic chloiche sa túr meánaoiseach é féin.

Cuireadh dhá imeacht phoiblí, lenar áiríodh ceardlann theagmhálach, ar siúl chun an tionscadal a chur chun cinn agus chun scileanna agus ábhair a chomhroinnt le haghaidh na móitífeanna a thógáil. Thug níos mó ná 30 lásadóir móitífeanna. Ba as diaspóra forleathan pobal lása cróise dóibh, agus lásadóirí ó Bhaile Átha Cliath, ó Uíbh Fhailí, ón Iarmhí, ó Chill Dara, ó Chorcaigh, ó Cheanada agus ón Ríocht Aontaithe ina measc.

Is díol spéise é go léirítear ar cheann amháin de na móitífeanna roghnaithe an t-athshaothrú a rinne mná na háite ar cheann amháin de na patrúin le haghaidh ceann amháin de na gúnaí haute couture le Sybil Connolly. Cuireadh an patrún le haghaidh na móitífe sin ar fáil go cineálta lena chur ar áireamh sa tionscadal seo. Ba iad beirt bhan ó Chluain Dolcáin ar sliochtaigh leis na déantóirí bunaidh iad a rinne athshaothrú ar an bpátrún. Is sampla iontach é sin den saol a bheith ag teacht ar ais mar a bhíodh sé!

Bhailigh ICLR na móitífeanna bailchríochnaithe agus d'fhuaigh Fiona Harrington iad isteach sa chreatlach sreinge copair.

Nochtadh Túr Lása Cróise Chluain Dolcáin ag ócáid seolta i Leabharlann Chluain Dolcáin le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023. Cuireadh an déanamh lása cróise don tionscadal ar siúl sa tréimhse a bhí díreach tar éis phaindéim Covid-19 agus nach raibh tionól grúpaí móra ina rud coitianta lena linn. Dá bharr sin, ba ar bhonn duine aonair nó ar bhonn grúpa bhig a rinneadh an obair chróise.







Mar thoradh air sin, ní raibh ach croíghrúpa tionscadail ar an eolas faoin dearadh éiritheach agus faoi mhionsonraí tógála an túir lása cróise, agus bhí iontas an domhain ar na baill den mhórghrúpa nuair a chonaic siad an túr bailchríochnaithe den chéad uair riamh ag an ócáid seolta. Lig daoine den lucht féachana cnead inchloiste iontais agus ríméid astu agus thug siad bualadh bos mór ina dhiaidh sin.


Chomhordaigh Rosaleen Dwyer, Oifigeach Oidhreachta Bhaile Átha Cliath Theas, riar an tionscadail agus d'oibrigh sí i gcomhar le Leabharlann Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun an ócáid seolta a eagrú agus chun amchlár a ullmhú le haghaidh thuras an túir lása cróise ar leabharlanna eile Chontae Átha Cliath Theas. Tiocfaidh sé sa deireadh chun bheith ina thaispeántas buan in Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Chluain Dolcáin.

Is é an toradh atá ar rath an tionscadail seo agus ar na heispéiris dhearfacha a ndearna an-chuid de na rannpháirtithe cur síos orthu ná go bhfuil éileamh ann ar thionscadail chruthaitheacha leantacha eile ina n-úsáidtear lása cróise agus ar ranganna áitiúla. Mar fhreagairt don spéis sin, d'fhógair Athbheochan an Lása Cróise Éireannaí go mbeadh ranganna le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Do na mná a bhíodh rannpháirteach sa tionscal tinteáin le haghaidh dhearaí haute couture Sybil Connolly sna 1950í agus sna 1960í, chuirtí na patrúin in iúl ó bhéal, agus ní i scríbhinn. Theagasctaí iad do mhná a raibh an-taithí acu, a dhéanadh iad a theagasc agus a chur in iúl ina dhiaidh sin do mhná eile sa phobal lásadóirí. Maidir le hathshaothrú ceann amháin de na móitífeanna sin agus lena thabhairt ar ais ar aird an mhórphobail, ba bhomaite speisialta ón tionscadal seo é agus beidh sé ina leagáid mharthanach oidhreachta.

# An Mhonarcha Lámhainní

COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN



Foirgneamh athchóirithe na Monarchan Lámhainní. Grianghraf: Mary Margaret Ryan

Bhí lámhainní ina ngné an-bhunriachtanach d'fheistis laethúla daoine ar feadh na gcéadta bliain. Bhí i bhfad ní ba mhó i gceist leo ná oiriúint nó rud éigin nach gcaithfí ach ar mhaithe le teas sa gheimhreadh.

Bhí an oiread sin éilimh ar lámhainní go raibh tionscal déanta lámhainní in Éirinn, agus bhí roinnt monarchana suite i mBaile Thiobraid Árann, ó na 1900idí a fhaide leis na 1970idí nuair a dúnadh an ceann deireanach.

Bhí monarcha amháin díobh lonnaithe ar Shráid San Séamas. Gabhann an foirgneamh siar go dtí na 1800idí agus ba theach baile mhóir é ina raibh áitreabh tráchtála ar leibhéal na talún. Bunaíodh monarcha lámhainní ann sna 1930idí agus leanadh ar aghaidh lena feidhmiú ansin ar feadh thart ar 40 bliain.

Cuireadh stop leis an ngnó sa mhonarcha tar éis nach raibh an oiread céanna de thóir ar lámhainní ó thaobh faisin de sna 1970idí agus tá an mhonarcha folamh ó shin.

Rith an smaoineamh le hoidhreacht an fhoirgnimh a chaomhnú ar roinnt bealaí éagsúla. Déantar breithniú i gceantair éagsúla i dTiobraid Árann gach bliain ar thionscadail oiriúnacha a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as Tionscnamh na mBailte Stairiúla (HTI). Comhthogra é HTI leis an gComhairle Oidhreachta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a bhfuil de chuspóir aige athghiniúint faoi stiúir na hoidhreachta a dhéanamh ar bhailte stairiúla na hÉireann.

Thug Tascfhórsa Athbheochana Bhaile Thiobraid Árann faoi deara chomh maith go raibh na leibhéil folúntais sa bhaile thar a bheith ard agus bhí bealaí á lorg ag an Tascfhórsa agus ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le hathrú air seo a chur chun cinn.

Cheannaigh Abercorn Construction foirgneamh na Monarchan Lámhainní agus deonaíodh pleanáil d'aonaid chóiríochta agus d'aonad miondíola ar urlár na talún. Mar gheall go raibh Tionscnamh na mBailte Stairiúla ag glacadh in 2022 le hiarratais ó dhaoine aonair príobháideacha ar fhoirgnimh oidhreachta a oiriúnú/a athúsáid, ba dhealraitheach gur bhealach an-oiriúnach é le tabhairt faoi. Chruthódh sé tairbhí iomadúla don sráid-dreach agus d'oidhreacht ailtireachta an bhaile.

Bhí spéis as an nua ann freisin le blianta beaga anuas san áitreabh agus ina stair chultúrtha. Glacadh grianghraif in 2018 de thaobh istigh an fhoirgnimh do thaispeántas ag Ionad Oidhreachta Tipperary Excel agus seoladh leabhrán ina bhfuil teistiméireachtaí le hiaroibrithe agus lena dteaghlaigh.

D'éirigh leis an iarratas ar an HTI ar oibreacha caomhnaithe ar an bhfoirgneamh. Ba í an chéad chéim siúl timpeall a eagrú leis an bhforbróir agus le baill de ghrúpa an Tascfhórsa.

Deimhníodh go raibh drochbhail ar an taobh istigh ach go raibh líon mór samplaí, innealra, agus déantáin eile



Rialú cáilíochta ag an Monarcha Lámhainní.





Roimh agus i ndiaidh na n-oibreacha. An dara grianghraf: Mary Margaret Ryan

ann ón Monarcha Lámhainní. Bhí go leor cáipéisí agus roinnt troscán breise ar leibhéal uachtarach na monarchan.

Rinneadh earraí spéise a roghnú, a chur i mboscaí, agus a bhailiú le haghaidh stóráil shealadach go dtí go n-aimseofaí spás taispeána i mBaile Thiobraid Árann dóibh.

Thit clár oibreacha caomhnaithe amach i rith 2022 de réir mar a glanadh an foirgneamh amach. Baineadh doirse, cláir sciorta agus tinteáin féachaint cad a d'fhéadfaí a thabhairt slán, agus d'fhéadfaí go leor díobh a chaomhnú, ar ábharaí an tsaoil. Cuireadh na fuinneoga go léir agus an doras tosaigh go speisialtóir caomhnaithe lena ndeisiú.

Deonaíodh cead pleanála le plástar a chur ar thaobh amuigh an fhoirgnimh ach nuair a chonaic an fhoireann caomhnaithe an bhríceadóireacht agus iad ag obair ar an taobh amuigh, rinne siad an cinneadh í a choimeád agus rinne siad í a athphointeáil, rud a chuir an chuma ar aghaidh an fhoirgnimh a bhíodh uirthi. Baineadh an simléar as a chéile agus rinneadh atógáil air mar chuid de na hoibreacha dín.

Dúshlán amháin i rith an tionscadail a bhí sa chaoi gur deimhníodh go raibh an comhbhalla leis an réadmhaoin ina aice an-tanaí agus corrach, agus rinneadh seo a atógáil, a sholáthair cosaint don dá pháirtí.

D'fhreastail Oifigeach Oidhreachta Thiobraid Árann, Róisín O'Grady, i rith an phróisis ar chruinnithe suímh leis an bhforbróir agus leis an bhfoireann caomhnaithe a cheap siad do na hoibreacha.

Cé go ndearnadh an tionscadail foriomlán tógála a chistiú go príobháideach, bronnadh deontas Thionscnamh na mBailte Stairiúla do ghné chaomhnaithe an tionscadail agus rinne an forbróir cistiú meaitseála a sholáthar dó seo, a chiallaíonn go ndearnadh an tsuim a caitheadh ar ghnéithe caomhnaithe an tionscadail a mhéadú faoi dhó, go héifeachtach.

Tá an formhór ar aon intinn go raibh an foirgneamh a fheiceáil den chéad uair tar éis na n-oibreacha agus gan an scafalra in airde an-speisialta. Tosaíodh le foirgneamh nach raibh á úsáid a úsáid arís tar éis go raibh sé folamh ar feadh beagnach 50 bliain.

Murach go ndearnadh idirghabháil, thiocfadh drochbhail bhreise ar an bhfoirgneamh agus b'fhéidir go n-éireodh sé chomh dona sin go gcaillfí go leor de na príomhghnéithe ailtireachta. Feabhsaíonn an foirgneamh an sráid-dreach agus tá cuma an-nádúrtha air ina thimpeallacht. Cuirfidh aonaid chóiríochta agus mhiondíola a sholáthar ag an láthair seo leis an bpobal ar an tsráid agus méadóidh siad gníomhaíocht agus an líon custaiméirí sa cheantar.

Fuarthas go leor aiseolas dearfach ó bhaill den phobal agus léiríodh go leor spéise in asraonta meán ina raibh an dea-scéal nuachta faoi chaibidil. Táthar an-cheanúil go háitiúil go fóill ar an Monarcha Lámhainní agus ar an tionscal lámhainní a bhíodh chomh feiceálach sin sa bhaile (chomh maith le roinnt monarchana eile, cheadaigh ceird na lámhainní tionscal láidir tinteáin titim amach freisin mar gheall go bhféadfadh mná obair óna n-áiteanna cónaithe féin).

Leanadh leis an spéis seo a léiriú trí





https://www.youtube.com/watch?v=D8Q1XQmFpsA




thionscadal a chistigh Scéim Deontais Pobail na Comhairle Oidhreachta agus a bhí faoi stiúir Thascfhórsa Athbheochana Bhaile Thiobraid Árann i gcomhar le hIonad Oidhreachta Tipperary Excel. Rinneadh scannán faoin tionscal lámhainní i mBaile Thiobraid Árann chomh maith le hathléiriú gearr drámatúil.

Taispeánadh an scannán den chéad uair i Meán Fómhair 2022 os comhair lán tí ag an bpictiúrlann áitiúil agus bhíothas an-tógtha leis. Tá sé ar fáil le hamharc air ar YouTube.

Is soiléir sa taispeántas, sa leabhrán agus sa scannán a rinneadh le blianta beaga anuas, go bhfuil ardmheas agus cuimhní órga ag na daoine i mBaile Thiobraid Árann ar an tionscal lámhainní. Is é an sárshaothar foirgneamh na Monarchan Lámhainní ar Shráid San Séamas, ag a bhfuil an chomhpháirtíocht idir an pobal áitiúil, Oifig Oidhreachta na Comhairle, agus an forbróir lena oidhreacht thábhachtach a chaomhnú de réir mar a dhéantar é a athbheochan mar chuid bheo de Bhaile Thiobraid Árann.




# Tionscadal Innilte Cheann Airde Móire

COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE

B'fhéidir gur baineadh siar as daoine a bhí ag siúl ar Shiúlán gleoite Aillte Airde Móire i bPort Láirge go luath i samhradh 2023 nuair a chonaic siad grúpa gabhar i ngar dóibh. Cén fáth gur tháinig tréad beag díobh i láthair go tobann i bpaiste talún taobh leis an tsiúlóid lúibe a bhfuil an-tóir uirthi?

Is é an freagra ar an gceist sin go raibh na gabhair mar chuid de thionscadal innilte caomhnaithe a d'eagraigh Bailte Slachtmhara Airde Móire, le tacaíocht ó Oifigeach Oidhreachta Phort Láirge, Bernadette Guest.

Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta é Ceann Airde Móire mar gheall ar an bhfásra uathúil aille atá ann, an fraoch cloigíneach corcra agus an t-aiteann gaelach buí ar a bhfuil cuma fhíorálainn san áireamh a chruthaíonn fraochmhá cósta. Cuireadh 175 speiceas planda i dtaifead i suirbhé luibheolaíoch a rinneadh i Meitheamh 2022 feadh an stráice de shiúlán. Is eol ní hamháin go bhfuil speicis ilchineálacha phlanda sna saghsanna seo gnáthóg ach go bhfuil líon agus réimse mór speicis éin agus inveir-teabraigh iontu freisin.

Le roinnt blianta anuas, áfach, thosaigh aiteann agus raithneach mhór ag fás go hionrach feadh an chinn tíre mar gheall ar easpa innilte.

Ba ghá rud éigin a dhéanamh leis an mborradh ionrach seo a laghdú agus le dálaí fabhracha a spreagadh go bhfillfeadh an fraochmhá chósta agus le bithéagsúlacht an tsuímh a fheabhsú freisin. Anuas air sin, b'eol go raibh marcóir neodrachta ón Dara Cogadh Domhanda, Éire 20, á cheilt ag an gcumhdach fásra ag Ceann an Ráma a bhí ina aice agus bhí fonn ar dhaoine é seo a thabhairt chun solais arís (faoi mar a bhí ag tarlú i láithreacha eile timpeall na hÉireann).

Cuireadh plean le chéile do Thionscadal Innilte Cheann Airde Móire i ndiaidh go bhfuarthas cistiú agus toiliú úinéir na talún. Thabharfaí tréad gabhar isteach leis an bhfásra i limistéar ar a ndírítear a innilt agus a shatailt i gcaitheamh tréimhse sé seachtaine ó Bhealtaine go hIúil 2023. Thitfeadh seo amach i gceapach thalún taobh le Siúlán Aillte Airde Móire chun go bhféadfadh an pobal an plean caomhantais a fheiceáil i ngníomh fad a bhí siad amuigh ag siúl.

Sholáthair an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cistiú faoi Chiste an Phlean Oidhreachta Contae.

Sholáthair an tréadaí gabhar William Walsh ó Billy's Rent a Goat ocht ngabhar innilte don cheapach 2.5 acra ar cuireadh fál leictreach grianchumhachtaithe timpeall air agus a ndearnadh monatóireacht air trí úsáid a bhaint as aip fáil.

Seiceáladh leas na ngabhar go rialta agus sásaíodh a riachtanais chothaitheach tríd an bhfásra a innilt (níor ghá beathú forlíontach a thabhairt dóibh). Rinneadh monatóireacht rialta ar an suíomh le comharthaí tearcinnilte agus/nó ró-innilte a sheiceáil.



An tréadaí gabhar William Walsh ag obair ar Cheann Airde Móire. Grianghraf: Bille Harty (Bailte Slachtmhara Airde Móire)



Ambasadóir na hIorua go hÉirinn, Mari Skäre, William Walsh agus Bille Harty (Bailte Slachtmhara Airde Móire) i rith seisiún ceisteanna agus freagraí in Aird Mhór i mBealtaine 2023. Grianghraf: Bernadette Guest

D’fhreastail William freisin ar an láthair roinnt amanna le seisiúin Cheisteanna agus Freagraí a chur ar siúl faoin tionscadal agus faoi na gabhair iad féin.

Mhúscail na Ceisteanna agus Freagraí feasacht ar an tionscadal, agus spreag siad comhráite faoi aire a thabhairt do thalamh, an bhithéagsúlacht, ár n-oidhreacht, agus ár dtimpeallacht nádúrtha agus ár n-éiceachórais.

Thug William cuairt freisin ar scoileanna áitiúla leis an tionscadal a mhíniú. Neartaíodh an ghné oideachais seo nuair a thug go leor mic léinn cuairt ar Cheann Airde Móire le hinnilt na ngabhar a fheiceáil i mbun gnímh.

Tháinig ardú suntasach ar ghníomhaíocht choisithe feadh Shiúlán Aillte Airde Móire siúl mar gheall ar fheasacht daoine ar na gabhair a bheith ar an láthair. D’fhoghlaim an pobal faoin tionscadal trí phostálacha meán sóisialta Bhailte Slachtmhara Airde Móire agus ó ailt sna meáin áitiúla, an Dungarvan Observer, an Irish Examiner, WLR FM agus Raidió Pobail Eochaille san áireamh.

Eisíodh teachtaireachtaí a mhol fad ómósach a choimeád amach ó na gabhair, madraí a choimeád ar iall, agus gan na gabhair a bheathú (ba í aidhm an tionscadail, i ndeireadh na dála, go n-íosfaidís an fásra ionrach!)

Agus más ionadh duit an fáth gur roghnaíodh gabhair don innilt caomhnaithe ag Ceann Airde Móire, is mar gheall go dtaitníonn sé leo toir adhmadacha a ithe (murab ionann agus caoirigh agus eallach). Níl stró orthu, ina theannta sin, siúl ar an talamh dhúshlánach agus tá siad áisiúil le scrobarnach a bhainistiú ar ghnáthóga oscailte, cosúil le talamh féaraigh ina bhfuil saibhreas speiceas.

Is soiléir na tairbhí a bhaineann le gabhair a bheith sa cheapach innilte i dtaobh fásra a ithe, satailt ar fhásra agus, anuas air sin, acmhainn luachmhar d’inveirteabraigh áirithe iad a salachar.

Tá éifeacht iarmhartach ag an méadú ar bhithéagsúlacht speicis phlanda, cosúil le féileacáin, beacha, ialtóga agus éin. Cruthaíonn sé éiceachóras níos sláintiúla





ní hamháin d’ainmhithe ach do dhaoine freisin mar gheall go bhfuilimid uile idirnasctha agus idirspleách mar chuid de chiorcal mór na beatha.

Ba é 2023 an chéad bhliain inar cuireadh an clár píolótach ar siúl ag Ceann Airde Móire agus glacfaidh sé roinnt blianta (a fhaide le cúig bliana, is dóchúil) sula mbeidh na torthaí caomhnaithe/bithéagsúlachta soiléir. Is eol, mar sin féin, gur chabhair an ceann tíre seo a bheith á innilt ag ainmhithe éagsúla roimhe seo le smacht a fháil ar an aiteann.

Tá súil leis freisin, de réir mar a ghlanann na gabhair níos mó aitinn agus raithneach mhór den suíomh, go nochtfar comhartha Éire 20 agus gur féidir é a athchóiriú chomh maith, a bheadh ina fhorbairt thábhachtach stairiúil agus chultúrtha. Bheadh sé ar an gcomhartha ab fhaide thoir theas i measc na gcomharthaí Éire ar thángthas orthu timpeall imeallbhord na hÉireann.

Moladh don bhliain 2024 na gabhair a úsáid d’innilt go déanach sa samhradh agus go luath san fhómhar (tugann seo tréimhse shosa don ghnáthóg agus ceadaíonn sé do bhláthanna fiáine fás, bláthú agus scaoileadh le síolta gach bliain).

Tionscadal caomhnaithe é Tionscadal Innilte Cheann Airde Móire a mhúscail samhlaíocht daoine ach ba spéisiúil gur bunaíodh é ar réiteach ón am atá imithe thart. Taispeánann seo gur fiú go mór dul i muinín na seanbhealaí le rudaí a dhéanamh, amanna.

Sampla thar a bheith dearfach é an tionscadal freisin de rannpháirtíocht an phobail le gnáthóga áitiúla a bhainistiú agus le heolaíocht saoránach. Tá súil leis gur féidir leis grúpaí pobail eile a spreagadh tabhairt faoina mhacasamhail de thionscadail ina gceantair áitiúla.

# Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí

COMHAIRLE CONTAE NA HIARMHÍ




Cuid luachmhar dár n-oidhreacht áitiúil iad ainmneacha páirceanna ach níor cuireadh go leor díobh i dtaifead go foirmiúil, agus is minic nach mbíonn aon trácht orthu ach sa traidisiún béil. Nuair a théann daoine de na glúnta aosta ar shlí na fírinne, agus nuair a thagann athrú ar úinéireacht talún, bíonn an baol ann go gcaillfear ainmneacha páirce.

Cuireadh tús le Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí mar thionscadal píolótach in 2018, a spreag gníomh i bPlean Oidhreachta na hIarmhí 2018-2023, agus leanadh leis an bplean sna blianta ina dhiaidh sin.

Tá de chuspóir aige baill an phobail a spreagadh tabhairt faoi ainmneacha páirceanna ina gceanta(i)r san Iarmhí a chur i dtaifead, chun gur féidir an chuid thábhachtach seo dár n-oidhreacht a dhoiciméadú agus, nuair is cuí, a thuiscint, sula gcaillfear í.

Is féidir le hainmneacha páirce go leor eolais a thabhairt dúinn faoinár gceantair áitiúla – an tuiscint a bhain daoine as an tírdhreach fisiciúil, a chnoic agus a loig, a shruthanna, agus a phortaigh. Insíonn sé dúinn chomh maith stair agus traidisiúin áite, idir toibreacha beannaithe agus dúnta sióg, idir seanlonnaíochtaí agus eastáit.

Bhí Oifigeach Oidhreachta na hIarmhí, Melanie McQuade, bainteach leis an tionscadal a fhorbairt agus le tacú leis óna chéim phíolótach. Ceapadh comhor-daitheoir agus bainisteoir sonraí ag tús an tionscadail agus d'oibrigh trí ghrúpa pobail ar an tionscadal.

Bhailigh agus dhoiciméadaigh gach grúpa ainmneacha na bpáirceanna ina gceantar. Bhí na hainmneacha páirceanna á ndoiciméadú ag roinnt grúpaí ar fud na hIarmhí faoi thráth luath in 2020.

Bhí cruinnithe i bpearsan, arbh iad ba mhó a chuir an tionscadal chun cinn, le cur siar de bharr srianta Covid-19. Agus tosaíodh dá bharr ag díriú ar anailís a dhéanamh ar na hainmneacha a bailíodh go dtí sin agus i dtreo taighde breise a dhéanamh. Áiríodh leis seo anailís mhionsonraithe ar Bhailiúchán Béaloidis na Scol ó na 1930idí agus ar fhoinsí scríofa eile.


Ba léir go raibh na hainmneacha a cuireadh i dtaifead sa Bhailiúchán (a n-úsáidtear go leor díobh go fóill inniu) cabhrach leis na hainmneacha a chuir oibrithe deonacha i dtaifead a thuiscint/a léirthuiscint. B'amhlaidh an cás, ach go háirithe, maidir le cleachtais feirmeoireachta stairiúla.

Mar shampla, luaitear leanlusanna in dhá ainm páirce a bailíodh i rith Thionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí agus tá cuntas ar an dá ainm seo, agus ar dhá cheann eile, i mBailiúchán Béaloidis na Scol. Tugann seo le fios gur fásadh leanlusanna, barr arbh fhíorbheag trácht air in Éirinn sular tháinig borradh faoi bheoir cheirde a tháirgeadh, fairsing go leor ag tráth éigin i gContae na hIarmhí.

Bhain anailís ar ainmneacha le gné



Grúpa Thigh Munna ag féachaint ar léarscáil do Thionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí. Grianghraf: Melanie McQuade




Suíomh gréasáin an tionscadail: https://meitheal.logainm.ie/westmeath-field-names/

Ghaeilge den tionscadal lena dheimhniú cén cinn a d'eascair as an nGaeilge. Thug Aengus Finnegan, saineolaí sa réimse seo agus comhordaitheoir an tionscadail, faoi seo.

D'eascair thart ar chúig faoin gcéad de na hainmneacha a bailíodh as an nGaeilge agus is ábhar ar leith spéise na hainmneacha seo, mar gheall nach bhfuil ach roinnt bheag cuntas ar an gcanúint Ghaeilge a labhraítí roimhe seo in go leor codanna den Iarmhí. Mar gheall gur tháinig na hainmneacha seo slán, tugtar le fios gur labhraíodh an Ghaeilge go dúchasach in go leor codanna den Iarmhí go dtí i bhfad níos déanaí ná mar a mheastar de ghnáth.

Bhí baint ag Oifigeach Oidhreachta na hIarmhí leis an tionscadal a chur chun cinn agus le rannpháirtíocht an phobail a spreagadh. Fuair sí cistiú chomh maith don tionscadal agus rinne sí comhordú le teicneoir an Chórais Faisnéise Geografaí i gComhairle Contae na hIarmhí le léarscáileanna a chló go n-úsáidfeadh na cláraitheoirí deonacha iad.

Sholáthair an Chomhairle Oidhreachta, faoi shruth cistithe an Phlean Oidhreachta Contae, an mhórchuid den chistiú don tionscadal agus thug Comhairle Contae na hIarmhí tacaíocht chistithe agus sholáthair Éire Ildánach roinnt cistiú freisin.

Cuireadh dhá leabhrán i gcló faoin tionscadal – réamhrá atá sa chéad cheann agus is nuashonrú ar thorthaí an tionscadail atá sa dara ceann. Cuireadh roinnt cainteanna ar bun maidir leis an tionscadal i rith na Seachtaine Náisiúnta na hOidhreachta in 2020, 2021 agus 2022 (tá siad ar fáil le féachaint orthu ar chainéal YouTube Chomhairle Contae na hIarmhí).

Rinneadh na hainmneacha a bailíodh go dtí seo a uaslódáil go dtí website resource. Tá project website ann freisin.

Bhí go leor spéise sna meáin sa tionscadal, gnéithe ar TG4, John Creedon's Atlas of Ireland ar RTÉ agus ar Radio Midlands 103 san áireamh. Bhí ailt in *The Irish Times*, Agriland agus in *The Westmeath Independent freisin.*

Suíomh gréasáin na n-ainmneacha a bailíodh. https://meitheal.logainm.ie/westmeath-field-names/

Suíomh gréasáin an tionscadail. http://aengusfinnegan.ie/field-names/





Cruinniú Ghrúpa an Bhaile Mhóir de chuid Thionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce na hIarmhí. Grianghraf: Aengus Finnegan

Sholáthair na hainmneacha a bailíodh go dtí seo sonraí suimiúla faoi chleachtais talmhaíochta roimhe seo agus faoi athruithe ar an tírdhreach. Mar shampla, is minic go gcuirtear móinín, a chiallaíonn portach beag, i dtaifead. I gcásanna áirithe, rinneadh na limistéir thalún seo a dhraenáil tamall siar agus ní bhíonn aon fhianaise ar dhálaí bogaigh ar ainmníodh iad i ngeall orthu.

Is féidir le hainmneacha páirce eolas a sholáthair dúinn chomh maith faoi na daoine a raibh seilbh acu ar an talamh roimhe seo – maireann a n-ainmneacha go fóill in ainm na páirce, agus d'fhéadfadh gnéithe staire áitiúla, béaloidis agus traidisiúin maireachtáil iontu freisin. Ar an iomlán, sholáthair an tionscadal bealach luachmhar le hoidhreacht ainm páirce a chaomhnú nach maireann ach sa traidisiún béil go príomha, agus léiríonn sé go soiléir freisin a fhiúntaí atá sé ár n-oidhreacht logainmneacha a chaomhnú.

# Oibreacha Caomhnaithe Chaisleán Fhiodh Ard

COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN



Caisleán Fhiodh Ard, tar éis oibreacha caomhnaithe. Grianghraf: Catherine McLoughlin

Tógadh Caisleán Fhiodh Ard, in iardheisceart Loch Garman, sa 15ú haois ar shuíomh caisleáin a bhíodh ann roimhe sin a ghabhann siar go dtí an 12ú haois. Ceaptar gur thóg Easpag Fhearna an caisleán ón 15ú haois, a rinneadh de chloch, mar áit chónaithe sa samhradh.

Coimpléasc an-tábhachtach agus uathúil meánaoiseach é agus is séadchomhartha náisiúnta an Caisleán. Teach daingnithe L-chruthach atá sa bhunstruchtúr agus tá cloigtheach ceithre stór feiceálach ann freisin.

Ghlac muintir Loftus seilbh ar Chaisleán Fhiodh Ard sa 17ú haois, a raibh seilbh acu freisin ar an áit chónaithe ghalánta ag Halla Loftus ar Leithinis Rinn Duáin. Chónaigh tionóntaí Eastát Loftus sa Chaisleán ag tráthanna éagsúla, go dtí gur tréigeadh é in 1922 agus d'imigh sé chun raice ina dhiaidh sin.

Rinneadh oibreacha caomhnaithe roimhe seo ag an gCaisleán i rith na 1990idí ach níor críochnaíodh iad. Cuireadh sconsa in airde ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta agus d'fhan seo in airde ar feadh go leor blianta.

Chonaic d'Oifigeach Oidhreachta Loch Garman, Catherine McLoughlin, gur ghá idirghabháil a dhéanamh don séadchomhartha tábhachtach seo le hé a dhéanamh sábháilte agus le hé a thabhairt ar ais i gcroílár an tsráidbhaile.

Tugadh faoi phlean bainistíochta caomhantais, ar an gcéad dul síos, don fhoirgneamh, atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Loch Garman. Cistíodh an plean seo faoin Scéim Deontais Oidhreachta Pobail, atá cistithe ar a uain sin ag an gComhairle Oidhreachta agus ag an údarás áitiúil ábhartha (sa chás seo, Comhairle Contae Loch Garman).



Lorgaíodh cistiú ar chríochnú an phlean, agus fuarthas é ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail (atá á reáchtáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta). Tá an Ciste seo i bhfeidhm chun tacú le caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí agus suíomhanna stairiúla áitiúla. Sholáthair Comhairle Contae Loch Garman cistiú freisin.





An tAire Stáit Dúlra, Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, Malcom Noonan, T.D., ag casadh le foireann an tionscadail agus ag féachaint ar na hoibreacha ag Caisleán Fhiodh Ard. Grianghraf: Liam Ryan

Sholáthair Oifigeach Oidhreachta Loch Garman na seirbhísí a theastaigh chun tabhairt faoi na hoibreacha caomhnaithe tábhachtacha.

Ba í aidhm na n-oibreacha seo iarsmaí Chaisleán Fhiodh Ard a dhaingniú agus lena cheadú an sconsa slándála a bhaint, agus rochtain phoiblí á héascú arís eile ar an gcaoi sin. Thit oibreacha caomhnaithe amach in dhá chéim i rith 2021 agus 2022. Cuireadh scafalra forleathan le taobh amuigh an Chaisleáin de réir mar a tugadh faoi na hoibreacha.

Ba pháirtí leasmhar tábhachtach é Cumann Forbartha Fhiodh Ard i rith na gcodanna uile den phróiseas. Ba shoiléir don Oifigeach Oidhreachta go raibh Caisleán Fhiodh Ard fíorthábhachtach do na daoine áitiúla agus bhí fonn an-mhór orthu agus thacaigh siad go mór le rochtain a sholáthar arís ar an séadchomhartha.

Bhí na hoibreacha críochnaithe in 2023 agus cuireadh rochtain phoiblí ar fáil arís chuig an taobh amuigh den séadchomhartha. Ní hamháin go gcruthaíonn seo tairbhe do na daoine áitiúla ach meallann sé cuairteoirí freisin chuig an sráidbhaile, mar gheall gur áit é Fiodh Ard a bhfuil an-tóir ag turasóirí agus an lucht saoire air. Bhí an-tóir ar an bhfothrach cheana féin ag turasóirí a úsáideann na limistéir ghlasa os comhair agus laistiar den fhoirgneamh le picnic a bheith acu agus lena scíth a ligean, agus tá súil leis go meallfaidh na hoibreacha caomhnaithe fiú níos mó daoine le taitneamh a bhaint as na tailte agus as na radhairc den Chaisleán.



# Tionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis

COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN



Grianghraf: Deirdre Burns

Tá roinnt de na gnáthóga is luachmhaire sna ceantair chósta i gCill Mhantáin ach tá na saincheisteanna agus na bagairtí is mó bainistíochta ag teacht aníos iontu freisin mar gheall ar an mbrú a chuireann caitheamh aimsire agus athrú aeráide orthu.

Tá triail á baint i dTionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis as sraith gníomhartha le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an taitneamhacht chósta seo a bhfuil an-tóir uirthi i gContae Chill Mhantáin i ngeall ar an dúlra agus i measc daoine.

Príomh-réadmhaoin chósta faoi úinéireacht na Comhairle iad tránna thuaidh agus theas agus dumhcha Chuan an Bhriotáis. Sainaithníodh go raibh bearna eolais ann faoi stádas na speiceas sa Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus go raibh easpa físe lena gcomhaontaítear ann chun an ghné seo de thaitneamhacht na trá a bhainistiú. Tugadh faoi i dTionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis leis an mbearna eolais seo a líonadh agus cuireadh tús leis in 2019 nuair a rinne Oifigeach Oidhreachta Chill Mhantáin, Deirdre Burns, comhordú ar chomhairle maidir le bainistíocht éiceolaíochta a chur le chéile don trá agus an córas dumhcha faoi úinéireacht na comhairle ag Cuan an Bhriotáis.

Rinneadh comhordú ar chlár oibre bliantúil ón tráth sin (2019-2023) le barr feabhais a chur ar athléimneacht éiceolaíochta agus aeráide an chórais dumhcha, le sonraí bithéagsúlachta a bhailiú, agus le feasacht agus rannpháirtíocht an phobail a mhéadú trí chlár 'Behind the Beach'. Tá an tionscadal á chistiú ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Ciste an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, agus tá tacaíocht chomhchineáil á soláthar ag Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Tá córas forleathan dumhcha i gCuan an Bhriotáis ina bhfuil pobail phlandaí a bhfuil forbairt mhaith tagtha orthu. Tá dhá phlanda sa limistéar atá á gcosaint faoin dlí, chomh maith le roinnt speicis eile phlanda nach dtagtar go minic orthu nó nach bhfuil mórán díobh ann sa tír.

Ní thagtar go minic in Éirinn ar shláinte duimhche díchailcithe, agus níor cuireadh i dtaifead í ach ag ceithre shuíomh sa tír de réir an Tionscadail Monatóireachta Dumhcha (2011). Tá trí cinn de na suíomhanna in iarthuaisceart na hÉireann, agus is é Cuan an Bhriotáis an t-aon suíomh amháin eile. Tá speicis fraoigh agus aitinn mar shaintréithe ag an saghas gnáthóige. Sainaithníodh gurbh iad na príomhbhagairtí roimh shláinte duimhche díchailcithe ag an mBriotás ná cúngú scrobarnaí agus easpa innilte.

Táthar ag dul i ngleic le stádas caomhnaithe talamh féaraigh duimhche agus sláinte duimhche díchailcithe a athchóiriú agus a fheabhsú trí bhearradh agus ceapacha innilte trialacha.

Bhain bearradh bliantúil ar fhásra le ceithre bliana anuas torthaí dearfacha amach – tá feabhas suntasach tagtha



Radharc ón aer ina léirítear an méid Draighean Mara a bhain na hoibrithe deonacha. Grianghraf: Alan Lauder



An t-imeacht 'Dawn in the Dunes' i rith Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta (Bealtaine 2022). Grianghraf: Deirdre Burns

ar an ngnáthóg dhumhcha agus tháinig laghdú ar raithneach mhór, an méadú ar éagsúlacht bhláthanna, gníomhaíocht mhéadaithe choiníní (innilt) agus tugtar níos mó fraoch cloigíneach faoi deara.

Tugadh ceapach innilte imfhálaithe isteach in 2022 agus thit innilt caomhnaithe amach trí úsáid a bhaint as eallach Droiminne i rith roinnt míonna an bhliain sin agus in 2023 freisin. Pór d'eallach beag láidir nach dtagtar go minic orthu é Droimeann nach ndéanann innilt ar fhásra róghar don talamh. Tá an pór an-oiriúnach don ghnáthóg seo a athchóiriú dá bharr seo, anuas ar an gcur isteach a dhéanann an tsatailt.

Tá súil leis go n-eascróidh laghdú ar an gceannas atá ag an raithneach mhór sa cheapach, as córas leanúnach innilte i rith na mblianta amach romhainn, nuair a chuirtear san áireamh an méid a tharla de bharr an chórais bearrtha sa cheapach taobh leis.

Príomhchlár oibre eile i dTionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis í monatóireacht ar bhithéagsúlacht. Lean flóra agus fána saibhir ag fás i gcónaí ar an suíomh in ainneoin gur baineadh úsáid fhorleathan taitneamhachta as agus na feirmeoireachta atá á déanamh taobh leis.

Thit ceardlanna taifeadta luibheolaíochta, taifeadta agus sainaitheanta féileacán, agus turais allamuigh sainaitheanta éan uile amach i rith an tionscadail, anuas ar laethanta oibrithe deonacha draighean mara le speiceas atá ina speiceas ionrach a bhaint agus a chur i dtaifead.

Gné thábhachtach den tionscadal í rannpháirtíocht an phobail. Thit siúlóid cheiliúr na camhaoire amach in 2022 mar chuid de ghníomhaíochtaí Sheachtain na Bithéagsúlachta agus seoladh clár tiomnaithe imeachtaí pobail 'Behind the Beach' de théama bithéagsúlachta níos déanaí sa samhradh ag Cuan an Bhriotáis. I measc na n-imeachtaí a thit amach le déanaí bhí ceardlann féileacán, turas allamuigh agus ceardlann éan imirceach, glantachán dumhcha ag oibrithe deonacha, agus ceardlann 'Dumhcha Dinimiciúla'.





An Buirnéad Sébhallach, ceann de na speicis a dtagtar orthu ag Cuan an Bhriotáis.
Grianghraf: Justin Ivory

Príomhghné eile de Thionscadal Caomhnaithe Chuan an Bhriotáis a bhí i mbrandáil nua a fhorbairt. Tabharfar léirmhíniú agus comharthaíocht nua isteach go luath, a thugann chun solais i measc cuairteoirí tábhacht éiceolaíochta na gceantar cósta agus iompar a athrú le himeacht ama leis an mbrú ag caitheamh aimsire a laghdú atá ar ghnáthóga íogaire. Bíonn thart ar 100,000 cuairteoir sa bhliain sa suíomh, a mbíonn an formhór díobh ann i rith an bhuaicshéasúir, agus eascraíonn brúnna ar an gcóras dumhcha agus ar an timpeallacht nádúrtha, agus saincheisteanna bainistíochta as seo a bhaineann le bruscar, dumpáil, dóiteáin, etc.

Ar cheann de na dúshláin ba mhó a bhí roimh an tionscadal bhí an díriú a aistriú ó Chuan an Bhriotáis a bhainistiú mar díreach taitneamhacht trá go dtí



An Glasán i ndumhcha - a chonacthas i rith ceardlann féileacán i Lúnasa 2022. Grianghraf: Justin Ivory

bithéagsúlacht agus fiadhúlra a chur san áireamh freisin. Ar ámharaí an tsaoil, is léir go bhfuil an t-aistriú sin ag tarlú mar gheall ar an gclár oibreacha atá i bhfeidhm agus go háirithe mar gheall ar rannpháirtíocht agus ar ghné for-rochtana an tionscadail.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**T** +353 56 777 0 777 | **E** mail@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie

© An Chomhairle Oidhreachta | The Heritage Council 2023.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den leabhar seo a chló nó a atáirgeadh nó a úsáid ar aon bhealach leictreonach, meicniúil, nó eile, a bhfuiltear eolach air anois nó a cheapfar amach anseo, fótachóipeáil nó ceadúnas le cóipeáil shrianta a cheadú in Éirinn san áireamh. Arna eisiúint ag Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta, Ionad na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Arna fhoilsiú ag an gComhairle Oidhreachta. Sraith Chomhairle Oidhreachta na hÉireann.

Design: Paul O'Connor - judodesign.com

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland